Staidéar Gnó an Teastais Shóisearaigh

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Réamhrá

Forbraíodh an fillteán agus dlúthdhiosca seo mar thoradh ar sheimineár do mhúinteoirí gnó an Teastais Shóisearaigh a d'eagraigh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG) in Aibreán 2005.
Ba mhaith le COGG buíochas a ghabháil leis na múinteoirí a d'fhreastail ar an seimineár agus leo siúd a d'ullmhaigh ábhar don tionscadal. Tá buíochas ar leith ag dul do Phól Ó Mongáin dá pháirt in ullmhú an ábhair. Is mian le COGG buíochas a ghabháil le hOrlaith O'Connor, Cigire Sinsearach sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta, dá tacaíocht freisin.

Tá nótaí, bileoga oibre agus ceisteanna ó pháipéir scrúduithe 2002 – 2005 san fhillteán, leagtha amach de réir na topaicí sa siollabas.

Tá leagan leictreonach den ábhar ar fáil ar an dlúthdhiosca, chomh maith le bailiúchán d'iar-pháipéir scrúduithe ina n-iomláine ó 2002 – 2006. Is féidir na nótaí a íoslódáil ón suíomh gréasáin www.cogg.ie freisin.

Táthar ag súil go leanfar leis an gcomhoibriú idir COGG agus múinteoirí gnó chun áiseanna eile a fhorbairt do dhaltaí an Teastais Shóisearaigh sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

An Chéad Fhoilsiú: 2006
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
22, Plás Mhic Liam,
Baile Átha Cliath 2
Fón: 01 634 0831
Ríomhphost: eolas@cogg.ie
Suíomh gréasáin: www.cogg.ie

Clár

Tá an t-ábhar seo leagtha amach mar atá an siollabas do Staidéar Gnó an Teastais Shóisearaigh, atá le híoslódáil ón suíomh gréasáin www.ncca.ie.

Cuid 1: Gnó an Teaghlaigh

Ioncam 2
Caiteachas 3
Buiséadú 5
Buiséad Teaghlaigh – Ceisteanna Scrúduithe 8
An Tomhaltóir 21
An Tomhaltóir – Ceisteanna Scrúduithe 30
Airgead agus Baincéireacht 33
Iasachtaí 39
Coigilt agus Infheistiú 40
Baincéireacht & Iasachtaí – Ceisteanna Scrúduithe 45
Árachas 55
Árachas – Ceisteanna Scrúduithe 63

Cuid 2: Feasacht Eacnamaíochta

Eacnamaíocht – Réamhrá 67
An Buiséad Náisiúnta 68
Trádáil Eachtrach..... 74
Eacnamaíocht – Ceisteanna Scrúduithe 85
Cineálacha Gnó & Bunú Cuideachta 89
Cineálacha Gnó & Foirmeacha Úinéireachta – Ceisteanna Scrúduithe 91
An Plean Gnó 95
Foinsí Airgeadais 97
Airgeadas Gnó & Iasachtaí – Ceisteanna Scrúduithe 100
Cumarsáid 102
Daoine ag Obair 103
Daoine ag Obair – Ceisteanna Scrúduithe 109
Caidreamh Tionsclaíoch 117
Caidreamh Tionsclaíoch – Ceisteanna Scrúduithe 118

Cuid 3: Fiontraíocht agus Leabharchoimeád

Margaíocht 120
Margaíocht – Ceisteanna Scrúduithe 122
Córais Sheachadta 125
Córais Sheachadta – Ceisteanna Scrúduithe 133
Idirbhearta Gnó & Doiciméid Ghnó 136
Idirbhearta Gnó & Doiciméid Ghnó – Ceist.Scrúd..... 141
Gnó a mheas 161
Gnó a mheas – Ceisteanna Scrúduithe 164
Sócmhainní, Dliteanais agus Caipiteal 166
Cuntais Chríochnaitheacha & Clár Comhardaithe – C.Scrúd..... 167
Cuntais Chlub – Ceisteanna Scrúduithe 176
Cuntais Fheirme – Ceisteanna Scrúduithe 180
Leabhar Túsiontrála & Mórleabhar – Ceist.Scrúd..... 181
Mionairgead – Ceisteanna Scrúduithe 185
Leabhar Airgid Miondealaithe & Monatóireacht ar Fhorchostais – Ceisteanna Scrúduithe 187
Réamhaisnéis Sreafa Airgid – Ceist. Scrúd..... 188

Cuid 4: Teicneolaíocht Faisnéise

Teicneolaíocht Faisnéise 191
Bileog Oibre 193
Ceisteanna Scrúduithe 194

Cuid 1

Gnó an Teaghlaigh

Ioncam 2
Caiteachas 3
Buiséadú 5
Buiséad Teaghlaigh – Ceisteanna Scrúduithe 8
An Tomhaltóir 21
An Tomhaltóir – Ceisteanna Scrúduithe 30
Airgead agus Baincéireacht 33
Iasachtaí 39
Coigilt agus Infheistiú 40
Baincéireacht & Iasachtaí – Ceisteanna Scrúduithe ... 45
Árachas 55
Árachas – Ceisteanna Scrúduithe 63

Buiséad Teaghlaigh: Ioncam

Is éard is ioncam ná airgead a fhaightear.
Faigheann daoine/grúpaí éagsúla airgead ó fhoinsí éagsúla agus i bhfoirmeacha éagsúla, mar atá léirithe sa tábla seo:

Fostaí/ An Teaghlach	Dalta	Duine Dífhostaithe
• Pá/Tuarastal • Ragobair • Bónas • Sochair Comhchineálacha/ Peorcaisí • Liúntas Leanaí	• Airgead Póca • Pá ó obair pháirtáimseartha	• Sochar Dífhostaíochta
Pinsinéir	**Comhlacht**	**An Rialtas**
• Pinsean stáit • Pinsean príobháideach	• Díolacháin • Deontais Rialtais	• Cáin • Deontais ón AE • CBL

Téarmaí Tábhachtacha

Ragobair – Seo obair sa bhreis a dhéanann fostaí thar a ghnáthuaireanta oibre. Íoctar ráta pá níos airde ná an gnáthráta pá.
M/sh. am go leith.
Bónas – Seo íocaíocht bhreise a fhaigheann fostaí ag amanna áirithe. M/sh.: Bónas Nollag
Sochair Comhchineálacha – Seo tairbhí/nithe *neamhairgid* a fhaigheann fostaí ón bpost. Tugtar **peorcaisí** orthu seo chomh maith.
M/sh.: Carr comhlachta
Liúntas Leanaí – Seo íocaíocht a thugann an rialtas do thuismitheoirí. Braitheann méid na híocaíochta ar líon agus aoiseanna na bpáistí.
Sochar Dífhostaíochta – Seo íocaíocht a thugann an rialtas dóibh siúd atá dífhostaithe.
Pinsean Stáit – Seo íocaíochtaí rialta a thugann an rialtas do dhaoine atá thar 65 bliain d'aois.
Pinsean Príobháideach – Seo nuair a dhéanann duine airgead a chur i dtaisce le hinstitiúid nó comhairleoir airgeadais óna thuarastal ar feadh a saoil oibre, agus bíonn ciste airgid ann dó/di nuair a éiríonn sé/sí as an bpost.

Nótaí Breise

Buiséad Teaghlaigh: Caiteachas 1

Caiteachas: airgead a chaitear ar earraí/seirbhísí a cheannach
Is féidir caiteachas tí a roinnt i dtrí chineál:

Caiteachas Seasta	**Caiteachas Neamhrialta**	**Caiteachas discréideach (lánroghnach)**
Caiteachas ar earraí/seirbhísí ina mbíonn suim seasta íochta amach ar dháta cinnte ar bhonn rialta. Samplaí: • Morgáiste • Cíos • _____ • _____ • _____	Caiteachas ar earraí/seirbhísí ina n-athraíonn an tsuim atá le híoc agus an uair ina mbíonn sé le híoc. Samplaí: • Grósaeireacht • Costais gluaisteáin • _____ • _____ • _____	Caiteachas ar earraí/seirbhísí ina mbíonn sé de rogha ag an tomhaltóir é a dhéanamh. Samplaí: • Laethanta saoire • DVDanna • _____ • _____ • _____

Téarmaí Tábhachtacha
Caiteachas
Caiteachas seasta
Caiteachas neamhrialta
Caiteachas discréideach

Daoine Tábhachtacha
Dalta
Pinsinéir
Duine dífhostaithe
Comhlacht
An Rialtas

Gníomhaíochtaí Tábhachtacha
Caiteachas = earraí/seirbhísí a cheannach.
Buiséadú = pleanáil chun an leas is fearr a bhaint as an airgead bhíonn agat

Cad air a chaithimid airgead?
Caitheann **an duine aonair/an teaghlach** airgead ar mhorgáiste, grósaeireacht, éadaí, siamsaíocht…. agus araile.
Caitheann **dalta** airgead ar:
Caitheann **duine dífhostaithe** airgead ar :
Caitheann **pinsinéir** airgead ar :
Caitheann **comhlacht** airgead ar :
Caitheann **an Rialtas** airgead ar :

Buiséad Teaghlaigh: Caiteachas 2

Pointí le coimeád i gcuimhne:

Deischostas: Bíonn ioncam teoranta ag tomhaltóir ach bíonn na mílte riachtanais agus teastálacha aige/aici. Mar sin bíonn ar thomhaltóir roghnú idir cheannach earraí/seirbhísí áirithe toisc nach féidir gach earra/seirbhís a cheannach.
Mar shampla: Tá €60 ag Pól. Tá sé i gceist aige cluiche X-Box a cheannach nó péire jeans ach ní féidir leis an dá rud a cheannach. Bíonn air rogha a dhéanamh eatarthu. Sa deireadh roghnaíonn sé an cluiche X-Box a cheannach. An costas airgeadais air seo ná €60 ach an deischostas air ná bheith ag maireachtáil gan an péire jeans.

Ceannach Taghdach: Seo ag ceannach earraí/seirbhísí gan smaoineamh faoi, gan pleanáil roimh ré bheith déanta. Ceannach ar an spota nó tobcheannach a thugtar air seo chomh maith.
Mar shampla:

_____

_____

_____

Bréag-bharainneacht (False Economy) : Seo píosa caiteachais a bhreathnaíonn mar mhargadh (deal) maith ach sa deireadh thiar d'fhéadfadh sé bheith mar drochmhargadh.
Mar shampla: Cosnaíonn pionta bainne amháin €0.60 ach i siopa áirithe is féidir 4 phionta bainne a cheannach ar €2. Breathnaíonn seo mar 'deal' níos fearr ach ní hé más rud é nach bhfuil ach pionta amháin á theastáil. Is bréagbharainneacht é.

Téarmaí Tábhachtacha

Deischostas
Ceannach Taghdach
Bréag-bharainneacht

Daoine Tábhachtacha

Tomhaltóir: duine a cheannaíonn earraí/seirbhísí.

Gníomhaíochtaí Tábhachtacha
Deischostas – ag roghnú
Ceannach Taghdach – ag ceannach gan smaoineamh
Bréagbharainneacht – ag ceannach rud nach bhfuil uait toisc go bhfuil sé saor.

Nótaí Breise

Buiséad Teaghlaigh: An Próiseas 1

Buiséadú: Ioncam & Caiteachas

Caiteachas Seasta + Cait. Neamhrialta + Cait. Lánroghnach
= **Caiteachas Iomlán**

Ioncam Iomlán - Caiteachas Iomlán = **Airgead Glan**

Airgead Glan + Airgead Tosaigh = **Airgead Deiridh**

Téarmaí Tábhachtacha

- **Ioncam**
- **Caiteachas**
  - Seasta
  - Neamhrialta
  - Lánroghnach (Discréideach)

Tabhair samplaí de chaiteachas.

Caiteachas Seasta:

Caiteachas Neamhrialta:

Caiteachas Discréideach:

Buiséad Teaghlaigh: An Próiseas 2

An Buiséad a Phleanáil: Na Céimeanna

- Déan cuntas ar an ioncam iomlán atá beartaithe (pleanáilte): ioncam rialta agus ioncam breise san áireamh.
- Déan cuntas ar an gcaiteachas iomlán atá beartaithe; ná déan dearmad ar chaiteachas seasta, neamhrialta agus lánroghnach.
- Bain an caiteachas iomlán atá beartaithe den ioncam iomlán atá beartaithe.
- Tugtar airgead glan ar an difríocht idir ioncam agus caiteachas. Má tá ioncam níos mó ná caiteachas, tá barrachas ann; má tá caiteachas níos mó ná ioncam, tá easnamh/ganntanas ann.

Buiséad

Níl i mbuiséad ach meastachán (estimate) d'ioncam agus de chaiteachas éagsúil le haghaidh seachtaine, míosa nó bliana.
Is féidir meastachán a dhéanamh trí féachaint siar ar an ioncam agus ar an gcaiteachas a bhí ann, agus iad a athrú don am atá le teacht.

Nótaí Breise

Ioncam & caiteachas: Bileog Oibre

Ainm: _____ **Dáta:** _____

Liostaigh foinsí ioncaim agus caiteachais a bhíonn ag teaghlach agus ag comhlacht / gnó

Teaghlach		**Comhlacht / gnó**	
Ioncam		**Ioncam**	
Ioncam seasta	Ioncam neamhrialta	Ioncam seasta	Ioncam neamhrialta
Caiteachas		**Caiteachas**	
Caiteachas seasta	Caiteachas neamhrialta	Caiteachas seasta	Caiteachas neamhrialta

Cad is brí le hairgead glan (*net cash)*?

_____

_____

_____

Cad a tharlaíonn nuair a bhíonn caiteachas níos mó ná ioncam?

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Buiséad Teaghlaigh - Ceisteanna Scrúduithe

Buiséad Teaghlaigh – Gnáth Leibhéal 2002

Buiséad Theaghlaigh – Gnáth Leibhéal 2003

Buiséad Teaghlaigh – Gnáth Leibhéal 2004

Buiséad Teaghlaigh – Gnáth Leibhéal 2005

Buiséad Theaghlaigh agus Seiceanna – Ard Leibhéal 2002

Buiséad Theaghlaigh – Ard Leibhéal 2003

Buiséad Theaghlaigh – Ard Leibhéal 2004

Buiséad Theaghlaigh – Ard Leibhéal 2005

Buiséad Teaghlaigh – Gnáth Leibhéal 2002

Seo thíos Buiséad Mhuintir Ailín do na ceithre mhí thosaigh de 2003. Ba é an tAirgead Tosaigh ar láimh ná €420**.**

Ioncam Pleanáilte

- Tuilleann Micheál Ó hAilín €2,000 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aige le haisíoc cánach de €400 i Mí Feabhra.
- Tuilleann Frances Uí Ailín €2,150 glanphá in aghaidh na míosa.
- Tá súil ag an teaghlach díbhinn €1,800 glan ar scaireanna a fháil i Mí Márta.

Caiteachas Pleanáilte

- Ardófar an morgáiste tí €700 in aghaidh na míosa de €40 in aghaidh na míosa ó 1 Márta 2003.
- Tá an phréimh árachais tí, €360 in aghaidh na bliana, iníoctha go míosúil ó Mí Eanáir. Íocann Muintir Ailín árachas sláinte de €65 in aghaidh na míosa. Tiocfaidh ardú air sin go €75 in aghaidh na míosa ó thús Márta.
- Cosnóidh aisíocaíochtaí ar iasacht chairr Mhíchil (nach foláir a bheith íoctha in iomláine ag deireadh mhí Feabhra) €250 sa mhí go dtí sin.
- Is iad na costais teaghlaigh de ghnáth ná €760 in aghaidh na míosa ach amháin i Mí Márta nuair a bheidh siad €400 níos lú.
- Beidh costais reatha gluaisteáin de €150 in aghaidh na míosa ar Mhicheál agus de €175 ar Frances.
- Ceaptar gur €220 i mí Feabhra agus €230 i Mí Aibreáin a bheidh ar bhillí BSL do theas agus do sholas agus beidh gá le líonadh ola teasa ar chostas €550 i Mí Márta.
- Tá teileafón baile agus dhá theileafón ghluaisteacha ag Muintir Ailín.
- Ceaptar gur €195 i Mí Feabhra agus €170 i Mí Aibreáin a bheidh sa bhille don teileafón baile. Tá an bille do na teileafóin ghluaisteacha iníoctha gach mí agus ceaptar gur €80 sa mhí a bheidh ann.
- Tá saoire a chosnaíonn €7,000 in áirithe ag an teaghlach. Ní mór dóibh éarlais de €2,000 a íoc leis na gníomhairí taistil i Mí Eanáir agus an fuílleach i Mí Márta.
- Cosnóidh siamsaíocht €300 gach mí ach amháin i Mí Márta nuair a chosnóidh sí €100 níos lú.

(A) Comhlánaigh go hiomlán foirm do bhuiséad teaghlaigh ag baint úsáide as na figiúirí ar fad thuas. **(50)**

(B) Tuilleann Frances Uí Ailín €2,150 glanphá in aghaidh na míosa. Más iad a cuid asbhaintí go hiomlán €650 in aghaidh na míosa, cad é a pá comhlán? **(5)**

(C) Cé mhéad in aghaidh na bliana a cheapann an teaghlach a bheidh le híoc acu as úsáid a bhaint as an dá theileafón ghluaisteacha? **(5)**

(60 marc)

Buiséad Theaghlaigh – Gnáth Leibhéal 2003

Seo thíos buiséad Mhuintir Bhroin do na ceithre mhí dheiridh de 2003:
Ba é an tAirgead Tosaigh ar láimh ná €960.

Ioncam Pleanáilte

- Tuilleann Liam Ó Broin €2,500 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aige le bónas de €800 i Mí Dheireadh Fómhair.
- Tuilleann Carol Uí Bhroin €2,750 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aici le bónas Nollag de €500 i Mí na Nollag.
- Is é an liúntas leanaí ná €530 in aghaidh na míosa.

Caiteachas Pleanáilte

- Ardófar an morgáiste tí atá €950 in aghaidh na míosa faoi láthair de €50 in aghaidh na míosa ó 1 Mí na Samhna 2003.
- Tá an phréimh árachais tí, €660 in aghaidh na bliana, iníoctha go míosúil ó Mhí Mheán Fómhair.
- Is é árachas gluaisteáin bliantúil Liam ná €785. Is é árachas gluaisteáin bliantúil Charol ná €640. Tá an dá cheann iníoctha i Mí Dheireadh Fómhair.
- Is iad na costais teaghlaigh de ghnáth ná €1,200 in aghaidh na míosa ach amháin i Mí na Nollag nuair a bheidh siad €1,000 níos mó.
- Beidh costais reatha ghluaisteáin de €250 in aghaidh na míosa ar Liam agus €295 ar Charol.
- Cosnóidh leabhair scoile don teaghlach €800 i Mí Mheán Fómhair.
- Ceaptar gur €340 i Mí Dheireadh Fómhair agus €570 i Mí Nollag a bheidh ar bhillí BSL do theas agus do sholas agus beidh gá le líonadh ola teasa ar chostas €850 i Mí na Samhna.
- Ceaptar go mbeidh €250 i Mí Mheán Fómhair agus i Mí na Samhna ar bhillí teileafóin don teach agus beidh €195 in aghaidh na míosa ar theileafóin ghluaiseachta don teaghlach go léir.
- Cosnóidh bronntanais do chóisirí lá breithe €300 i Mí Mheán Fómhair agus €500 i Mí Dheireadh Fómhair agus cosnóidh Bronntanas Nollag €3,000.
- Cosnóidh siamsaíocht €600 in aghaidh na míosa ach amháin i Mí na Nollag nuair a chosnóidh sé €950 breise.

(A) Comhlánaigh go hiomlán foirm do bhuiséad teaghlaigh ag baint úsáide as na figiúir ar fad thuas. **(50)**

(B) Mínigh cad is brí le "Morgáiste Tí". **(5)**

(C) Tá ticéid do chluiche Ceannais na hÉireann sa pheil ceannaithe ag Muintir Bhroin. Abair cé acu an bhfuil an caiteachas seo seasta, neamhrialta nó roghnach. **(5)**

(60 marc)

Buiséad Teaghlaigh – Gnáth Leibhéal 2004

Seo thíos buiséad do Mhuintir Uí Chathasaigh do na ceithre mhí thosaigh de 2004:
Is é an tAirgead Tosaigh ar Láimh ná €170.

Ioncam Pleanáilte

- Tuilleann Brian Ó Cathasaigh €1,900 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aige le haisíoc cánach de €800 i mí Feabhra.
- Tuilleann Deirdre Uí Chathasaigh €1,750 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aici le hardú €400 glan in aghaidh na míosa ó 1 Márta.
- Is é an sochar leanaí ná €550 glan in aghaidh na míosa.
- Tá súil ag an teaghlach díbhinn €1200 glan ar scaireanna a fháil i mí Feabhra.

Caiteachas Pleanáilte

- Is é an Cíos Tí ná €550 in aghaidh na míosa ach tiocfaidh ardú go €650 in aghaidh na míosa air ó 1 Feabhra.
- Tá an phréimh árachais ar inneachair an tí, €600 in aghaidh na bliana, iníochta go míosúil ó 1 Eanáir.
- Is é an t-árachas bliantúil ar ghluaisteán an teaghlaigh ná €550, atá iníochta i mí Márta.
- Bíonn costais teaghlaigh €2,100 acu in aghaidh na míosa de ghnáth ach amháin i mí Feabhra nuair a bhíonn siad €1,000 níos lú.
- Ceaptar gur €250 a bheidh ar bhillí BSL le haghaidh solais agus teasa i mí Eanáir agus €300 i mí Márta, agus beidh gá le líonadh ola teasa ar chostas €600, i mí Feabhra.
- Beidh costais reatha ghluaisteáin €400 in aghaidh na míosa acu ach amháin i mí Aibreáin nuair a bheidh costas €300 breise ar sheirbhís don ghluaisteán.
- Íocann Muintir Uí Chathasaigh síntiús míosúil €30 leis an gcomhlacht teileafóin as úsáid an Idirlín (www). Lena chois sin, ceaptar go mbeidh €150 ar an ngnáthbhille teileafóin don teach i mí Feabhra agus €200 i mí Aibreáin.
- Tá saoire in áirithe ag an teaghlach a chosnóidh €2,500 i rith an bhriseadh scoile i mí Feabhra.
- Cosnóidh siamsaíocht €800 gach mí ach amháin i mí Feabhra nuair a chosnóidh sí €300.

(A) Comhlánaigh foirm do bhuiséad teaghlaigh ag baint úsáide as na figiúirí go léir thuas. **(50)**

(B) An le Muintir Uí Chathasaigh an teach ina gcónaíonn siad? Luaigh cúis amháin le do fhreagra. **(5)**

(C) Cé mhéad a thuillfidh Deirdre Uí Chathasaigh sa bhliain iomlán (2004) mura bhfuil aon athrú eile ina tuarastal? **(5)**

(60 marc)

Buiséad Teaghlaigh – Gnáth Leibhéal 2005

Seo thíos buiséad do mhuintir Uí Churraoin do na ceithre mhí, ó Bhealtaine go Lúnasa, 2005.
Is é an tAirgead Tosaigh ar Láimh ná €750.

Ioncam Pleanáilte

- Tuilleann Seán Ó Curraoin glanphá €2,500 in aghaidh na míosa.
- Tuilleann Bríd Uí Churraoin glanphá €1,600 in aghaidh na míosa agus tá súil aici le €1,000 glan sa bhreis i Mí Iúil mar bhónas laethanta saoire.
- Is é an Sochar Leanaí ná €270 glan in aghaidh na míosa.

Caiteachas Pleanáilte

- Laghdóidh an morgáiste tí ó €800 in aghaidh na míosa go dtí €750 in aghaidh na míosa ón 1 Iúil.
- Is é an táille árachas tí ná €960 in aghaidh na bliana agus tá sé iníoctha gach mí ón 1 Bealtaine.
- Íocann Muintir Uí Churraoin árachas sláinte de €170 in aghaidh na míosa. Méadóidh sé seo de €20 in aghaidh na míosa ón 1 Iúil.
- Bíonn costais teaghlaigh €1,300 in aghaidh na míosa orthu, de ghnáth, ach amháin i mí Lúnasa nuair a bhíonn siad €600 níos lú.
- Úsáideann Muintir Uí Churraoin an córas iompair poiblí chun dul ar obair. Cosnaíonn ticéad traenach Sheáin €150 in aghaidh na míosa agus cosnaíonn ticéad comhcheangailte Bus/Luas Bhríde €80 gach mí.
- Ceaptar go mbeidh €340 ar an mbille BSL i mí an Mheithimh agus €290 i mí Lúnasa le haghaidh solais agus teasa.
- Ceaptar go mbeidh €220 ar an mbille teileafóin i mí Bealtaine agus €280 i mí Iúil. Chomh maith leis sin beidh €160 in aghaidh na míosa ar bhillí fón póca don chlann uile.
- Tá saoire in áirithe ag an teaghlach a chosnóidh €2,900. Caithfidh siad eárlais de €500 a íoc leis na gníomhairí taistil i mí Bealtaine, gala €500 eile a íoc i mí Iúil agus an fuílleach i mí Lúnasa.
- Cosnóidh siamsaíocht €900 gach mí ach amháin i mí Iúil, nuair a chosnóidh sí €500 sa bhreis.

(A) Comhlánaigh foirm do bhuiséad teaghlaigh ag baint úsáide as na figiúirí uile thuas. **(50)**

(B) Gan trácht ar airgead tirim nó seic, ainmnigh dhá shlí eile inar féidir le Muintir Uí Churraoin a mbillí BSL a íoc. **(5)**

(C) Tá sé ar intinn ag Muintir Uí Churraoin an seomra cónaithe a phéinteáil i mí Meán Fómhair ar chostas €750. Luaigh cé acu a mbeidh an caiteachas seo seasta, neamhrialta, nó roghnach. Mínigh do fhreagra. **(5)**

(60 marc)

Buiséad Theaghlaigh agus Seiceanna – Ard Leibhéal 2002

(A) Leis seo, tá achoimre nach bhfuil críochnaithe de bhuiséad teaghlaigh Mhuintir Laoire do na míonna, Eanáir go hAibreán. Iarrtar ort an buiséad seo a chomhlánú trí na figiúirí i gcolún an "Iomlán" a líonadh isteach chomh maith leis na figiúirí atá in easnamh do "Eisíocaíochtaí Iomlána, Airgead Glan, Airgead Tosaigh agus Airgead ar Deireadh".
Ar an 1 Eanáir, bhí airgead ar láimh de €127 ag Muintir Laoire.

(11)

(B) Freagair na ceisteanna seo a leanas

- Cad is buiséad ann?
- Cén t-eolas is féidir a fháil as buiséad a ullmhú?
- Ainmnigh mí ar bith a bhfuil sé i gceist ag Muintir Laoire iasacht/rótharraingt a bheith acu agus luaigh méid na hiasachta.
- Ainmnigh mí ar bith a bhfuil sé i gceist ag Muintir Laoire easnamh a bheith acu.
- An raibh sé i gceist ag Muintir Laoire maireachtáil laistigh dá n-ioncam i rith na tréimhse Eanáir go hAibreán? Tabhair cúis led fhreagra.

(15)

(C) Freagair an cheist seo a leanas sa spás atá ar fáil.
Tá carr ag Muintir Laoire. Taispeáin, trí tic a chur sa bhosca cuí, cé acu an rangófaí na speansais seo a leanas mar Seasta, Mírialta nó Roghnach ina mbuiséad: Deisiúcháin Chairr, Cáin Bhóthair, Clúdaigh Nua Shuíochán, Peitreal.

(4)

(D) Ar an 2 Feabhra 2002 d'íoc Fiona Uí Laoire €386 le seic mar árachas tí le Guardian Insurance Teo. Ó cuireadh an seic sa phost, bheartaigh sí é a dhéanamh chomh sábháilte agus a b'fhéidir.

Comhlánaigh an seic agus an comhdhuille den 2 Feabhra 2002 ag baint úsáide as an doiciméad bán atá ar fáil ag deireadh Roinn A, leathanach 9. Déan an seic chomh sábháilte agus is féidir.

(10)

(40 marc)

Buiséad Theaghlaigh agus Seiceanna – Ard Leibhéal 2002 (Doiciméid)

Achoimre ar Bhuiséad Mhuintir Laoire, Eanáir go hAibreán.

	Ean.	Feabh.	Márta	Aibr.	Iomlán
Ioncam Iomlán	1,250	1,250	1,350	1,375	
Caiteachas Iomlán	875	1,438	1,421	1,079	
Coigealtas	100	100	100	100	
[Caiteachas móide coigealtas] **Eisíocaíochtaí Iomlána**	975				
Airgead Glan					
Airgead Tosaigh					
Airgead Deiridh					

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí le taispeáint cé acu a bhfuil na speansais chairr atá liostaithe thíos Seasta, Mírialta nó Roghnach.

Speansais Chairr	Seasta	Mírialta	Roghnach
Deisiúcháin			
Cáin Bhóthair			
Clúdaigh Nua Shuíochán			
Peitreal			

Dáta _____

Íoc _____

Iarmhéid
t/a €227- _____

€

Míreanna
Eile _____

Iarmhéid
t/s _____

002192

Banc Uladh

Gort

98-63-20

Dáta _____

Íoc _____ nó ordú

_____ €

_____

_____

Seic. Uimh. 002192 *Cód Sortála* 98 6380 *Uimh.Chuntais* 48749022 02

Buiséad Theaghlaigh – Ard Leibhéal 2003

A. Leis seo, tá foirm Bhuiséid phearsanta do Mhuintir Phluincéid do 2003 nach bhfuil críochnaithe. Iarrtar ort an fhoirm seo a chomhlánú trí na figiúirí don cholún "Meastachán Aibreán go Nollaig" a líonadh, chomh maith leis an gcolún "Iomlán don bhliain". Ba cheart an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh.

- Tá súil ag Seosamh le €120 breise a thuilleamh ar ragobair i nDeireadh Fómhair agus Samhain agus gheobhaidh sé bónas laethanta saoire de €400 i Meitheamh 2003.
- Beidh Máire ag postroinnt ó 1 Deireadh Fómhair agus beidh laghdú de 40% ar a tuarastal dá bharr sin.
- Tiocfaidh ardú ar shochar leanaí go €110 in aghaidh na míosa ó 1 Iúil 2003.
- Beidh an morgáiste tí íoctha go hiomlán tar éis íocaíocht Mheán Fómhair.
- Tá an t-árachas gluaisteáin iníoctha go míosúil agus tiocfaidh ardú air ó 1 Meán Fómhair go €50 in aghaidh na míosa.
- Seasfaidh speansais teaghlaigh ar an leibhéal céanna go dtí deireadh Mheán Fómhair agus tiocfaidh ardú orthu de 10% ó thús Deireadh Fómhair 2003.
- Ceaptar go seasfaidh costais reatha gluaisteáin ag €90 in aghaidh na míosa chomh maith le costas breise de €160 i Mí Iúil le haghaidh bonn nua agus costas seirbhíse don ghluaisteán de €130 i Samhain 2003.
- Meastar €680 a bheith ar BSL (ESB) don 12 mhí Ean. - Noll. 2003.
- Íoctar as an teileafón gach dara mí agus meastar go seasfaidh an costas ar an leibhéal céanna le tús na bliana.
- Ceaptar go gcosnóidh bronntanas pósta €130 i mBealtaine agus bronntanais Nollag €280 i Mí na Nollag.
- Beidh costas €180 ar an meán in aghaidh na míosa ar shiamsaíocht don 9 mí atá fágtha sa bhliain.
- Meastar go gcosnóidh laethanta saoire teaghlaigh €1,500 i Mí Iúil.

(30)

B. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) As **na trí mhí tosaigh den bhliain**, ainmnigh mí ar bith a raibh orthu iasacht a fháil agus an méid a fuair siad ar iasacht.

(4)

(ii) Luaigh **dhá** chúis go ndéanfadh teaghlach éileamh faoin bpolasaí árachais tí.

(6)

(40 marc)

Buiséad Theaghlaigh – Ard Leibhéal 2003 (Doiciméid)

Buiséad Pleanáilte do Mhuintir Phluincéid.

	Ean	Feabh	Már	Iomlán Ean-Már	Meastachán Aib-Noll	Iomlán don bhliain Ean-Noll
IONCAM PLEANAILTE	€	€	€	€	€	€
Tuarastal Sheosamh	900	900	900	2,700		
Tuarastal Mháire	1,200	1,200	1,200	3,600		
Sochar Leanaí	100	100	100	300		
IONCAM IOMLAN	2,200	2,200	2,200	6,600		
CAITEACHAS PLEANAILTE						
Seasta						
Morgáiste Tí	735	735	735	2,205		
Arachas Gluaisteáin	40	40	40	120		
Cáin Ghluaisteáin Bhliantúil		315		315		
House Insurance			385	385		
Fo-Iomlán	775	1,090	1,160	3,025		
Neamhrialta						
Speansais Teaghlaigh	810	810	810	2,430		
Costais Reatha Ghluaisteáin	90	90	90	270		
Solas agus Teas	140		120	260		
Teileafóin		155		155		
Fo-Iomlán	1,040	1,055	1,020	3,115		
Roghnach						
Bronntanais	180			180		
Siamsaíocht	150	150	150	450		
Laethanta Saoire						
Fo-iomlán	330	150	150	630		
CAITEACHAS IOMLAN	2,145	2,295	2,330	6,770		
Airgead Tirim Glan	55	(95)	(130)	(170)		
Airgead Tirim Tosaigh	120	175	80	120		
Airgead Tirim Dúnta	175	80	(50)	(50)		

Buiséad Theaghlaigh – Ard Leibhéal 2004

A. Leis seo, tá foirm don chéad Bhuiséad agus don Bhuiséad athbhreithnithe do Mhuintir Uí Mhathúna ó Mhí Iúil go Meán Fómhair 2003. Tar éis an Buiséad a réiteach ó Mhí Iúil go Meán Fómhair 2003, cuireadh in iúl do Mhac Uí Mhathúna go mbeadh ardú céime ina phost le fáil aige. Bheadh méadú ar ioncam an teaghlaigh mar thoradh air sin ag tosú i Mí Iúil. Shocraigh Muintir Uí Mhathúna ar a mBuiséad a athbhreithniú de bharr a gcúinsí athraithe.

Iarrtar ort an fhoirm Bhuiséid athbhreithnithe a chomhlánú, agus iad seo a leanas a chur san áireamh:

- Beidh tuarastal bliantúil glan de €28,560 ag Mac Uí Mhathúna iníoctha go míosúil.
- Shocraigh Bean Uí Mhathúna go ndéanfadh sí postroinnt agus bheadh laghdú de 30% ar a tuarastal glan dá bharr ó thús Mhí Iúil.
- Shocraigh Muintir Uí Mhathúna an dara gluaisteán a cheannach trí iasacht eile a fháil. Is é an costas iomlán a bheidh ar an iasacht nua seo agus an t-ús san áireamh ná €12,000 iníoctha go míosúil thar 4 bliana ag tosú i Mí Lúnasa.
- Cosnóidh árachas ar an ngluaisteán nua €450 don bhliain, iníoctha i Mí Iúil.
- Tiocfaidh laghdú de €80 in aghaidh na míosa ar chostas an teaghlaigh láithreach.
- Tiocfaidh méadú ar chostais reatha ghluaisteáin de 40% in aghaidh na míosa ag tosú i Mí Iúil.
- Shocraigh siad laethanta saoire a thógáil i Mí Iúil ar chostas €1,600.
- Tá sé ar intinn acu maisiú an tí a chur siar go dtí Mí na Samhna.
- Tá gach ioncam agus speansais eile le fanacht mar a bhí siad.

(30)

B. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Sa chéad Bhuiséad ainmnigh mí ina bhfuil an t-ioncam pleanáilte níos mó ná an caiteachas atá pleanáilte.

(ii) Mínigh cúrsaí airgid Mhuintir Uí Mhathúna roimh Mhí Iúil.

(iii) An buiséad maith é an buiséad athbhreithnithe dá gcúinsí nua? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

(10)

(40 marc)

Buiséad Theaghlaigh – Ard Leibhéal 2004 (Doiciméid)

	AN CHEAD BHUISEAD				BUISÉAD ATHBHREITHNITHE			
	IÚIL	LÚN	M.FÓMH	IOMLAN	IÚIL	LÚN	M.FÓMH	IOMLAN
IONCAM								
Tuarastal Mhic Uí Mhathúna	1,700	1,700	1,700	5,100				
Tuarastal Bhean Uí Mhathúna	800	800	800	2,400				
Sochar Leanaí	40	40	40	120				
Ioncam Iomlán	2,540	2,540	2,540	7,620				
CAITEACHAS								
Seasta								
Mórgáiste Tí	500	500	500	1,500				
Iasacht Ghluaisteáin	230	230	230	690				
Arachas Gluaisteáin		510		510				
Arachas Tí			190	190				
Fo-Iomlán	730	1,240	920	2,890				
Neamhrialta								
Speansais Teaghlaigh	920	920	920	2,760				
Costais Reatha Ghluaisteáin	115	115	115	345				
Solas & Teas		60		60				
Teileafón	75		75	150				
Fo-Iomlán	1,110	1,095	1,110	3,315				
Roghnach								
Laethanta Saoire								
Siamsaíocht	200	200	200	600				
Laethanta Breithe & Bronntanais	40		40	80				
Maisiú Tí		175		175				
Fo-Iomlán	240	375	240	855				
Caiteachas Iomlán	2,080	2,710	2,270	7,060				
Airgead Tirim Glan	460	-170	270	560				
Airgead Tirim Tosaigh	-100	360	190	-100				
Airgead Tirim Deiridh	360	190	460	460				

Buiséad Theaghlaigh – Ard Leibhéal 2005

Nuair a scrúdaigh Muintir Uí Annáin a Leabhar Mionairgid Anailísithe ag deireadh mhí na Nollag 2004, fuair siad amach go raibh difríocht idir a n-ioncam agus a gcaiteachas iarbhír don dá mhí déag agus na figiúirí buiséadaithe de bharr iad seo a leanas:

- Laghdaigh tuarastail Mhuintir Uí Annáin de 5%.
- Tá beirt pháistí ag Muintir Uí Annáin. Mhéadaigh Sochar Leanaí le haghaidh gach páiste díobh de €15 in aghaidh na míosa.
- Bhí ús agus díbhinní €135 níos lú ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhuaigh Muintir Uí Annáin €300 i lotto an chlub spóirt áitiúil.
- Laghdaigh íocaíochtaí morgáiste de €27 in aghaidh na míosa ó 1 Márta.
- Chaill Muintir Uí Annáin a mbónas cheal éilimh €360 ar a n-árachas gluaisteáin de bharr timpiste.
- Bhí an ceadúnas teilifíse mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais teaghlaigh 7½% níos mó ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais ghluaisteáin €650 níos mó ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais solais agus teasa 6% níos lú ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais sláinte €30 in aghaidh na míosa ar an meán don bhliain.
- Chosain siamsaíocht €100 in aghaidh na míosa ar an meán ach amháin na trí mhí: Meitheamh, Lúnasa agus Nollaig, nuair a chosain sí €210 ar an meán.
- De bharr bainise, chosain bronntanais €150 sa bhreis.
- Bheartaigh an teaghlach ar shaoire deireadh seachtaine a thógáil a chosain €600, in ionad na laethanta saoire a bhí buiséadaithe acu.

A. Ag baint úsáide as an Ráiteas Comparáide Buiséid, iontráil na figiúirí cuí sa cholún '**Iarbhír**'.
Taispeáin na difríochtaí idir na figiúirí **'Iarbhír'** agus na figiúiri **'Búiséad'** sa cholún **'Difríocht'.**
Úsáid comhartha **móide** nó **lúide** roimh gach figiúr sa cholún sin.
Nóta: Úsáid an comhartha 'móide' má tá 'iarbhír' NÍOS MÓ ná an figiúir 'buiséadach'.
Úsáid an comhartha 'lúide' má tá 'iarbhír' NÍOS LÚ ná an figiúir 'buiséadach'.
Sampla:

	Buiséad	Iarbhír	Difríocht
	590	650	+ 60
	360	270	- 90
Iomlán	950	920	- 30

(22)

B. **(i)** Cé mhéad a bhí sé i gceist ag Muintir Uí Annáin a choigilt i rith na bliana 2004?
(ii) Cén fíor-iarmhéid airgid tirim deiridh a bhí acu ag deireadh na bliana 2004?
(iii) Luaigh an méid a chaith Muintir Uí Annáin anuas ar a gcaiteachas buiséadaithe.
(iv) Mínigh an téarma **'bónas cheal éilimh'.**

(10)

C. (i) Imlínigh dhá chúis a n-ullmhódh Muintir Uí Annáin buiséad.

(ii) Dá dtarlódh sé go raibh easnamh ar Mhuintir Uí Annáin don bhliain 2004, luaigh **dhá** athrú arbh fhéidir leo a dhéanamh ar a mbuiséad teaghlaigh.

(8)

(40 marc)

Ráiteas Comparáide Buiséid le haghaidh Muintir Uí Annáin don bhliain 2004

IONCAM	Buiséad Ean – Noll €	Iarbhír €	Difríocht €
Tuarastail	30,000		
Sochar Leanaí	1,200		
Ús agus Díbhinní	680		
Eile			
IONCAM IOMLÁN	31,880		
Caiteachas			
Seasta			
Morgáiste	4,950		
Árachas Gluaisteáin	600		
Ceadúnas Teilifíse	152		
Fo-iomlán	5,702		
Neamhrialta			
Costais Teaghlaigh	17,040		
Costais Ghluaisteáin	900		
Costais Solais agus Teasa	2,150		
Costais Sláinte	450		
Fo-iomlán	20,540		
Roghnach			
Costais Siamsaíochta	1,320		
Bronntanais	390		
Laethanta Saoire	1,100		
Fo-iomlán	2,810		
CAITEACHAS IOMLÁN	29,052		
Airgead Tirim Glan	2,828		
Airgead Tirim Tosaigh	400		
Airgead Tirim Deiridh	3,228		

Nóta: Ná líon na boscaí scáthaithe

An Tomhaltóir

An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980

Faoin acht seo, caithfidh earraí a bheith:

1. De mhianach inmhargaidh: caithfidh siad a bheith de cháilíocht measartha maidir leis an bpraghas a dhíoltar orthu.
2. Fóirsteanach do ghnáthchuspóir nó do chuspóir faoi leith a luann an díoltóir.
3. Ag teacht lena gcur síos i bhfógra nó i dtuairisc díoltóra má dhíoltar ar bhonn cur síos iad.
4. Cosúil le sampla más ar bhonn sampla a dhíoltar iad.

Daoine Tábhachtacha

- Tomhaltóir
- Trádálaí
- Stiúrthóir um Ghnóthaí Tomhaltóirí
- Fear an Phobail
- Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann
- Cúirt na nÉileamh Beag
- Údarás um Chaighdeán Fógraíochta na hÉireann

Téarmaí Tábhachtacha

- Branda
- Mianach inmhargaidh
- Bréagmhargadh
- Rátha
- Cúiteamh
- Tuairisc thrádála
- Barrachóid
- Admháil

Tréithe an Tomhaltóra Chiallmhair

1. Tá sé eolach ar na cearta dlíthiúla atá aige.
2. Tá eolas aige ar na heagraíochtaí atá in ann cuidiú leis má tá fadhb aige.
3. Déanann sé gach iarracht earraí atá de cháilíocht mhaith agus a bhfuil luach a bpraghas iontu a cheannach.
4. Tá sé eolach ar an háiseanna ar fad (m/sh carrchlóis, crèche, seirbhís iar-dhíola) atá á dtairiscint ag miondíoltóirí.
5. Tá a fhios aige cad iad na praghsanna éagsúla agus na táirgí éagsúla atá ar fáil.
6. Coinníonn sé admhálacha, rátha agus taifid eile sábháilte.
7. Fanann sé glan amach ó bhréagmhargadh.

An Tomhaltóir

1. Tréithe an Tomhaltóra Chiallmhair
2. Branda a Roghnú
3. Bréag mhargadh
4. Cosaint an Tomhaltóra
5. Reachtaíocht Thomhaltais

   An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980

   Rátha

   Cúiteamh

   An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (1978)

   Cionta faoin Acht

   Tuairisc Thrádála – Samplaí

6. Ag Cuidiú leis an Tomhaltóir

   An Stiúrthóir um Ghnóthaí Tomhaltóirí

   Fear an Phobail (Ombudsman)

   Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann

   Cúirt na nÉileamh Beag

   Údarás um Chaighdeán Fógraíochta na hÉireann

   Cumainn Thrádálaithe

7. Comharthaí Neamhdhlíthiúla Siopa
8. Lipéid ar Tháirgí Bia
9. Barrachóid
10. Admhálacha
11. Clamhsán a Dhéanamh

    Litir Ghearáin

12. Ceisteanna

    Gnáthcheisteanna

    Ceisteanna Scrúdaithe

An Tomhaltóir

Is tomhaltóir é duine a cheannaíonn earraí nó seirbhísí lena úsáid féin.
Is tomhaltóir tú nuair a cheannaíonn tú milseáin nó éadaí, nó nuair a théann tú chuig an bpictiúrlann.
Is tomhaltóirí iad do thuismitheoirí nuair a cheannaíonn siad earraí grósaeireachta nó peitreal.

1. Tréithe an Tomhaltóra Chiallmhair

1. Tá sé eolach ar na cearta dlíthiúla atá aige.
2. Tá eolas aige ar na heagraíochtaí atá in ann cuidiú leis má tá fadhb aige.
3. Déanann sé gach iarracht earraí atá de cháilíocht mhaith agus a bhfuil luach a bpraghas iontu a cheannach.
4. Tá sé eolach ar an háiseanna ar fad (m/sh carrchlóis, crèche, seirbhís iar-dhíola) atá á dtairiscint ag miondíoltóirí.
5. Tá a fhios aige cad iad na praghsanna éagsúla & na táirgí éagsúla atá ar fáil
6. Coinníonn sé admhálacha, rátha agus taifid eile sábháilte.
7. Fanann sé glan amach ó bhréagmhargadh.

2. Branda a Roghnú

Féachann an tomhaltóir ciallmhar ar na brandaí éagsúla de tháirge (m/sh Coca-Cola, Pepsi Cola, Virgin Cola) atá ar fáil sula ndéanann sé cinneadh táirge a cheannach. Déanann sé machnamh ar na cúiseanna a leanas:

1. Praghas gach branda
2. Cáilíocht gach branda
3. Gnéithe gach branda
4. An bhfuil ráth ag dul leis an mbranda
5. Fad an rátha má tá ráth i gceist
6. Ábhair agus breiseáin *(additives)* atá sa táirge más táirge bia é

3. Bréagmhargadh

Is bréagmhargadh é nuair a chailleann duine airgead tríd a bheith glic agus ag iarraidh airgead a shábháil, m/sh gan seirbhís bhliantúil a fháil don ghluaisteán chun €300 a shábháil ach ansin ag díol amach €5,000 nuair a theipeann go hiomlán ar an ngluaisteán.

4. Cosaint an Tomhaltóra

Blianta ó shin, ba bheag cosaint a bhí ag tomhaltóirí; ba é an príomhnós ag an am ná “Caveat Emptor – Bíodh an Ceannaitheoir ar Aire”. Anois tá dlíthe ann chun an tomhaltóir a chosaint. Tá an chosaint seo de dhíth ar thomhaltóirí mar:

- Bíonn trádálaithe mí-ionraice ann.
- Cuireann roinnt fógraíochta dul amú ar dhaoine.
- Uaireanta bíonn an córas praghsála mí-ionraic.
- Díoltar earraí nach bhfuil cáilíocht mhaith iontu.
- Díoltar earraí/seirbhísí nach bhfuil déanta i gceart ag oibrithe.

5. Reachtaíocht Thomhaltais

An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980

Faoin acht seo, caithfidh earraí a bheith:

1. De mhianach inmhargaidh - caithfidh siad a bheith de cháilíocht mheasartha maidir leis an bpraghas a dhíoltar orthu.
2. Fóirsteanach do ghnáthchuspóir nó do chuspóir faoi leith a luann an díoltóir.
3. Ag teacht lena gcur síos i bhfógra nó i dtuairisc díoltóra má dhíoltar ar bhonn cur síos iad.
4. Cosúil le sampla más ar bhonn sampla a dhíoltar iad.

I gcás seirbhísí

1. Caithfidh an duine atá ag déanamh na hoibre a bheith oilte go leor chun an obair a dhéanamh go sásúil.
2. Caithfidh sé a bheith cúramach agus é i mbun na hoibre.
3. Caithfidh páirteanna agus ábhair a úsáidtear a bheith de mhianach inmhargaidh.

Tá baint ag an achta seo le rátha freisin.

Rátha (*Ráthaíocht – Guarantee*)

Is gealltanas déantóra é ráth go ndeiseoidh sé nó go dtabharfaidh sé cinn nua ina n-áit má tá earraí fabhtach

Faoin acht, is féidir le ráth cur le cearta reachtúla an tomhaltóra; ní féidir leis baint de na cearta sin.

Má tá ráth i scríbhinn caithfidh sé an t-eolas a leanas a thabhairt:

1. Ainm agus seoladh an té atá ag tairiscint an rátha
2. Fad an rátha
3. An dóigh chun éileamh a dhéanamh

Cúiteamh

Má tá gearán ceart ag tomhaltóir tá rogha de chúitimh aige:

- Nóta Creidmheasa
- Earra nua in ionad an chinn lochtaigh
- Aisíoc
- Deisiú

Níl sé de cheart ag an tomhaltóir cúiteamh a fháil sna cásanna a leanas:

- Ní thugann siad na hearraí ar ais taobh istigh de thréimhse réasúnta
- Níl ann ach athrú intinne
- Tá siad féin freagrach as an damáiste mar gheall ar mhí-úsáid nó timpiste
- Taispeánadh an locht dóibh sular cheannaigh siad na hearraí

An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (1978)

Tá an t-acht seo ann chun tomhaltóirí a chosaint ar éilimh bhréagacha nó cama maidir le hearraí, seirbhísí agus praghsanna.

Ní thugann an t-acht seo aon chearta do thomhaltóir, ach is cion é ma bhriseann an trádálaí é.

Cionta faoin Acht

1. Tuairisc bhréagach thrádála a thabhairt maidir le hearraí/seirbhísí
2. Earraí a bhfuil tuairisc bhréagach tugtha ina dtaobh a dhíol
3. Praghas bréagach a thabhairt i dtaobh earraí/seirbhísí
4. Laghdú ar phraghas, mar dhea, a fhógairt
5. Fógra a fhoilsiú a chuirfeadh an pobal amú
6. Gan cloí i ngach ionad de chuid an trádálaithe le praghsanna atá fógraithe

Bunaíodh oifig an stiúrthóra um ghnóthaí tomhaltóraí faoin acht

Tuairisc Thrádála – Samplaí

- Uiscedhíonach (Ní ligeann an táirge uisce isteach)
- Leathar ar fad
- Seirbhís 24 uair an chloig
- Ar oscailt seacht lá na seachtaine
- Seachadadh in aisce

6. Ag Cuidiú leis an Tomhaltóir

Na freagrachtaí atá ag an Stiúrthóir um Ghnóthaí Tomhaltóirí

- Cinntiú go gcloítear leis an dlí maidir le tuairiscí trádála, fógraí agus praghsanna
- Caighdeán na fógraíochta a ardú
- Gearáin faoi fhógraíocht bhréagach a fhiosrú
- Tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcuid cearta
- Cinntiú go bhfuil earraí a dhíoltar in Éirinn ag teacht le caighdeáin shábhála
- Cinntiú go bhfuil eolas riachtanach curtha ar lipéid tháirgí bia

Fear an Phobail (Ombudsman)

Tá fear an phobail ann faoi choinne seirbhísí rialtais (m/sh Roinn Leasa Shóisialta), cuideachtaí árachais agus institiúidí creidmheasa. Fiosróidh sé gearáin atá ag baill an phobail faoi cheann ar bith de na heagraíochtaí thuas. Ní féidir le duine dul a fhad le fear an phobail go dtí go bhfuil gach iarracht déanta aige féin an fhadhb a réiteach. Déanfaidh fear an phobail iarracht an dá thaobh a thabhairt le chéile agus teacht ar réiteach; má theipeann ar an iarracht seo, déanfaidh sé cinneadh bunaithe ar an eolas atá aige.

Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann

Seo eagraíocht dheonach, neamhspleách a cuireadh ar bun i 1966 chun leasa tomhaltóirí a chosaint. Tá sí maonaithe ag a cuid ball agus ag an Aontas Eorpach.

Príomhdhualgais an Chomhlachais:

1. Cuidiú leis an rialtais pleananna a dhéanamh faoi choinne reachtaíocht úr tomhaltais.
2. Taighde a dhéanamh ar tháirgí agus ar sheirbhísí ar son tomhaltóirí.
3. Eolas a chur ar fáil, trína iris mhíosúil, do thomhaltóirí.

Cúirt na nÉileamh Beag
Cuireadh an chúirt seo ar bun i 1991 agus téann tomhaltóirí chuici má tá éilimh bheaga acu maidir le hearraí lochtacha, earraí nach bhfuil de mhianach inmhargaidh, briseadh conartha, etc. Ní féidir leis an tomhaltóir dul chun na cúirte go dtí go bhfuil iarracht déanta aige teacht ar réiteach leis an miondíoltóir. Níl dlíodóir de dhíth sa chúirt seo agus níl an próiseas costasach. Tugann an chúirt éisteacht don dá thaobh agus déanann sí cinneadh.

Údarás um Chaighdeán Fógraíochta na hÉireann
Fiosróidh an t-údarás gearáin ó bhaill an phobail i dtaobh fógraí atá maslach nó déistineach. Is féidir leis an údarás iarraidh ar chuideachta an fógra a athrú nó fiú fáil réidh leis an bhfógra.

Cumainn Thrádálaithe
Seo eagraíochtaí a thugann aire do leasa miondíoltóirí nó táirgeoirí. Is féidir le tomhaltóir gearán a dhéanamh le cumann trádálaithe má tá fadhb aige le ball cumainn.
Samplaí:
Cumann Ghníomhairí Taistil na hÉireann
Cumann Thionscal Gluaisteán na hÉireann.

7. Comharthaí Neamhdhlíthiúla Siopa

Tá na comharthaí uile a leanas mídhleathach mar sáraíonn siad cearta dlíthiúla tomhaltais.

- *"Ní mhalartófar táirgí"*
- *"Caithfidh custaiméirí earraí lochtacha a chur ar ais chuig an déantóir"*
- *"Ní thugtar aisíoc airgid am ar bith"*

8. Lipéid ar Tháirgí Bia

Is minic a bhíonn an t-eolas a leanas scríofa ar phacáistí táirgí bia le cuidiú le tomhaltóirí:

- Ainm an táirge
- Ainm an déantóra
- Meáchan an táirge, pacáiste as an áireamh
- Liosta de na hábhair uile
- Liosta de dathanna agus coiméataigh (Es)
- Dátaí "díol roimhe" agus "úsáid roimhe"
- Praghas
- Treoracha stórála agus cócaireachta
- Comhartha cáilíochta
- Barrachód
- Ábhair *GMO* má tá a leithéid ann

9. Barrachóid

Is sraith de línte é barrachód; tá uimhreacha ag a mbun. Léitear na cóid le peann nó scanóir speisialta ag an gcuntar amach

Eolas ar an mbarrachód:

- An tír as ar tháinig an táirge
- Cód an déantóra
- Cód an táirge
- Uimhir sheiceála an ríomhaire

Nuair a chuirtear barrachód trí scanóir léasair, taifeadtar an praghas sa scipéad agus baintear ceann amháin de stoc an táirge sin.

Buntáistí

1. Luas ag an gcuntar amach
2. Níos lú botún
3. Tá sé éasca praghas táirge a athrú ar an ríomhaire
4. Taifead cruinn den stoc
5. Ainmneacha na dtáirgí ar admháil chomh maith le praghsanna

Míbhuntáistí

1. Tá an córas costasach.
2. Beidh níos lú oibrithe de dhíth, mar sin caillfear jabanna.

10. Admhálacha

Is cruthú i scríbhinn í admháil gur ceannaíodh agus gur íocadh as an táirge atá luaite san admháil; is doiciméad tábhacht é.

Ba cheart don tomhaltóir an admháil a choinneáil go dtí go bhfuil sé sásta go bhfuil gach rud i gceart agus go dtí go bhfuil tréimhse an rátha istigh. Ba cheart an admháil a choinneáil ar feadh tréimhse réasúnta

Eolas ar admháil

1. Dáta
2. Ainm an tsiopa
3. Praghas
4. Airgead tugtha isteach agus briseadh faighte ar ais
5. Sonraí an táirge a ceannaíodh.

11. Clamhsán / gearán a dhéanamh

Seo a leanas na céimeanna má tá gearán á dhéanamh:

1. Déan teagmháil, i bpearsan, i scríbhinn nó ar an bhfón leis an trádálaí a dhíol an táirge.
2. Cuir ar an eolas é faoin bhfadhb agus an dáta a ceannaíodh an táirge.
3. Faigh ainm an duine a bhfuil ag plé leat.
4. Cuir cruthú ceannaithe ar fáil, m.sh. admháil.
5. Déan soiléir cén sórt cúitimh atá de dhíth.
6. Déan taifead ar shonraí réitigh.
7. Coinnigh cóipeanna den chomhfhreagras uile.

Litir Ghearáin

Seán Bán Ó Flatharta

Fón: 057 4567123
Ríomhphost: seanbano@eircom.net

An Baile Thiar,
Oileán Thoraí,
Na Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall.

Pádraig Breathnach, Uas.,
Bainisteoir,
Fear Faisin Teo.,
Sráid an Easpaig,
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall.

26 Bealtaine 2005

	Nótaí
Cur síos ar an táirge:	culaith fir de dhéanamh Armani
Dáta ar ceannaíodh é:	Dé hAoine 16 Aibreán 2005
Praghas:	€800
Fadhb:	poll faoina ghualainn dheise
Réiteach:	aisíoc iomlán

Tag: Culaith Lochtach

A chara,

Cheannaigh mé **culaith fir de dhéanamh Armani** i do shiopsa tráthnóna **Dé hAoine 16 Aibreán 2005**. Dhíol mé **€800** ar an gculaith seo agus dhíol mé le seic.

Cé nár chaith mé an chulaith ach trí huaire, tá sé tugtha faoi deara agam go bhfuil **poll faoina ghualainn dheise**. Tá an poll seo thart faoi orlach ar leithead agus trí orlach ar fad. Ní dhearna mise damáiste ar bith don chulaith ón lá a cheannaigh mé é; bhí an locht seo air sular cheannaigh mé é agus is olc an rud é nach raibh táirge chomh costasach sin de mhianach inmhargaidh mar ba cheart dó a bheith faoin dlí.

Bheinn iontach buíoch díot dá bhféadfá an culaith seo a ghlacadh ar ais uaim agus **aisíoc iomlán** a thabhairt dom. Beidh mé isteach i do shiopsa arís Déardaoin, 3 Meitheamh agus beidh an chulaith agus an admháil agam. Beidh mé ag súil le mo chuid airgid a fháil ar ais.

Le dea-ghuí,

Seán Bán Ó Flatharta

12. Ceisteanna

Gnáthcheisteanna

1. Mínigh na téarmaí seo a leanas:
    a. Tomhaltóir
    b. Bréagmhargadh
    c. Mianach inmhargaidh
    d. Admháil
    e. Fear an Phobail
    f. Ráth
    g. Barrachód
2. Liostaigh tréithe an tomhaltóra chiallmhair.
3. Mínigh ceithre riail atá leagtha síos in Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí (1980) maidir le díol earraí.
4. Mínigh trí riail atá leagtha síos in Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí (1980) maidir le soláthar seirbhísí.
5. Scríobh nóta gairid mhínithe ar:
    a. An Stiúrthóir Ghnóthaí Tomhaltais
    b. Cúirt na nÉileamh Beag
    c. Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann
6. Ainmnigh agus mínigh ceithre cinn de na cionta faoin Acht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (1978).
7. Cad is barrachód ann? Ainmnigh trí bhuntáiste a bhaineann le barrachóid.
8. Tabhair dhá shampla de chomharthaí siopa atá neamhdhlíthiúil agus mínigh an fáth a bhfuil siad neamhdhlíthiúil.
9. Liostaigh trí ghiota eolais ba cheart a bheith ar admháil.
10. Liostaigh na réitigh atá ar fáil don tomhaltóir a cheannaigh earraí lochtacha
11. Cén dóigh a gcuidíonn Údarás um Chaighdeán na Fógraíochta in Éirinn agus Cumann Thrádálaithe leis an tomhaltóir?
12. Cad atá ráite ag an Acht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (1978) i dtaobh:
    a. Cur síos ar earraí
    b. Cur síos ar sheirbhísí
    c. Fógraí
    d. Praghsanna

An Tomhaltóir - Ceisteanna Scrúduithe

An Tomhaltóir agus Litir – Gnáth Leibhéal 2003

An Tomhaltóir – Ard Leibhéal 2003

An Tomhaltóir agus Iasacht – Ard Leibhéal 2005

An Tomhaltóir agus Litir – Gnáth Leibhéal 2003

Is úinéir Stór Earraí Leictreacha Mhuintir Evans ag 22 Sráid na Siopaí, Muineachán, é Conchúr Evans. Ar an Satharn, 15ú Márta 2003, dhíol sé cócaireán micreathoinne le custaiméir ar €250. Chuir an custaiméir glaoch teileafóin ar Chonchúr trí lá ina dhiaidh sin ag cur in iúl dó nach raibh oigheann an chócaireáin ag obair i gceart. "Múchann sé uaidh féin tar éis 20 soicind agus ní mór an t-am a shocrú arís," a dúirt sí. "Tabharfaidh mé ar ais go dtí an siopa é Dé Sathairn seo chugainn."
Toisc nach raibh Conchúr cinnte faoi conas an gearán a láimhseáil, ghlaoigh sé ar a chara, Cáit Ní Ógáin, atá ina cónaí i gCaisleán Seáin, Co. Mhuineacháin, ag lorg comhairle uaithi. Dúirt Cáit go ndéanfadh sí smaoineamh faoi agus go scríobhfadh sí chuige. Ar 19ú Márta 2003, scríobh Cáit litir chuig Conchúr. Dúirt sí leis go bhféadfadh sé nóta creidmheasa ar €250 a thairiscint don chustaiméir ach gur dócha nach nglacfadh an custaiméir leis sin. Ansin liostáil sí trí shlí eile chun an fhadhb a láimhseáil agus chuir sí in iúl do Chonchúr go gcaithfeadh an custaiméir glacadh le ceann díobh. Chuir sí críoch lena litir á rá le Conchúr go mba cheart dó a bheith béasach leis an gcustaiméir i gcónaí.

(A) Scríobh an litir a chuir Cáit Ní Ógáin chuig Conchúr Evans ar 19ú Márta 2003. **(40)**

(B) Mínigh go hachomair cad is ciall le Tobcheannach. **(5)**

(C) Tá daoine agus áisíneachtaí ann a bhfuil mar chúram orthu tomhaltóirí a chosaint agus cabhair agus comhairle a thairiscint nuair a bhíonn fadhb acu. Ainmnigh **triúr** de na daoine nó **trí cinn** d'áisíneachtaí agus scríobh cuntas gearr (abairt amháin i ngach cás) faoi conas a chabhraíonn siad leis an gcustaiméir.

(15)

(60 marc)

An Tomhaltóir – Ard Leibhéal 2003

(A) (i) Ainmnigh clár **amháin** Teilifíse nó Raidio agus nuachtán **amháin** nó alt in iris a chuireann comhairle ar thomhaltóirí faoi earraí, seirbhísí agus cúrsaí airgeadais**.** **(6)**

(B) Sainaithin **dhá** ghníomh a bhaineann le tomhaltóir maith. **(6)**

(C) Thug do stáisiún raidio áitiúil cuireadh duit a bheith ar phainéal chun comhairle a chur ar an lucht éisteachta maidir lena bhfadhbanna mar thomhaltóirí. Cén chomhairle a chuirfeá maidir leo seo a leanas:
Bhí teach ag Scairteoir Uimh. 1 a raibh luach €140,000 air agus chuir sé faoi árachas
€100,000 é. Rinne tine damáiste don teach a chosain €56,000 lena dheisiú. Teastaíonn ón scairteoir a fháil amach cén cúiteamh a dhéanfaí a thairiscint agus cén fáth.

- Ríomh méid cruinn an chúitimh ar cheart don scairteoir a fháil. **(3)**
- Ainmnigh, don scairteoir, an clásal árachais atá i gceist sa chás seo. **(3)**

- Cheannaigh Scairteoir Uimh, 2 citeal leictreach ina siopa earraí leictreacha áitiúil ar €80 agus d'íoc le seic. Nuair a baineadh úsáid as, mhúch an citeal uaidh féin sula raibh an t-uisce bruite go hiomlán. Rinne Sorcha gearán le húinéir an tsiopa an lá i ndiaidh é a cheannach ach dhiúltaigh sé déileáil leis an bhfadhb agus mhol di teagmháil a dhéanamh leis an déantóir.
  Cén ceart atá ag Sorcha sa dáil seo? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra. **(6)**
- Cad ba cheart di a dhéanamh chun an fhadhb a réiteach go luath? **(3)**

- Bhí Scairteoir Uimh. 3 ag smaoineamh ar €12,000 a fháil ar iasacht ar feadh trí bliana agus tá sé sásta €4,000 a aisíoc den iasacht, móide aon ús a bheadh dlite, i ndeireadh na bliana. Thairg Celtic Finance an t-airgead ar ráta comhréidh de 8% in aghaidh na bliana. Thairg Hibernian Finance an t-airgead ar 10% R.C.B. (A.P.R.)/Fíor-ráta.
  Ríomh an t-ús iomlán ar an iasacht má fhaightear ó Celtic Finance í.
  Ríomh an t-ús iomlán ar an iasacht má fhaightear ó Hibernian Finance í. **(13)**

(40 marc)

An Tomhaltóir agus Iasacht – Ard Leibhéal 2005

(A) Luaigh trí thosca ar cheart do thomhaltóir a chur san áireamh roimh iasacht a fháil

(9)

(B)

FRUILCHEANNACH AR FÁIL
Téarmaí boga creidmheasa ar fáil
do do shorn leictreach
Éarlais €50
agus
30 gála de €25 an ceann

(i) Ríomh an costas má dhéantar an sorn leictreach a fhruilcheannach
(ii) An bhfuil an fógra seo dleathach?
Mínigh **dhá** chúis le do fhreagra.
(iii) Imlínigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** do thomhaltóir má dhéanann sé/sí an sorn a fhruilcheannach.

(13)

(C) Taispeánadh an comhartha agus an fógra seo a leanas i siopa:

Déan teagmháil leis an Déantóir mura bhfuil tú sásta

Geansaí Ar Díol
100% Olann

Nóta: Nuair a scrúdaigh an tomhaltóir an geansaí fuair sé/sí amach go raibh an geansaí déanta as cadás in ionad olann mar a fógraíodh.

(i) Abair an bhfuil **gach ceann** acu thuas dleathach?
(ii) Mínigh an dlí tomhaltóra a bhaineann le **gach ceann** den dá chás.

(10)

(D) Luaigh agus mínigh dhá gníomhaireacht a chosnaíonn tomhaltóirí nuair a bhíonn gearán acu

(8)
(40 marc)

Airgead

Airgead
Rud ar bith de luach a nglactar go coitianta leis mar mhalairt ar earraí nó ar sheirbhísí.

Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA)
(Economic and Monetary Union)

I 1999, tháinig 11 tír le chéile chun AEA a chruthú: An Ostair, An Bheilg, An Fhrainc, An Ghearmáin, Éire, An Phortaingéil, An Spáinn, An Fhionnlainn, An Danmhairg, An Ísiltír, An Iodáil, Lucsamburg.
Níl an Bhreatain páirteach san AEA (níl an Euro acu).
Tá an Euro faoi smacht Bhanc Ceannais na hEorpa.

Buntáistí Airgeadra Aonair

1. Níl riosca malairte ar bith idir na tíortha atá páirteach san AEA.
2. Níl costais mhalairte ag baint le trádáil idir na tíortha atá páirteach san AEA.
3. Ba cheart go mbeadh rátaí ní ba lú úis in Éirinn.
4. Ba cheart go mbeadh rátaí ní ba lú boilscithe in Éirinn.

Babhtáil v. Airgead
Cén fáth a bhfuil airgead níos fearr ná babhtáil?

1. Glactar go forleathan leis mar mhodh íocaíochta.
2. Tá luach air mar tá sé gann.
3. Tá sé éasca airgead a aithint.
4. Is féidir é a bhriseadh síos in aonaid níos lú: €1 – 2 x 50c.
5. Tá sé éasca airgead a iompar ó áit go háit.

Baincéireacht

Cuntas Reatha

- Tá cuntais reatha (current accounts) ann le freastal orthu siúd atá ag iarraidh airgead a lóisteáil (lodge) agus a aistarraingt (withdraw) go héasca rialta.
- Soláthraítear seicleabhar le cuntas reatha.
- De ghnáth scríobhtar seic chun airgead a aistarraingt as banc.
- De ghnáth ní dhíoltar ús ar airgead i gcuntas reatha.

Seic

- Ordú do bhanc go n-íocfar suim áirithe airgid, ar éileamh, le duine nó ordú a ainmnítear.
- Caithfidh síniú shealbhóir an chuntais a bheith ar an seic.
- Ciallaíonn "nó ordú" gur féidir le duine úinéireacht an tseic a thabhairt do dhuine eile.

Cuntas Reatha: Buntáistí

- Is féidir íocaíochtaí a dhéanamh le seiceanna; tá sé seo éasca agus sábháilte.
- Is féidir an córas Laser a úsáid.
- Is féidir rótharraingt a bheith ag duine i gcuntas reatha.
- Is féidir UMB (Uathmheaisín Bainc – ATM) nó baincéireacht fóin a úsáid.
- Is féidir do phá a dhíol díreach isteach i do chuntas.

Cártaí Creidmheasa

Is cárta creidmheasa é cárta plaisteach a bhfuil ainm, síniú agus uimhir chuntais an duine ar leis an cárta air.
Tá teorainn chreidmheasa (credit limit) ag gach duine a bhfuil cárta aige.
Nuair a dhéantar íocaíocht le cárta creidmheasa, cuirtear an cárta trí mheaisín a sheiceálann an cárta agus a phriontálann admháil.
Díolann cuideachta an chárta chreidmheasa an díoltóir ag deireadh na míosa ach baintear táille seirbhíse de gach íocaíocht.
Faigheann an duine ar leis an carta ráiteas ag deireadh na míosa a thaispeánann na hidirbhearta ar fad a bhí ann i rith na míosa agus an tsuim airgid atá anois le híoc.
Gearrtar ús ard ar an méid den iarmhéid nach ndíoltar.
Samplaí: Visa, Mastercard

Bainc Thráchtála

Banc Aontas Éireann (Allied Irish Banks)

Banc na hÉireann (Bank of Ireland)

Banc an Tuaiscirt (Northern Bank)

Banc Uladh (Ulster Bank)

Airgead & Baincéireacht

1. Airgead
2. Babhtáil/Malartú
3. Babhtáil v. Airgead
4. An tAirgead a Úsáidimid
5. Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA)
6. Buntáistí Airgeadra Aonair
7. Baincéireacht
8. Cuntas Bainc (Bank Account)
9. Cuntas Reatha
10. Cártaí Creidmheasa
11. Cártaí Eile Plaisteacha
12. Ceisteanna

1. Airgead

Rud ar bith de luach a nglactar go coitianta leis mar mhalairt ar earraí nó ar sheirbhísí.

2. Babhtáil/Malartú

Sula raibh airgead ann, bhí ar dhaoine earra amháin a mhalartú ar earra eile (m/sh péire bróg ar gheansaí); tugadh babhtáil ar an gcóras seo.
Ní raibh an córas seo iontach éifeachtach mar:

- Chun rud a cheannach ó dhuine eile, caithfidh rud atá de dhíth air a bheith agatsa.
- Caithfidh na rudaí a bheith ar an luach céanna.
- D'fhéadfadh sé a bheith deacair earraí a iompar thart.

3. Babhtáil v. Airgead

Cén fáth a bhfuil airgead níos fearr ná babhtáil?

1. Glactar go forleathan leis mar mhodh íocaíochta.
2. Tá luach air mar tá sé gann.
3. Tá sé éasca airgead a aithint.
4. Is féidir é a bhriseadh síos in aonaid níos lú: €1 – 50c.
5. Tá sé éasca airgead a iompar.

4. An tAirgead a Úsáidimid

Ó 2002 ar aghaidh, is é an t-airgeadra atá againn ná an Euro.
Nótaí: €500, €200, €100, €50, €20, €10, €5
Boinn: €2, €1, 50c, 20c, 10c, 5c, 2c, 1c
Glactar leis an Euro in 11 tír.

5. Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) (Economic and Monetary Union)

I 1999, tháinig 11 tír le chéile chun AEA a chruthú: An Ostair, An Bheilg, An Fhrainc, An Ghearmáin, Éire, An Phortaingéil, An Spáinn, An Fhionnlainn, An Danmhairg, An Ísiltír, An Iodáil, Lucsamburg.
Níl an Bhreatain páirteach san AEA (níl an Euro acu thall).
Tá an Euro faoi smacht Bhanc Ceannais na hEorpa.

6. Buntáistí Airgeadra Aonair

1. Níl riosca malairte ar bith idir na tíortha atá páirteach san AEA.
2. Níl costais mhalairte ag baint le trádáil idir na tíortha atá páirteach san AEA.
3. Ba cheart go mbeadh rátaí ní ba lú úis in Éirinn.
4. Ba cheart go mbeadh rátaí ní ba lú boilscithe in Éirinn .

7. Baincéireacht

8. Cuntas Bainc (Bank Account)

Tá, ar a laghad, brainse amháin de na ceithre bhanc mhóra sa chuid is mó de na bailte móra in Éirinn. Tugtar na Bainc Thráchtála orthu.
Banc Aontas Éireann (Allied Irish Banks)
Banc na hÉireann (Bank of Ireland)
Banc an Tuaiscirt (Northern Bank)
Banc Uladh (Ulster Bank)
Cuireann na Cumainn Fhoirgníochta cuid de na seirbhísí ar fáil.

9. Cuntas Reatha

Tá cuntais reatha (current accounts) ann le freastal orthu siúd atá ag iarraidh airgead a lóisteáil (lodge) agus a aistarraingt (withdraw) go héasca rialta.

- Airgead a aistarraingt.
- Soláthraítear seicleabhar le cuntas reatha.
- De ghnáth scríobhtar seic chun airgead a aistarraingt as banc.
- De ghnáth ní dhíoltar ús ar airgead i gcuntas reatha.

Seic

Ordú do bhanc go n-íocfaí suim áirithe airgid, ar éileamh, le duine nó ordú a ainmnítear.
Caithfidh síniú shealbhóir an chuntais a bheith ar an seic.
Ciallaíonn “nó ordú” gur féidir le duine úinéireacht an tseic a thabhairt do dhuine eile.

Cuntas Reatha: Buntáistí

Is féidir íocaíochtaí a dhéanamh le seiceanna; tá sé seo éasca agus sábháilte.
Is féidir an córas Laser a úsáid.
Is féidir rótharraingt a bheith ag duine i gcuntas reatha.
Is féidir UMB (Uathmheaisín Bainc – ATM) nó baincéireacht fóin a úsáid.
Is féidir do phá a dhíol díreach isteach i do chuntas.

Ag oscailt cuntais reatha

Comhlíon foirm iarratais.
Bíonn cruthúnas aitheantais ag teastáil – dhá cheann, m/sh ceadúnas tiomána / pas.
Bíonn ort sampla de do shíniú a chur ar fáil.
Tabharfar uimhir cuntais, seicleabhar agus cárta UMB duit.

Ag lóisteáil airgid i gcuntas taisce / reatha

Comhlíon foirm lóisteála agus an comhdhúille.
Tabhair an t-airgead agus an fhoirm don airgeadóir.
Seiceálann an t-airgeadóir iad, síníonn sé agus stampálann sé an fhoirm.
I gcás cuntais taisce scríobhtar méid an lóisteála isteach sa leabhar coigiltis freisin.

Ag aistarraingt airgid as cuntas taisce / reatha

Comhlíon foirm aistarraingthe.
Tabhair an fhoirm don airgeadóir.
Seiceálann sé í.
Síníonn agus stampálann sé é.
Tugann sé an t-airgead amach.
I gcás cuntas taisce, scríobhtar méid an aistarraingthe sa leabhar taisce.

10. Cártaí Creidmheasa

Is cárta creidmheasa é cárta plaisteach a bhfuil ainm, síniú agus uimhir chuntais an duine ar leis an cárta air.
Tá teorainn creidmheasa (credit limit) ag gach duine a bhfuil cárta aige
Nuair a dhéantar íocaíocht le cárta creidmheasa, cuirtear an cárta trí mheaisín a sheiceálann an cárta agus a phriondálann admháil
Díolann cuideachta an chárta chreidmheasa an díoltóir ag deireadh na míosa ach baintear táille seirbhíse do gach íocaíocht
Faigheann an duine ar leis an cárta ráiteas ag deireadh na míosa a thaispeánann na hidirbhearta ar fad a bhí ann i rith na míosa agus an tsuim airgid atá anois le díol
Gearrtar ús ard ar chibé méid den iarmhéid nach ndíoltar
Samplaí: Visa, Mastercard

11. Cártaí Eile Plaisteacha

Cárta Laser

Seo cárta íocaíochta leictreonach a chuireann ar chumas duine a bhfuil cuntas reatha aige díol as rudaí láithreach gan seiceanna ná airgead tirim a úsáid.
Cuirtear an cárta trí mheaisín sa siopa agus cuirtear an méid isteach freisin.
Seiceáiltear go bhfuil go leor airgid sa chuntas agus má tá, priontáiltear admháil.
Caithfidh an ceannaitheoir an admháil a shíniú.
Baintear an t-airgead as cuntas an cheannaitheora agus faigheann an siopa an t-airgead ón mbanc.

Cárta Laser: Buntáistí

- Tá sé éasca agus sábháilte é a úsáid.
- Tá sé éasca taifead a choinneáil ar do chuntas reatha.
- Is féidir iad a úsáid go forleathan.
- Tá siad níos saoire ná seiceanna.

Cárta Cliste – an Sparán Leictreonach

Tá an sórt seo cárta ag éirí níos coitianta agus leanfaidh an fás seo ar aghaidh.
Tá sé cosúil le cárta creidmheasa / Laser ach go bhfuil microchip air a bhfuil cuimhne aige
Is féidir an cárta a lódáil le hairgead agus le heolas.
Baintear airgead as do chuntas de réir mar a úsáideann tú é.
Tá an cárta cliste cosúil le 'mobile phone top–up'

12. Ceisteanna

1. Cad is brí le babhtáil?
2. Liostaigh trí chúis nach bhfuil babhtáil sásúil chun earraí a cheannach agus a dhíol.
3. Cad is brí le hairgead?
4. Liostaigh cúig chúis go bhfuil airgead sásúil chun earraí a cheannach agus a dhíol.
5. Cad dó a sheasann na litreacha AEA?
6. Cad a chiallaíonn Airgeadra Aonair na hEorpa?
7. Mínigh conas a oibríonn córas an chárta chreidmheasa.
8. Liostaigh trí bhuntáiste a bhaineann le cártaí creidmheasa
9. Ainmnigh cúpla cárta creidmheasa.
10. Céard iad buntáistí an chórais 'Pá-chonair' do fhostóirí agus do fhostaithe?

Iasachtaí

Téarmaí Tábhachtacha
- Cumas aisíoctha
- Comhthaobhacht / Urrús
- Creidiúnaí / Creidiúnaithe
- Rátaí úis
- Féinmheacht

Foinsí Creidmheasa
1. An Banc
2. An Comhar Creidmheasa
3. An Cumann Foirgníochta
4. Iasachtóir Airgid Ceadúnaithe
5. Fruilcheannach

Iasachtaí gearrthéarmacha (suas go bliain amháin)
- Rótharraingt bhainc
- Cárta creidmheasa a úsáid
- Iasacht ón gcomhar creidmheasa

Is féidir iasachtaí mar seo a úsáid do saoire, bhillí neamhghnácha cosúil le leabhair scoile &rl.

Iasachtaí meántéarmacha (suas go 5 bliana)
- Iasacht théarmach bhainc
- Fruilcheannach
- Iasacht ón gcomhar creidmheasa

Is féidir iasachtaí mar seo a úsáid le haghaidh caiteachas neamhghnách – m.sh carr.

Iasachtaí fadtéarmacha (suas go 20/30 bliain)
- Morgáiste tí ó bhanc / chumann foirgníochta
- Iasacht mór fadtéarmach ó bhanc / cumann foirgníochta

Is féidir iasachtaí mar seo a úsáid chun teach, áitreabh gnó, talamh &rl a cheannach.

Cumas aisíoctha agus ús
Bíonn ar an iasachtóir a ríomh cé mhéid ús a bheidh le haisíoc agus cé mhéad a bheidh le híoc gach mí, chun a fháil amach an bhfuil sé ar a chumas/cumas an iasacht a aisíoc. Is gá an ráta céatadánach bliantúil (RCB) a áireamh.

Comhthaobhacht / Urrús
Bíonn ar iarrthóir iasachta sócmhainn éigin a chur ar fáil mar urrús, m.sh.:
- Gníomhais tí
- Scairdheimhnithe
- Polasaí árachais saoil
- Ráthaíocht ó dhuine eile

Mura n-íoctar an t-airgead ar ais, is féidir leis an iasachtóir é a fháil ón urrús.

Féimheacht
Má theipeann ar dhuine fiacha a aisíoc, uaireanta dearbhaíonn an chúirt é/í ina **fhéimheach**.
Díolann an chúirt aon sócmhainní atá aige/aici, chun na creidiúnaithe a aisíoc go cothrom, agus ní bhíonn cead ag an duine sin a bheith ina stiúrthóir ar chuideachta nó a bheith ina ionadaí poiblí (m.sh mar T.D.) as sin amach.

Coigilt agus Infheistiú

Cén fáth a ndéanfá coigilt?

- Chun rud éigin costasach a cheannach amach anseo
- Chun airgead a chur i leataobh in aghaidh tubaiste gan choinne
- Chun laghdú a dhéanamh ar an méid airgead a chaithfear a fháil ar iasacht do cheannacháin iontach costasach, m/sh. teach
- Le déanamh cinnte go mbeidh airgead agat faoi choinne oideachais pháiste, bainise, etc
- Chun pinsean a sholáthar amach anseo

Ag roghnú áite chun coigiltis a dhéanamh ann

Ba cheart smaoineamh ar na rudaí seo a leanas agus tú ag roghnú áite chun coigiltis a dhéanamh ann:

- An ráta úis
- An bhfuil riosca ar bith ann?
- An féidir an t-airgead a tharraingt amach am ar bith nó a bhfuil fógra de dhíth?
- Uaireanta oscailte na hinstitiúide
- Sochair eile

Téarmaí Tábhachtacha

Coigiltis: Ioncam nach gcaitear

Infheistiú: Ag úsáid coigiltis chun a thuilleadh airgid a dhéanamh

Eagrais Thábhachtacha

- Bainc thráchtála
- Comhair chreidmheasa
- Cumainn fhoirgníochta
- An Post

Infheistiú

Sula ndéantar infheistiú, ba cheart smaoineamh ar:

- An ráta úis
- An riosca
- Cé chomh héasca a bheidh sé an infheistíocht a aistriú ar ais go airgead tirim
- An méid cánach a bheidh le díol
- An gcaitear suim áirithe ar a laghad a infheistiú
- Cé acu ceann atá de dhíth – ioncam ná brabús

Coigilt agus Infheistiú

1. Coigilt (Saving)

1.1 Cén fáth a ndéanfá coigilt?

1.2 Ag roghnú áite fá choinne do choigiltis

1.3 Is féidir coigilt a dhéanamh sna hinstitiúidí seo a leanas:

2. Infheistiú

2.1 Cumainn Fhoirgníochta Building Societies

2.1(a) Ag Coigilt le Cumann Foirgníochta: Buntáistí:

2.1(b) Ag Coigilt le Cumann Foirgníochta: Míbhuntáistí

2.2. Comhair Chreidmheasa (Credit Unions)

2.2 (a) Cén fáth a bhfuil comhair chreidmheasa ann?

2.2 (b) Ag Coigilt i gComhar Creidmheasa

Cuntas Coigiltis

Cuntas Taisce

2.3 An Post

2.3 (a) Bannaí Treoirnaisc Choigiltis

2.3 (b) Tráthchoigilt Treoirnaisc Náisiúnta

2.3 (c) Teastais Choigiltis

2.3 (d) Cuntas Taisce

2.3 (e) Buntáistí

3. Ceisteanna

1. Coigilt (Saving)

Cad is coigiltis (savings) ann? Séard atá i gceist le coigiltis ná ioncam nach gcaitear.

1.1 Cén fáth a ndéanfá coigilt?

- Chun rud éigin costasach a cheannach amach anseo
- Chun airgead a chur i leataobh in aghaidh tubaiste gan choinne
- Chun laghdú a dhéanamh ar an méid airgid a chaithfear a fháil ar iasacht faoi choinne ceannacháin iontach costasach, m/sh teach
- Le déanamh cinnte go mbeidh airgead agat faoi choinne oideachais pháiste, bainis, etc
- Chun pinsean a sholáthar amach anseo

1.2 Ag Roghnú áite faoi choinne do choigiltis

Ba cheart smaoineamh ar na rudaí seo a leanas agus tú ag roghnú áite faoi choinne do choigiltis:

- An ráta úis
- An bhfuil riosca ar bith ann?
- An féidir an t-airgead a tharraingt amach am ar bith nó an bhfuil fógra de dhíth?
- Uaireanta oscailte na hinstitiúide
- Sochair eile

1.3 Is féidir coigilt a dhéanamh sna hinstitiúidí seo a leanas:

- Bainc thráchtála
- Comhair chreidmheasa
- Cumainn fhoirgníochta
- An Post

2. Infheistiú

Is é an rud atá i gceist le hinfheistiú ná ag úsáid coigiltis chun a thuilleadh airgid a dhéanamh.

Sula ndéantar infheistiú, ba cheart smaoineamh ar:

- An ráta úis
- An riosca
- Cé chomh héasca a bheidh sé an infheistíocht a aistriú ar ais go hairgead tirim
- An méid cánach a bheidh le díol
- An gcaitear suim áirithe ar a laghad a infheistiú
- Cé acu ceann atá de dhíth – ioncam ná brabús

2.1 Cumainn Fhoirgníochta (Building Societies)

Glacann na cumainn fhoirgníochta airgead ar thaisce ó dhaoine agus baintear úsáid as na cistí sin chun airgead a thabhairt ar iasacht do dhaoine chun tithe a cheannach. Ó 1989, is féidir leo seirbhísí eile a sholáthar.

2.1 (a) Ag Coigilt le Cumann Foirgníochta: Buntáistí:

- Cuireann siad neart seirbhísí ar fáil.
- Bíonn rátaí maithe úis acu.
- Tá brainsí acu ar fud na tíre.
- Bíonn uaireanta maithe oscailte acu.
- Tá gnó custaiméirí faoi rún.
- Is féidir coigiltis a aistarraingt am ar bith a fhad is nach bhfuil siad i gcuntas faoi leith.
- Beidh sé níos éasca airgead a fháil ar iasacht uathu má bhíonn coigiltis agat leo.

2.1 (b) Ag Coigilt le Cumann Foirgníochta: Míbhuntáistí

- Baintear cáin DIRT de cibé ús a shaothraítear.
- Ní féidir aistarraingtí móra a dhéanamh ach le seic.

2.2 Comhair Chreidmheasa (Credit Unions)

Is eagraíocht neamhbhrabúis í comhar creidmheasa.
Caithfidh banna coiteann (common bond) a bheith ag na baill uile i gcomhar creidmheasa, m/sh gur as an áit chéanna uile iad, go bhfuil siad uile ag obair san áit chéanna nó go bhfuil siad uile sa ghairm chéanna:
Samplaí:

- Comhar Creidmheasa Ghaoth Dobhair
- Comhar creidmheasa CIE
- Comhar Creidmheasa Aontas Múinteoirí Éireann

Cuireann na baill airgead i dtaisce sa chomhar creidmheasa agus úsáidtear an t-airgead sin chun iasachtaí a thabhairt do bhaill eile.
Bíonn na rátaí úis réasúnta.

2.2 (a) Cén fáth a bhfuil comhair chreidmheasa ann?

- Le cuidiú le daoine airgead a choigilt
- Chun airgead a thabhairt ar iasacht do bhaill ar rataí réasúnta úis
- Le cuidiú leis na baill an úsáid is fearr a bhaint as a gcuid acmhainní
- Ní féidir le duine a bheith ina bhall de chomhar creidmheasa muna bhfuil baint aige leis an mbanna coiteann.

2.2 (b) Ag coigilt i gcomhar creidmheasa

Cuntas Coigiltis

- Is féidir le duine airgead a chur isteach sa chuntas nó é a aistarraingt am ar bith.
- Déantar taifid ar an hidirbhearta uile i leabhar cuntais an bhaill.
- Íoctar díbhinn leis an mball ag brath ar an méid airgead atá sa chuntas aige agus an barrachas atá ag an gcomhar creidmheasa; ní dhíoltar ús.

Cuntas Taisce

- Gnáthchuntas a dhíolann ús; díreach cosúil le cuntas bainc.

2.3 An Post

Is é An Post an eagraíocht a reachtálann an tseirbhís náisiúnta poist agus an crannchur náisiúnta. Is féidir airgead a infheistiú leis An bPost freisin.
Seo a leanas na scéimeanna infheistíochta atá á dtairiscint ag An bPost

2.3 (a) Bannaí Treoirnaisc Choigiltis (Index Linked Savings Bonds)

Díoltar na bannaí seo in aonaid de shuimeanna áirithe.
Tá teorainn leis an méid de na bannaí seo is féidir le duine a cheannach.
Chun an uasmhéid úis a shaothrú, caithfear na bannaí seo a choinneáil ar feadh trí bliana ach is féidir iad a bhriseadh roimhe sin.
Ní ghearrtar DIRT ar an ús.

2.3 (b) Tráthchoigilt Treoirnaisc Náisiúnta (Index Linked National Instalment Savings)

Caithfidh duine suim áirithe a chur i dtaisce gach mí ar feadh bliana.
Fágtar na coigiltis i dtaisce go ceann cúig bliana agus ag deireadh an tréimhse sin, díoltar ús de 50%.

Is féidir an t-airgead a aistarraingt sula mbeidh na cúig bliana istigh ach díoltar ráta níos lú úis. Ní ghearrtar DIRT ar an ús.

2.4 (c) Teastais Choigiltis (Savings Certificates)

Díoltar na teastais seo in aonaid de shuimeanna áirithe agus tá teorainn leis an méid acu is féidir le duine a cheannach.
Caithfear iad a choinneáil ar feadh cúig bliana go leith chun an uasmhéid úis a fháil ach is féidir iad a bhriseadh roimhe sin.
Ní ghearrtar DIRT ar an ús.

2.3 (d) Cuntas Taisce (Deposit Account)

Tá an cuntas seo cosúil le cuntas taisce in institiúid ar bith eile.
Gearrtar DIRT ar an ús.

2.3 (e) Ag Coigilt leis An bPost: na Buntáistí:

- Bíonn uaireanta fada oscailte ag An bPost.
- Tá na coigiltis faoi ráth ag an Stát.
- Tá na rátaí úis maith.
- Is féidir an t-airgead a aistarraingt am ar bith.

3. Ceisteanna

1. Mínigh an téarma “coigilteas”.
2. Liostaigh ná fáthanna a ndéanann daoine coigilt.
3. Cad iad na rudaí ar cheart do dhuine smaoineamh orthu agus é ag roghnú áite faoi choinne a chuid coigiltis?
4. Mínigh an téarma “infheistiú”.
5. Liostáil trí rud ar cheart smaoineamh orthu má tá duine ag dul ag infheistiú airgid.
6. Cad iad na buntáistí a bhaineann le cumainn fhoirgníochta ó thaobh coigilt agus infheistiú de?
7. Scríobh alt gearr, i do fhocail féin, faoi gach ceann a leanas:
    a. Bannaí Treoirnaisc Choigiltis
    b. Teastais Choigiltis
    c. Tráthchoigilt Treoirnaisc Náisiúnta

Baincéireacht agus Iasachtaí – Ceisteanna Scrúduithe

Baincéireacht agus Airgeadas Gnó – Ard Leibhéal 2002

Baincéireacht – Gnáth Leibhéal 2003

Baincéireacht – Gnáth Leibhéal 2004

Baincéireacht – Ard Leibhéal 2003

Baincéireacht agus Iasachtaí – Ard Leibhéal 2004

Baincéireacht – Ard Leibhéal 2005

Cártaí Creidmheasa agus Foirmeacha Iarratais – Gnáth Leibhéal 2003

Baincéireacht agus Airgeadas Gnó – Ard Leibhéal 2002

(A) Ainmnigh **ceithre** sheirbhís a chuireann bancanna ar fáil do ghnólachtaí**.**

(8)

(B) Liostaigh **trí** phíosa eolais a chaithfidh cuideachta phríobháideach theoranta a chur ar fáil nuair a bhíonn cuntas reatha á oscailt i mbanc.

(6)

(C) Luaigh **ceithre** thoisc a chuireann bancanna san áireamh nuair a bhíonn iasacht á tabhairt acu.

(12)

(D) Fuair F & M Tta. iasacht trí bliana de €15,000. Ba iad na téarmaí a bhain leis an gcomhaontú iasachta ná:

Aisíocaíochtaí caipitil de €5,000 in aghaidh na bliana; ús 12% RCB. (APR)

Ríomh an t-ús iomlán iníoctha thar na trí bliana.

(14)

(40 marc)

Baincéireacht – Gnáth Leibhéal 2003

Cónaíonn Edel Uí Scanláin ag Faiche na hArdpháirce, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin.
Tá Cuntas Reatha aici (Uimh. 33428157) ag Banc AIB, An Phríomhshráid, An tInbhear Mór. Is í Códuimhir Sortála an bhrainse ná 93-94-95.
Ar 24 Aibreán 2003, d'íoc a fostaitheoir pá Edel de €370.64 díreach isteach ina Cuntas Reatha.

(A) Cén t-ainm a thugtar ar an gcóras faoina n-íoctar an pá díreach isteach i gcuntais fhostaithe? **(6)**

(B) Ar 25 Aibreán 2003 fuair Edel seic ar €175 in airgead tirim mar bhronntanas lá breithe. Chuaigh sí go dtí an banc agus lóisteáil sí an t-iomlán isteach ina Cuntas Reatha ar an lá céanna.

Comhlánaigh an Duillín Lóisteála. **(13)**

(C) Ar 26 Aibreán 2003, d'íoc Edel €30.00 le seic le craobh an Inbhir Mhóir de Chumann Naomh Uinseann de Pól toisc gur theastaigh uaithi cabhrú le daoine áitiúla a bhí bocht. Thug an rúnaí, Micheál Ó Finn, admháil di.

Comhlánaigh an admháil. **(10)**

(D) Ar 29 Aibreán 2003, chuaigh Edel go dtí a banc, chomhlánaigh sí Duillín Aistarraingthe agus d'aistarraing sí €100.00 in airgead tirim óna Cuntas Reatha.

Comhlánaigh an Duillín Aistarraingthe. **(16)**

(E) Tá Edel ag beartú ríomhaire nua agus printéir a cheannach a chosnódh thart ar €1,500.00. Tá dhá rogha aici:

An t-airgead a fháil ar iasacht ón mbanc.

An t-airgead a choigilt.

Cén chomhairle a chuirfeá uirthi? Scríobh dhá chúis le do fhreagra.

(15)

(60 marc)

Baincéireacht – Gnáth Leibhéal 2003 (Doiciméid)

(B) Duillín Lóisteála:



(C) Admháil:

Cumann Naomh Uinseann de Pól (Craobh an Inbhir Mhóir) **Bóthar na Mara, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin Teileafón 061-339987**		**Uimh. 29771**
Dáta:		
Faighte ó:		
Suim:		€
Le Buíochas	**Sínithe:**	(Rúnaí)

(D) Duillín Aistarraingt:



Baincéireacht – Gnáth Leibhéal 2004

Fuair Pól Mac Oireachtaigh an Ráiteas Bainc seo a leanas tríd an bpost:

AIB **An Phríomhshráid,** **Loch Garman**	**Ráiteas Chuntas Reatha Uimh. 384**			
An tUasal Pól Mac Oireachtaigh 23 Bothar na Sláine Loch Garman		Ainm Cuntais:	Pól Mac Oireachtaigh	
		Uimh. Chuntais:	13249987	
		Dáta:	31 Bealtaine 2004	
		Cód Sórtála:	93-25-37	
Dáta	**Sonraí Beart**	**Dr**	**Sr**	**Iarmhéid**
		€	€	€
01 Bealtaine 2004	Iarmhéid ar aghaidh			250.00
03 Bealtaine 2004	Lóisteáil		850.00	1,100.00
05 Bealtaine 2004	UMB – Brainse Ghuaire AIB	200.00		900.00
12 Bealtaine 2004	Seic Uimh. 20011	150.00		750.00
18 Bealtaine 2004	Dochar Díreach Vodafone	60.00		690.00
24 Bealtaine 2004	Seic Uimh. 20013	400.00		290.00

(A) Cén banc agus cén brainse ina bhfuil a Chuntas Reatha ag Pól? **(10)**

(B) De réir AIB, cé mhéad airgid atá ag Pól ina Chuntas Reatha ar 31 Bealtaine 2004? **(6)**

(C) Rinne Pól an lóisteáil ar 3 Bealtaine 2004. Bhí sé comhdhéanta de sheic ar €350.00 agus an chuid eile i nótaí. Comhlánaigh Duillín Lóisteála AIB agus an comhdhuille. **(14)**

(D) Mínigh an beart den 5 Bealtaine 2004. **(10)**

(E) Mínigh an beart den 18 Bealtaine 2004. **(10)**

(F) Thug Pól faoi deara nach raibh Seic Uimh. 20012, ar .100, a d.íoc sé lena dhochtúir ar 20 Bealtaine 2004, ar a Ráiteas Bainc. Luaigh cúis **amháin** leis sin. **(10)**



(60 marc)

Baincéireacht – Ard Leibhéal 2003

A. Fuair Seán Ó Laighin fostaíocht bhuan le déanaí agus tá sé ag smaoineamh ar chuntas bainc a oscailt. Cuireadh comhairle air go mb'fhearr a d'oirfeadh cuntas reatha dá chuid riachtanas.

a. Ainmnigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cuntas reatha sa bhanc. **(4)**

b. Liostaigh **trí** bhealach chun airgead a aistarraingt ó chuntas reatha. **(6)**

c. Mínigh cad is ciall leis an téarma "seic rite". **(2)**

d. Dá mbeadh seic rite ag cara leat cén chomhairle a chuirfeá air/uirthi? **(3)**

B. Nuair a bhíonn cuntas bainc á oscailt, bíonn ar chustaiméirí nua cruthúnas aitheantais a chur ar fáil.

a. Ainmnigh **dhá** dhoiciméad a d'fhéadfadh Seán a thaispeáint mar chruthúnas aitheantais. **(6)**

b. Luaigh **trí** choinníoll nach mór do Sheán a shásamh sula ligtear dó a chuntas a ró-tharraingt. **(9)**

C. Tá cuntas reatha Uimh. 76815534 ag Seán Ó Laighin, Bóthar Pháirc na bhFianna, Sligeach, I mBanc Aontas Éireann, Sligeach. Ar 1 Meitheamh 2003 d'aistarraing Seán €400 óna chuntas.
Abair gur tusa Seán Ó Laighin; comhlánaigh an fhoirm aistarraingte. agus tú ag baint úsáide as an doiciméad bán thíos. **(10)**

(40 marc)

Baincéireacht agus Iasachtaí – Ard Leibhéal 2004

Tá cuntas i mBanc Uladh ag Cáit Ní Shé. Fuair sí an ráiteas bainc seo a leanas ar 2 Meitheamh 2004.

Ráiteas Cuntais

Banc Uladh,
Clár Chlainne Mhuiris,
Co. Mhaigheo.

Cód Brainse: 91-05-09
Uimh. Chuntais: 1961218
Dáta: 31 Bealtaine 2004

Cáit Ní Shé,
Bóthar Mór,
Clár Chlainne Mhuiris,
Co. Mhaigheo.

Dáta	Sonraí	Dochar €	Sochar €	Iarmhéid €
1 Bealtaine 2004	Iarmhéid ar aghaidh			679
3 Bealtaine 2004	Seic 73	174		505
15 Bealtaine 2004	Paypath		1,450	1,955
17 Bealtaine 2004	DD - BSL	750		1,205
20 Bealtaine 2004	UMB – Béal an Átha	400		805
24 Bealtaine 2004	Seic 72	340		465
28 Bealtaine 2004	Táillí Bainc	18		447

Déan staidéar ar an ráiteas bainc seo agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

A. **(i)** An cuntas taisce nó cuntas reatha é seo? Tabhair cúis le do fhreagra. **(4)**

(ii) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le fiacha a íoc le seic. **(4)**

(iii) Mínigh conas a oibríonn an córas DD. **(4)**

(iv) Mínigh na bearta a tharla ar na dátaí:

• 15 Bealtaine; • 20 Bealtaine; • 28 Bealtaine. **(6)**

B. Tá Cáit ag smaoineamh ar €4,000 a fháil ar iasacht ón mBanc chun gluaisteán a cheannach ar athláimh. Níl sí cinnte ar chóir di iasacht nó rótharraingt a lorg.

a. Luaigh **dhá** dhifríocht atá idir iasacht agus rótharraingt. **(6)**

b. Mínigh **trí** thoisc a chuirfeadh an banc san áireamh sula dtabharfaidís iasacht do chustaiméir. **(9)**

C. Dá ndiúltódh an banc d'iarratas airgeadais Cháit, luaigh foinse oiriúnach eile airgeadais a d'fhéadfadh sí a roghnú chun an gluaisteán a fháil. **(7)**

(40 marc)

Baincéireacht – Ard Leibhéal 2005

D'oscail Máiréad Mistéil cuntas reatha i mBanc Uladh ar an 01/05/2005 nuair a lóisteáil sí €400 ina cuntas. Is iad seo a leanas a bearta do mhí Bealtaine:

2005		€
02/05/05	Cheannaigh earraí trí sheic Uimh. 1	40
03/05/05	Tharraing amach trí UMB	30
05/05/05	Lóisteáil dá cuntas	250
07/05/05	Cheannaigh peitreal trí sheic Uimh. 2	25
09/05/05	Cheannaigh éadaí trí sheic Uimh. 3	70
17/05/05	Tharraing amach trí UMB	30
24/05/05	Cheannaigh DVD trí sheic Uimh. 4	45
30/05/05	Lóisteáil dá cuntas	200

(A) Breac go hiomlán taifid Mháiréid féin dá bearta bainc do mhí Bealtaine 2005.
Taispeáin a hiarmhéid deiridh. **(10)**

(B) Déan comparáid idir thaifid Mháiréid féin agus an Ráiteas Bainc a fuair sí (thíos). Déan pé athraithe is gá ar thaifid Mháiréid féin agus ansin ullmhaigh Ráiteas Imréitigh Bainc

RÁITEAS BAINC Uimh. 1 31 Bealtaine 2005

Dáta	Sonraí	Dochar	Sochar	Iarmhéid
2005		€	€	€
Bealtaine 1	Lóisteáil		400	400
Bealtaine 3	UMB	30		370
Bealtaine 4	Seic Uimh. 1	40		330
Bealtaine 5	Lóisteáil		250	580
Bealtaine 7	B/O (S/O)	200		380
Bealtaine 10	A/C (C/T)		100	480
Bealtaine 14	Seic Uimh. 3	70		410
Bealtaine 17	UMB	30		380

(15)

(C) **(i)** Luaigh **dhá** chúis a n-ullmhaítear Ráiteas Imréitigh Bainc.
(ii) Mínigh an difríocht idir **dochar díreach** agus **buanordú.**
(iii) Luaigh slí **amháin** ina bhféadfadh Máiréad íoc as earraí a ceannaíodh sna Stáit Aontaithe. **(15)**

(40 marc)

Baincéireacht – Ard Leibhéal 2005 (Doiciméid)

A. **Cuntais Mháiréad Mistéil féin**

Dr			**Cuntas Bainc**		**Sr**
Dáta	Sonraí	€	Dáta	Sonraí	€

B. **Ráiteas Imréitigh Bainc ar an 31 Bealtaine 2005**

	€	€

Cártaí Creidmheasa agus Foirmeacha Iarratais – Gnáth Leibhéal 2003

Cónaíonn Aindriú Ó Dálaigh i dteach atá ar cíos ag 38 Bóthar na Sionainne, Luimneach, lena bhean agus a chlann.
Is í an uimhir teileafóin atá acu ná 061-962853.
Beidh Aindriú 40 bliain d'aois ar 26 Lúnasa 2003.
Tá Aindriú fostaithe mar mhúinteoir i gColáiste an Chonartha, Luimneach le 18 bliain. Tuilleann sé tuarastal comhlán de €3,500 in aghaidh na míosa.
Tá Cuntas Reatha aige (Uimh. 52537719) ag brainse An tSráid Ard, Luimneach, de Bhanc Náisiúnta Éireann ó 1990.

Is mian le hAindriú **Cárta Creidmheasa** a úsáid nuair a bhíonn sé ag ceannach earraí nó seirbhísí.

(A) Luaigh **dhá** chúis ar mhaith le hAindriú, b'fhéidir, úsáid a bhaint as cárta creidmheasa nuair a bheadh sé ag ceannach earraí nó seirbhísí.

(12)

(B) Beartaíonn Aindriú Cárta Creidmheasa a fháil. Faigheann sé Foirm Iarratais ó Bhanc ANBM Tta. Comhlanaigh an Fhoirm Iarratais ó **dháta an lae inniu**.

(40)

(C) Luaigh fadhb **amháin** a d'fhéadfadh a bheith os comhair Aindriú dá núsáidfeadh sé a chárta creidmheasa ró-mhinic.

(8)

(60 marc)

Foirm Iarratais – Gnáth Leibhéal 2003

Iarratas ar Chárta Creidmheasa le Banc ANBM Tta.

Sloinne: _____ Céad Ainm: _____ Uasal/Bean/Iníon: _____

Seoladh: _____

_____

Dáta Breithe: _____ Uimh. Theileafóin: _____

Pósta? ☐ Singil? ☐ Baintreach? ☐ Úinéir Tí? ☐ Tionónta? ☐

(Cuir tic (✓) sa bhosca cuí le do thoil)

Slí Bheatha: _____ Olltuarastal Bliantúil: €_____

Ainm & Seoladh an Fhostóra: _____

_____

Abair cén bhliain ar thosaigh tú ar an bhfostaíocht seo? _____

Ainm do Bhainc: _____

Seoladh an Bhrainse: _____

Cineál Cuntais: _____ Uimh. An Chuntais: ☐☐☐☐☐☐☐☐

Cé mhéid bliain leis an mbanc seo: _____

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Chárta Creidmheasa le Banc ANBM Tta.

Síniúchán: _____ Dáta: _____

Árachas

Pointí le coimeád i gcuimhne:
Cineálacha Árachais Theaghlaigh
- Dearbhú Saoil
- Árachas Maoine
- Árachas Mótair/Cairr
- Árachas Pearsanta

Cineálacha Árachais Saoil:
- **Árachas lánsaoil:** faigheann do mhuintir suim airgid ar do bhás
- **Árachas dearlaice:** faigheann tú suim airgid ar dáta socraithe, nó ar do bhás más túisce sin.

Cúig Phrionsabal Árachais
- Leas Inárachais
- Meon Lánmhaith
- Slánaíocht
- Ranníocaíocht
- Seachaíocht

An dóigh a n-oibríonn Árachas
- Líon ard íocaíochtaí beaga rialta (préimheanna/premiums)
- Linn Árachais (insurance pool)
- Éilimh, Riaracháin, Brabús
- Íocann gach uile dhuine suim bheag le comhlachtaí árachais agus díolann comhlacht árachais cúiteamh (compensation) leis an duine a dtarlaíonn an drochrud dó.

Sainmhíniú
Is cosaint airgeadais é árachas ar rud éigin a d'fhéadfadh tarlú.

Téarmaí Tábhachtacha
- Foráil eisiatachta
- Préimh
- Nóta árachais
- Polasaí
- Foráil Bharrachais
- Cúiteamh

Daoine Tábhachtacha
- An tÁrachóir
- An tÁrachtaí
- Bróicéir árachais
- Achtúire
- Measúnóir

Gníomhaíochtaí Tábhachtacha
- Cuideachta árachais a roghnú
- Foirm thogra árachais a chomhlíonadh
- An Phréimh a íoc (árachaí)
- Éileamh a dhéanamh
- Cúiteamh a íoc (arachóir)

Árachas

An dóigh a n-oibríonn Árachas
Árachas: an bréagmhargadh é?
Árachas v. Dearbhú
Fiontair Inárachas agus Neamh-inárachais
    Fiontair Neamh-inárachais
Airteagail Eisiachtacha
Téarmaí

Ag Socrú Árachais
Cúig Phrionsabal Árachais
    Leas Inárachais
    Meon Lánmhaith
    Slánaíocht
    Ranníocaíocht
    Seachaíocht
Foráil Chaillroinnte
Cineálacha Árachais Theaghlaigh
    Dearbhú Saoil
    Árachas Maoine
Árachas Mótair/Cairr
        Árachas Tríú Páirtí
        Árachas Tríú Páirtí, Tine agus Goid
        Árachas Uileghabhálach
Árachas Pearsanta
        Árachas Leighis
        Árachas Cosanta Tuarastail
        Árachas Timpiste Pearsanta
        Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ASPC)
        Árachas Taistil
Buntáistí Árachais Theaghlaigh
Cineálacha Árachais Ghnó
        Árachas Gach Fiontair Thine
        Árachais Caillteanais Iarmhartach
        Árachas Gadaíochta
        Árachas Iompair
        Árachas Freagrachta Poiblí
        Árachas Freagrachta Fostóra
        Árachas Freagrachta Táirge
        Árachas Mótair/Cairr
Buntáistí Árachais do Ghnólachtaí
Ceisteanna

Árachas

Is cosaint airgeadais é árachas ar rud éigin a d'fhéadfadh tarlú

An dóigh a n-oibríonn Árachas

- Líon ard íocaíochtaí beaga rialta (préimheanna/premiums)
- Linn Árachais (insurance pool)
- Éilimh, Riaracháin, Brabús
- Íocann gach uile dhuine suim bheag le comhlachtaí árachais agus díolann comhlacht árachais cúiteamh (compensation) leis an duine a dtarlaíonn an drochrud dó

Árachas: an bréagmhargadh é?

Uaireanta, ceapann daoine nach bhfuil san árachas ach bréagmhargadh (false economy); ceapann siad go bhféadfaidís rud éigin níos fearr a dhéanamh leis an airgead; dá mbeidís cúramach go leor nach dtarlódh an drochrud; ach tá dul amú orthu.
Is fearr suim bheag a dhíol go rialta ná suim mhór a chailleadh dá dtarlódh tubaiste. Nach fearr i bhfad cúpla céad euro a dhíol gach bliain agus a bheith cinnte go bhfaighfeá luach iomlán an tí dá scriosfaí é

Árachas v. Dearbhú

- Is cosaint é árachas ar rud a d'fhéadadh tarlú , m/sh, tine, timpiste
- Is cosaint é dearbhú ar rud a tharlóidh, m/sh, bás, dul in aois

Fiontair Inárachas agus Neamh-inárachais

Bíonn comhlachtaí árachais ann chun brabús a dhéanamh; dá bhrí sin tá fiontair (risks) ann nach mbeidh na comhlachtaí sásta árachas a thabhairt faoina gcoinne
Féachfaidh comhlacht árachais ar na rudaí seo a leanas:

- Ní féidir leis an gcailleadh a bheith chomh mór sin nach mbeadh an comhlacht árachais in ann an cúiteamh a dhíol
- Caithfidh an comhlacht árachais a bheith in ann an riosca a áireamh
- Tá sé riachtanach go mbeadh an cineál céanna árachais ag teastáil ó go leor daoine
- Níor cheart go mbeadh sé cinnte go dtarlóidh an riosca.

Fiontair Neamh-inárachais

Samplaí

- Árachas ar chrith talún in áiteanna a bhfuil critheanna talún coitianta
- Árachas ar athrú faisean nó dúl as gnó
- Árachas ar chaitheamh meaisíní tí

Airteagail Eisceachtúla

Uaireanta, aontaíonn cuideachta árachais árachas a thabhairt ar an gcoinníoll nach bhfuil fiontair airithe clúdaithe, i.e. má tharlaíonn rudaí áirithe, ní dhíoltar cúiteamh ar bith. Tugtar airteagail eisceachtúla ar na coinníollacha seo.

Téarmaí

- **Cuideachta Árachais** (insurance company): cuideachta a chuireann árachas ar fáil do dhaoine nó ghnólachtaí
- **Bróicéir Árachais** (insurance broker): Oibríonn sé dó féin agus díolann sé árachas ar son roinnt cuideachtaí árachais; díoltar coimisiún leis as seo. Tugann sé comhairle do dhaoine atá ag cuartú árachais sa gcaoi go mbeidh siad in ann an margadh is fearr a fháil ó na comhlachtaí éagsúla.
- **Gníomhaire Árachais** (insurance agent): seo duine atá fostaithe ag cuideachta árachais agus a dhíolann árachas ar son na cuideachta sin le baill an phobail. Díoltar pá bunúsach agus coimisiún leis.
- **Foirm Thogra** (proposal form): seo foirm iarratais ar árachas. Bíonn ceisteanna ann maidir leis an duine agus/nó an rud ar bhain an t-árachas leis.
- **Préimh** (premium): seo an praghas atá le díol ar árachas; is minic a íoctar i ngálaí í.
- **Polasaí Árachais** (insurance policy): seo an conradh idir an cuideachta árachais agus an duine a bhfuil an t-árachas faighte aige; bíonn sé i scríbhinn agus bíonn cur síos iomlán ar an árachas atá socruithe ann.
- **Teastas Árachais** (certificate of insurance): Seo achoimre (summary) ar na príomhphointí atá sa pholasaí.
- **Nóta árachais** (cover note): seo litir a chuireann cuideachta árachais amach le rá go bhfuil an t-árachas faighte; cuirtear amach é nuair atá moill idir an t-árachas a fháil agus an polasaí é féin a fháil.
- **Fógra athnuachana** (renewal notice): nóta ón gcuideachta árachais le cur in iúl do dhuine go bhfuil sé in am aige polasaí nua árachais a fháil.

Ag Socrú Árachais

- Áirigh luach an ruda a bhfuil tú ag iarraidh cur faoin árachas.
- Déan teagmháil le cuideachta árachais nó le bróicéir árachais.
- Comhlíon an fhoirm thogra.
- Díol an chéad phréimh.
- Tugtar polasaí árachais agus teastas árachais duit agus nóta árachais más gá.

Cúig Phrionsabal Árachais

1. Leas Inárachais (Insurable interest)
2. Meon Lánmhaith (Good faith)
3. Slánaíocht (Indemnity)
4. Ranníocaíocht (Contribution)
5. Seachaíocht (Subrogation)

1. Leas Inárachais

Ní féidir leat rud a chur faoin árachas ach rud a chuirfeadh a chailleadh isteach ortsa féin ó thaobh airgid de. D'fhéadfá do theach féin a chur faoin árachas ach ní fhéadfá teach do chara a chur faoin árachas mar ní bheifeá thíos leis dá scriosfá an teach sin. Níl leas inárachais agat i dteach do chara.

2. Meon Lánmhaith

Tá sé riachtanach gach eolas, a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chinneadh na cuideachta árachais, a thabhairt don chuideachta agus tú ag cur rud éigin faoin árachas, m/sh díon tuí i gcás árachais tí, dreapadóireacht i gcás árachais saoil, carr spóirt i gcás árachais cairr.

3. Slánaíocht
Ní féidir le duine airgead a dhéanamh ar an árachas, m/sh má chuireann tú carr ar fiú €5,000 é faoi árachas ar €10,000, ní bhfaighidh tú ach €5,000 má scriostar an carr.

4. Ranníocaíocht
Má chuireann tú do charr faoi árachas ar €5,000 le dhá chuideachta árachais, ní íocfaidh siad araon leat ach €2,500.

5. Seachaíocht
Tar éis don chuideachta árachais €5,000 a dhíol leat mar chúiteamh ar charr a scriosadh is leis an gcuideachta an carr scriosta.

Foráil Chaillroinnte
Sampla:
Luach tí: €100,000
Luach árachais: €80,000
Bhí tine ann agus rinneadh damáiste de €50,000
Cé mhéad cúiteamh a bhfaighfear?
Freagra €50,000 X 80/100 = €40,000

Cineálacha Árachais Theaghlaigh
1. Dearbhú Saoil
2. Árachas Maoine
3. Árachas Mótair/Cairr
4. Árachas Pearsanta

1. Dearbhú Saoil
Tá trí chineál ann:

(i) Dearbhú saoil iomláin

a. Díolann an duine a bhfuil faoi árachas préimh gach mí/bliain agus nuair a fhaigheann sé bás, díolann an cuideachta árachais suim aontaithe le teaghlach an duine

(ii) Dearbhú dearlaice

a. Díolann an duine a bhfuil faoi árachas préimh leis an gcuideachta árachais gach mí; déanann an chuideachta an t-airgead sin a infheistiú. Má fhaigheann an duine bás, díolfar suim aontaithe lena theaghlach. Ach, más mian leis an duine, is féidir leis féin deireadh a chur leis an bpolasaí agus suim airgid a fháil; beidh méid na suime ag brath ar fhad thréimhse an pholasaithe agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis.

(iii) Árachas téarma

a. Seasann fad an pholasaithe tréimhse áirithe; de ghnáth bíonn an cineál seo árachais ag daoine a bhfuil iasacht mhór airgid acu. Má fhaigheann siad
bás sula mbíonn siad in ann an iasacht a dhíol ar ais, díolfar an t-árachas cibé méid atá fós le díol

b. Sampla: árachas cosanta morgáiste (*mortgage protection insurance)*

2. Árachas Maoine
Bíonn dhá chuid san árachas seo:

(i) Árachas foirgnimh
(ii) Árachas inneachair

De ghnáth, cuirtear an foirgneamh agus an t-inneachar faoi árachas leis an gcuideachta chéanna ach is féidir dhá chuideachta a úsáid.
Bíonn costais an árachais ag brath ar luach na rudaí atá curtha faoi árachas agus faoin riosca.

3. Árachas Mótair/Cairr

Caithfidh árachas mótair a bheith ag gach duine a bhfuil feithicil mhótair aige. Beidh an phréimh ag brath ar aois an tiománaithe, méid innill an chairr, cineál ceadúnais tiomána agus stair tiomána atá i gceist.
Tá trí chineál d'árachas mótair ann:

(i) Árachas Tríú Páirtí
(ii) Árachas Tríú Páirtí, Tine agus Goid
(iii) Árachas Uileghabhálach

(i) Árachas Tríú Páirtí

Caithfidh an cineál seo árachais, ar a laghad, a bheith ag tiománaí. Faoin árachas seo, díoltar cúiteamh le haon duine a ghortaítear nó a rinneadh damáiste dá chuid maoine de bharr tiomána tiománaithe.
Ní dhíoltar cúiteamh ar bith leis an duine atá faoi árachas.
Seo an t-árachas mótair is lú costais.

(ii) Árachas Tríú Páirtí, Tine agus Goid

Tá an cineál seo árachais díreach cosúil leis an gceann eile ach is féidir leis an duine atá faoi árachas cúiteamh a fháil má ghoidtear a charr nó má scriostar i dtine é.

(iii) Árachas Uileghabhálach

Sa chineál árachais seo, díoltar cúiteamh leis na daoine uile a gortaíodh agus/nó a rinneadh damáiste dá gcuid maoine, fiú má ba iadsan ba chúis leis. Seo an cineál árachais mótair is costasaí.

4. Árachas Pearsanta

(i) Árachas Leighis

Seo árachas a chlúdaíonn costais otharlainne duine má tá ar dhuine dul isteach in otharlann. Is iad na cuideachtaí VHI agus BUPA a chuireann an t-árachas seo ar fáil.

(ii) Árachas Cosanta Tuarastail

Tugann an t-árachas seo ioncam do dhuine nach bhfuil in ann dul ag obair a thuilleadh. De ghnáth, díoltar 75% den thuarastal a bhíodh ag an duine go sroicheann sé aois an phinsin. Tá gach duine i dteideal cúnamh stáit a fháil muna bhfuil siad in ann dul ag obair arís ach ceapann roinnt mhaith daoine nach leor sin agus faigheann siad árachas cosanta tuarastail.

(iii) Árachas Timpiste Pearsanta

Seo árachas a thugann cúiteamh do dhuine má bhaineann gortú dó de bharr timpiste; faoin árachas seo díoltar cúiteamh faoi leith le duine má tharlaíonn timpiste faoi leith, m/sh, briseadh cois, cailleadh radhairc.

(iv) Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ASPC)

Seo scéim árachais atá á reachtáil ag an Stát; díolann fostaithe agus fostóirí céatadán áirithe de phá na bhfostaithe leis an Roinn Leasa Shóisialta agus is féidir leis na fostaithe sochair éagsúla a fháíl – sochair máthaireachais, cúnamh dífhostaíochta, pinsean baintrí.

(v) Árachas Taistil

Seo árachas a fhaigheann daoine nuair atá siad ag dul ag taisteal; díolann sé cúiteamh le daoine má bhíonn siad tinn nó gortaithe agus iad thar lear; díoltar cúiteamh leo freisin má chailltear bagáiste s'acu nó má chailleann siad a gcuid airgid.

Buntáistí Árachais Theaghlaigh

1. Laghdaíonn sé an imní a bhíonn ar dhaoine.
2. Tugann sé slándáil airgeadais do dhaoine má fhaigheann duine a bhfuil siad ag brath air/uirthi bás.
3. Tugann sé foinse airgid do dhaoine muna bhfuil siad in ann dul ag obair.
4. Cuidíonn sé le daoine díol as billí otharlainne.

Cineálacha Árachais Ghnó

1. Árachas Gach Fiontair Thine

Caithfidh gach gnó a bheith cinnte go bhfuil go leor árachais acu maidir le foirgnimh, trealamh agus stoc i gcás tine. Bíonn polasaí árachais thine agus fiontair bhreise ag an gcuid is mó de ghnólachtaí agus clúdaíonn a leithéid de pholasaí cailleadh mhaoin na gnólachta de bharr tine, stoirmeacha, tintreach, tuilte, píopaí pollta, etc.

2. Árachas Caillteanais Iarmhartaigh

Clúdaíonn an t-árachas seo gnólachtaí in aghaidh an brabús a chailltear nuair nach bhfuil an gnó in ann feidhmiú de bharr tine; clúdaíonn sé freisin roinnt costais, m/sh, pá, a chaitear díol astu cé nach bhfuil an gnó ag feidhmiú.

3. Árachas Gadaíochta

Clúdach maidir le caillteanas a tharlódh de bharr goideadh stoic, airgid tirim nó trealaimh.

4. Árachas Iompair

Clúdach maidir le cailleadh stoic nó airgid le linn turais.

5. Árachas Freagrachta Poiblí

Tá an t-árachas seo iontach tábhachtach do ghnólachtaí a ligean do bhaill an phobail teacht ar a gcuid áitreabh, m/sh siopaí, tithe ósta, etc. Clúdaíonn sé an gnó sa gcás go ngortófaí nó go marófaí ball an phobail agus é in áitreabh an ghnó.

6. Árachas Freagrachta Fostóra

Clúdaíonn an cineál árachais seo gnó má tá cúiteamh le díol le fostaí a ghortaítear nó a mharaítear le linn a chuid oibre.

7. Árachas Freagrachta Táirge

Clúdaíonn an cineál árachais seo gnó má tá cúiteamh le díol le duine den phobail a ghortaítear nó a mharaítear de bharr úsáide táirge de chuid an ghnó.

8. Árachas Mótair/Cairr

Mar atá i gcás teaghlaigh.

Buntáistí Árachais do Ghnólachtaí

1. Laghdaíonn sé an imní airgeadais a bhaineann le gnó.
2. Spreagann sé daoine le hinfheistiú a dhéanamh i ngnólachtaí mar tá a fhios acu go mbeidh roinnt de fhiontair clúdaithe.
3. Ní fhéadfadh gnólachtaí mara agus aerlíne feidhmiú murach árachas mar is féidir leis na cailliúintí a bheith iontach ard.

Ceisteanna

1. “Is bréagmhargadh é díol as árachas.” An aontófá leis an ráiteas seo? Mínigh do fhreagra.
2. Ainmnigh trí rud nach bhfuil tú in ann clúdach árachais a fháil faoina gcoinne.
3. Scríobh alt gairid ag míniú an dóigh a n-oibríonn árachas.
4. Mínigh an difear idir árachas agus dearbhú.
5. Cad iad na cúig phrionsabal árachais?
6. Cad a chiallaíonn Meon Lán-mhaith? Tabhair sampla.
7. Cad a chiallaíonn Ranníocaíocht? Tabhair sampla.
8. Mínigh an téarma Slánaíocht agus tabhair sampla.
9. Mínigh an difríocht idir Árachas Téarma agus Dearbhú Saoil Iomláin.
10. Cad iad na rudaí a bhfuil tionchar acu ar phréimh (praghas) árachas maoine?

Árachas – Ceisteanna Scrúduithe

Árachas – Gnáth Leibhéal 2003

Árachas – Ard Leibhéal 2004

Árachas agus Tuarascáil – Ard Leibhéal 2005

Árachas – Gnáth Leibhéal 2003

(A) Luaigh cúis amháin a bhfuil gá ag daoine a bhfuil tithe acu le polasaí árachais a thógáil amach.

(9)

(B) Bíonn cuid mhaith téarmaí i gceist nuair a bhítear ag plé le hárachas, ar nós **foirm thairisceana, polasaí, riosc, éileamh, cúiteamh** agus **foráil chaillroinnte.**
Mínigh aon **trí cinn** de na téarmaí sin thuas a bhfuil líne fúthu.

(18)

(C) Tá **Den Mheon Maith is Mó** riachtanach i gcúrsaí árachais. Mínigh cad is ciall leis agus luaigh cúis **amháin** a bhfuil tábhacht ag baint leis.

(15)

(D) Ba mhaith le Muintir Bhrógáin árachas de €250,000 a chur ar a dteach agus árachas de €90,000 a chur ar a bhfuil sa teach. Faigheann siad meastachán ó comhlacht árachais de €8 per €1000 ar an teach agus €15 per €1000 ar a bhfuil istigh ann. Ríomh costas iomlán na préimhe a bheadh le híoc acu. Taispeáin do chuid oibriúchán.

(18)

(60 marc)

Árachas – Ard Leibhéal 2004

Oibríonn Seán mar bhainisteoir oifige. Tá teach agus gluaisteán aige. Tá ceathrar páistí aige agus morgáiste mór ar a theach. Tá sé ag smaoineamh gan an t-árachas ar an teach agus ar an ngluaisteán a athnuachan toisc go bhfuil na costais árachais méadaithe.

(A) Cén téarma a úsáidtear don mhéid a íocann Seán ar Árachas? **(3)**

(B) An bhfuil riachtanas dlí ar Shéan árachas a chur ar
- a theach;
- a ghluaisteán.

Mínigh do fhreagra i **ngach** cás. **(6)**

(C) Tabhair **dhá** chúis fhéideartha go bhfuil méadú tagtha ar chostais árachais Sheáin. **(6)**

(D) Mhol bróicéir do Sheán dóthain clúdach árachais a fháil agus cuimhneamh ar phrionsabal 'de mheon lánmhaith' nuair a bheadh árachas á cheannach aige.

Mínigh an riachtanas a bhaineann le dóthain árachais a bheith ar a ghluaisteán agus ar a theach. **(4)**

Ainmnigh an doiciméad a chomhlánaigh Seán nuair a thóg sé amach árachas. **(3)**

Nuair a bhíonn sé ag cur isteach ar árachas gluaisteáin, luaigh **trí** phíosa eolais seachas an t-ainm, seoladh agus uimhir theileafóin a chaithfidh Seán a thabhairt. **(6)**

Mínigh cad is ciall leis an bprionsabal 'de mheon lánmhaith'. **(4)**

(E) Teastaíonn ó Sheán árachas de €160,000 a chur ar theach an teaghlaigh agus €70,000 ar a bhfuil sa teach. Fuair sé luachan óna bhróicéir de €12 in aghaidh €10,000 don teach agus €8 in aghaidh €1,000 dá bhfuil sa teach. Tá laghdú de 15% toisc go bhfuil aláram sa teach.

Ríomh costas an árachais ar theach an teaghlaigh. Taispeáin do chuid oibriúchán. **(8)**

(40 marc)

Árachas agus Tuarascáil – Ard Leibhéal 2005

Déanann agus seachadann NPD ELECTRIC Tta, 34 Bóthar na Spréiche, An Ghaillimh, fearais leictreacha don teach. Díoltar a dtáirgí in Éirinn.
Is mian le NPD ELECTRIC athbhreithniú a dhéanamh ar a bpolasaithe árachais agus teastaíonn uatha comhairle a fháil ar a riachtanais árachais. Cuireann siad ar fáil an t-eolas seo a leanas
I measc a sóchmhainní tá: Áitreabh; Fearas; Feithiclí Mótair; Stoc Fearas Leictreach.
Tá ochtó duine ar an bhfoireann oibre.
Lóisteálann NPD ELECTRIC Tta a gcuid airgid dhá uair sa tseachtain i mbanc atá deich gciliméadar uatha.

Cuir i gcás gur tusa Comhairleoir Árachais, 10 Castle View, Ros Comáin.

(A) Ullmhaigh tuairisc, ar dháta an lae inniú le haghaidh stiúrthóirí NPD Electric Tta ag leagan amach.

- **Dhá** chineál árachais atá riachtanach do NPD ELECTRIC Tta de réir an dlí;
- **Ceithre chineál eile** árachais a bheadh ábhartha agus a mholfá dóibh, agus na cúiseanna lena leithéidí a bheith acu;
- An tábhacht a bhaineann le dóthain árachais a bheith ag NPD ELECTRIC Tta

(32)

(B) Mhol Martina do stiúrthóiri NPD ELECTRIC Tta gur cheart dóibh, agus an phréimh árachais á ríomh acu an phréimh bhunúsach, an t-ualú agus na hasbhaintí a chur san áireamh. Ba é €25,000 an phréimh bhunúsach, an t-ualú 30% den phréimh sin agus na hasbhaintí 12% den phréimh sin móide ualú.

- Liostaigh sampla amháin d'ualú agus sampla amháin d'asbhaint a chuirfeadh NPD ELECTRIC san áireamh, b`fhéidir, agus an Phréimh á áireamh acu.
- Ríomh an táille iomlán le haghaidh NPD ELECTRIC Tta. (Taispeáin do chuid oibrithe).

(8)

(40 marc)

Cuid 2

Feasacht Eacnamaíochta

Eacnamaíocht 67
An Buiséad Náisiúnta 68
Trádáil Eachtrach..... 74
Eacnamaíocht – Ceisteanna Scrúduithe 85
Cineálacha Gnó & Bunú Cuideachta 89
Cineálacha Gnó & Foirmeacha Úinéireachta - Ceisteanna 91
An Plean Gnó 95
Foinsí Airgeadais 97
Airgeadas Gnó & Iasachtaí – Ceisteanna Scrúduithe 100
Cumarsáid 102
Daoine ag Obair 103
Daoine ag Obair – Ceisteanna Scrúduithe 109
Caidreamh Tionsclaíoch 117
Caidreamh Tionsclaíoch – Ceisteanna Scrúduithe 118

Eacnamaíocht: Réamhrá

Téarmaí Tábhachtacha
- Riachtanais
- Teastálacha
- Toscaí Táirgeachta
- Fás Eacnamaíochta
- Olltáirgeacht Náisiúnta
- Boilsciú

Cineálacha Éagsúla Córais Gheilleagracha:
- Geilleagar Pleanáilte: An Chóiré Thuaidh
- Geilleagar Saorfhiontair: S.A.M.
- Geilleagar Measctha: Éirinn

Daoine Tábhachtacha
- An Rialtas,
- Comhlachtaí
- Siopaí

Gníomhaíochtaí Tábhachtacha
- Ag tomhas fáis eacnamaíochta
- Ag tomhas boilscithe

Pointí le coimeád i gcuimhne: Eacnamaíocht
Seo an staidéar ar conas a úsáidtear acmhainní an domhain chun riachtanais agus teastálacha gach duine a shásamh.

Riachtanais: rudaí atá ag teastáil uainn chun maireachtáil, m.sh teach, bia,
Teastálacha: rudaí ba mhaith linn, ach nach bhfuil riachtanach, m.sh carr, ríomhairí

Toscaí Táirgeachta: Talamh, Saothar, Caipiteal, Fiontraíocht
Seo na hacmhainní atá ag teastáil le hearraí agus seirbhísí a tháirgeadh.

Fás Eacnamaíochta
Seo fás ar an méid earraí agus seirbhísí a dhíoltar i dtír i gcomparáid leis an mbliain seo caite.

Olltáirgeacht Náisiúnta
Tugtar olltáirgeacht náisiúnta ar an méid iomlán earraí agus seirbhísí a tháirgtear i dtír, laistigh de bhliain. Tomhasann sé fás eacnamaíochta. Arís, ná déan dearmad go gciallaíonn fás eacnamaíochta go bhfuil ardú **ar an méid** earraí agus seirbhísí a díoladh, ní díreach ardú i bpraghsanna.

Boilsciú: Tugtar boilsciú ar **ardú ginearálta i bpraghsanna** sa tír. Nuair atá praghsanna ag ardú, ciallaíonn sé seo go bhfuil an costas maireachtála ag ardú do dhaoine.

An Buiséad Náisiúnta (An Cháinaisnéis)

Ioncam an rialtais

Ioncam caipitiúil: ioncam neamh-rialta
- Iasacht
- Airgead ón AE
- Má dhíoltar maoin/gnó tíre – Príobháidiú. (Gnólachtaí faoi úinéireacht stáit a thiontú go húinéireacht scairshealbhóirí nó daoine aonair – m/sh. Irish Life, Greencore, Telecom Éireann).

Ioncam reatha: airgead a thagann isteach go rialta
- Cáin Ioncaim (IMAT *PAYE)*
- CBL (VAT) ó earraí agus seirbhísí
- Cáin chorparáide agus ar ioncam eile cuideachtaí
- Dleacht chustaim agus dleacht mháil
- VRT
- Dleacht allmhaire
- DIRT (Cáin choinneála ar ús de chuntas taisce)

Téarmaí Tábhachtacha
Ioncam caipitiúil
Ioncam reatha
Caiteachas caipitiúil
Caiteachas reatha
Easnamh
Farasbarr

Gníomhaíochtaí Tábhachtacha
Ullmhaíonn an t-aire airgeadais buiséad na tíre (an Cháinaisnéis) i mí na Nollag gach bliain.

Caiteachas an rialtais

Caiteachas caipitiúil: rudaí a mhairfidh ar feadh na mblianta
- Scoileanna, ospidéil, bóithre nua a thógáil

Caiteachas reatha: rudaí atá ídítear taobh istigh de bhliain,
- Ús ar iasacht (Seirbhísiú fiachais – debt servicing)
- Tuarastal lucht na stáit Sheirbhís (Gardaí, Múinteoirí, An Airm, Altraí)
- Costais reatha na roinn éagsúla
- Roinn Oideachais & Eolaíocht
- Roinn Cosaint
- Roinn Talmhaíochta
  - Roinn Sláinte
  - Roinn Leasa Shóisialaigh (íocaíochtaí leasa shóisialaigh)
  - Roinn Fiontar Trádála & Fostaíochta
  - Roinn Airgeadais
  - Roinn Gnóthaí Phobail Tuaithe agus Gaeltachta

Farasbarr: ioncam > caiteachas
Is féidir leis an rialtas:
- Cáin ioncaim a ísliú
- Caiteachas a mhéadú
- Iasacht (+ ús) a aisíoc

Easnamh: caiteachas > ioncam
Is féidir leis an rialtas:
- Cáin a mhéadú
- Caiteachas na tíre a ísliú
- Iasacht a fháil ó thíortha eile (ach beidh ús le h-íoc)

Na Comhlachtaí Stáit

Pointí le coimeád i gcuimhne:
Chomh maith leis na **trádálaí aonair**, **na comhlachtaí teoranta poiblí agus príobháideacha**, agus **na comharchumainn**, tá comhlachtaí ag feidhmiú sa tír ar leis an stáit iad: mar shampla, Bus Éireann.

Níl an oiread de na **comhlachtaí stáit** seo ag feidhmiú anois is a bhíodh. Tharla seo mar gur dhíol an rialtas cuid díobh (príobháidiú). Mar shampla díoladh Telecom Éireann, agus Eircom an t-ainm atá ar an gcomhlacht sin anois.
Is féidir na comhlachtaí stáit atá ag feidhmiú sa tír a rangú mar seo:

(i) Táirgeacht
(ii) Airgeadas
(iii) Taighde agus Traenáil
(iv) Margaíocht
(v) Iompar
(vi) Cumarsáid
(vii) Seirbhísí

Téarmaí Tábhachtacha
Príobháidiú: Seo a tharlaíonn nuair a dhíolann an rialtas comhlacht a bhí ina seilbh go dtí seo, agus nuair a dhéantar comhlacht príobháideach de. Mar shampla, roinnt blianta ó shin dhíol an rialtas Comhlacht Siúcra Éireann Teoranta (C.S.É.T.) agus Greencore a thugtar anois air. Déantar na scaireanna a dhíol ar an stocmhalartan.

Monaplacht: I gcás mar seo níl ach comhlacht amháin ag cur earra nó seirbhíse ar fáil. Mar shampla, tá monaplacht ag Iarnród Éireann chun paisinéirí agus lasta a iompar ar iarnróid na tíre.

(i) Táirgeacht
Bord na Móna
Bord Soláthair an Leictreachais
Bord Gáis

(ii) Airgeadas
An tÚdarás Forbartha Tionscail
Fiontar Éireann(Enterprise Ireland)
Údarás na Gaeltachta

(iii) Taighde agus traenáil
Foras Áiseanna Saothair (FÁS)
Eolas
Teagasc

(iv) Margaíocht
Bord Fáilte
Bord Bia
Bord Iascaigh Mhara

(vi) Cumarsáid
Raidió Teilifís Éireann
An Post

(v) Iompar
Iarnród Éireann
Bus Éireann
Aer Lingus

(vii) Seirbhísí
Árachas Sláinte
Saorálach (VHI)

An Rialtas & Na Comhlachtaí Stáit

Ainm: _____ Dáta: _____

1. Seirbhísí

Líon isteach an tábla thíos.

Seirbhís	**Roinn**	**Aire**
Scoileanna & Múinteoirí		
Bóithre		
Gardaí		
Ospidéil		
Deontais		
Gardaí		

2. Comhlachtaí leath-stáit

Líon an tábla

Seirbhís	**Comhlacht/comhlachtaí leath-stáit**
Post	
Solas agus Teas	
Teilifís agus Raidió	
Busanna	
Gáis	
Oiliúint	
Iascaireacht	

3. Ioncam don rialtas

Reatha



Caipitiúil



Pioc amach samplaí reatha agus caipitiúil ón liosta seo leanas agus cuir sa ghrúpa ceart iad.

- Cáin ioncaim
- deontas
- príobhú (privatization)
- DIRT
- CBL (VAT)
- brabús na comhlachtaí leath-stáit
- dleacht custaim

4. Caiteachas don rialtas

Reatha



Caipitiúil



Pioc amach samplaí reatha agus caipitiúil ón liosta seo leanas agus cuir sa ghrúpa ceart iad.

- Leas shóisialta
- scoil nua
- bóthar nua
- tuarastal
- busanna nua
- solas
- teas
- fón

5. Buiséad difriúla

A. Ioncam = Caiteachas
B. Ioncam níos mó ná caiteachas
C. Caiteachas níos mó ná ioncam

Cuir an litir ceart (ón liosta thuas) le gach ceann díobh seo:

Easnamh ☐

Farasbarr ☐

Cothrom ☐

6. Buiséad náisiúnta

Bíonn an buiséad náisiúnta bunaithe ar na tosca seo leanas:

- Cáin ioncam
- CBL (VAT)
- Dleacht custaim
- Leasa sóisialta
- Oideachas
- Sláinte
- Seirbhís fiacha
- Talúntas
- Cáin corporáid
- Turasóireacht
- Ilnithe

Ar bhileog bhán scríobh amach buiséad náisiúnta samplach, bunaithe ar an eolas thuas.

7. Cúram an aire

Cad is féidir leis an aire a dhéanamh sna cásanna seo?

Easnamh sa bhuiséad náisiúnta	**Farasbarr sa bhuiséad náisiúnta**

8. An rialtas áitiúil

Cad iad na seirbhísí a chuireann an rialtas áitiúil ar fáil?

Cad é an ceangal idir an rialtas áitiúil agus an rialtas? Scríobh do fhreagraí sa spás thíos.



Trádáil Eachtrach 1 Achoimre

Trádáil: Tíortha/daoine ag malartú earraí agus seirbhísí in aghaidh airgid.
Trádáil Eachtrach: trádáil a tharlaíonn idir Éire agus tíortha eile an domhain. Daoine agus gnó i dtíortha difriúla ag díol agus ag ceannach earraí agus seirbhísí óna chéile.
Iompórtáil (Allmhairigh): Éireannaigh ag ceannach earraí agus seirbhísí as tíortha eile (a táirgeadh thar lear).
Easpórtáil (Onnmhairigh): Earraí agus seirbhísí a táirgeadh in Éirinn a dhíol i dtíortha eile, nó le tíortha thar lear.
Comhardú na trádála: An difríocht idir easpórtáil sofheicthe agus iompórtáil sofheicthe.
Comhardú na n-íocaíochtaí: An difríocht idir chuile airgead a shaothraíonn tír ón gcuid eile don domhan, agus an méid a íocann tír leis an gcuid eile den domhan.
Rátaí malairte: Costas airgeadra amháin i dtéarmaí eile.
Aontas Eorpach: 25 tír ina bhfuil saorthrádáil agus saor ghluaiseacht saothair agus caipitil eatarthu.

Téarmaí Tábhachtacha

- Iompórtáil
- Easpórtáil
- Comhardú na Trádála
- Aontas Eorpach
- Rátaí Malarta
- Trádáil Eachtrach
- Geilleagar
- Rátaí malairte
- Aontas Eorpach
- Sofheicthe
- Dofheicthe
- Barrachas
- Easnamh

Mar ghrúpa, déan suirbhé

1. Breathnaigh timpeall an seomra ranga agus déan liosta de na hearraí uile atá agaibh féin, atá mar threalamh sa seomra nó atá ag an múinteoir.
2. Aimsigh cén áit/tír ar táirgeadh na hearraí seo.

Ón suirbhé thuas feicimid gur táirgeadh roinnt de na hearraí sin thar lear, taobh amuigh d'Éireann: iompórtáladh iad.

Nótaí Breise

Trádáil Eachtrach 2 Iompórtáil & Easpórtáil

Iompórtáil

Iompórtáil sofheicthe: Is féidir na hearraí a fheiceáil nó a mheas, m.sh. bróga, torthaí, ola.

Iompórtáil dofheicthe: Ní féidir na hearraí a fheiceáil agus tá sé deacair iad a mheas, m.sh. Saoire sa Spáinn.

Tagann an t-earra nó seirbhís isteach sa tír agus caileann Éire airgead/ioncam dá bharr.

Easpórtáil

Easpórtáil sofheicthe: Is féidir iad seo a fheiceáil agus a mheas, m.sh. feoil, bainne, cáis, éadaí, trealamh leighis, ríomhairí, bradán.

Easpórtáil dofheicthe: Ní féidir iad a fheiceáil, agus tá sé deacair iad a mheas, m.sh. U2 ag déanamh ceolchoirme i Londain, capall rása Éireannaigh ag buacha rása i Cheltenham.

Téann an t-earra nó seirbhís amach as an tír agus saothraíonn Éire ioncam/airgead dá bharr.

Fáthanna a n-iompórtálaimid earraí

1. Tá roinnt amh-ábhar nach bhfuil ar fáil anseo, m.sh ola, caife, iarann,
2. Tá scileanna nach bhfuil coiteann in Éirinn, m.sh déanamh uaireadóra. Cá bhfuil an scil sin coiteann?
3. Bíonn rogha maith earraí agus seirbhísí ag teastáil ón dtomhaltóir Éireannach, m.sh. éadaí, nuachtáin, ceol, beatha, gluaisteáin. Cad eile?

Tíortha a mbíonn Éire ag trádáil leo

Iompórtáil

1. An Bhreatain
2. Na Stáit Aontaithe
3. An tSeapáin
4. An Ghearmáin
5. An Fhrainc

Tíortha a mbíonn Éire ag trádáil leo

Easpórtáil

1. An Bhreatain
2. An Ghearmáin
3. Na Stáit Aontaithe
4. An Fhrainc
5. An Ísiltír

Geilleagar oscailte:

Ceannaímid go leor earraí/seirbhísí ó thíortha eile, agus díolaimid go leor earraí/seirbhísí leo freisin. Easpórtálann Éire tuairim is 70% de na hearraí a táirgtear anseo. Tacaíonn an t-easpórtáil 66% de phoist táirgaíochta anseo.

Trádáil Eachtrach 3 Iompórtáil & Easpórtáil

Easpórtáil - Deacrachtaí

- Custaiméirí i bhfad ó bhaile.
- Difríochtaí maidir le teanga & cultúr.
- Ard chostas aistriúcháin – lipéid & foghraíocht.
- Ard chostas dáileacháin de bharr go bhfuil Éire ar imeall na hEorpa.
- Níos deacra íocaíocht a fháil ó chustaiméirí i bhfad i gcéin.

Easpórtáil: Cabhair stáit ó na heagraíochtaí seo:
Fiontraíocht Éireann, Bord Bia, Bord Iascaigh Mhara, Fáilte Ireland.

- Eolas ar fáil faoi mhargaigh eachtrach, agus modhanna & córais iompair
- Cruinnithe le comhlachtaí eachtrach a eagrú.
- Eolas ar fáil maidir le rialacha trádála, pacáil agus teanga.
- Aonaigh agus taispeántais trádála a eagrú.
- Cúrsaí traenála do dhíoltóirí a eagrú.

Tíortha a mbíonn Éire ag trádáil leo

Iompórtáil

1. An Bhreatain
2. Na Stáit Aontaithe
3. An tSeapáin
4. An Ghearmáin
5. An Fhrainc

Tíortha a mbíonn Éire ag trádáil leo

Easpórtáil

1. An Bhreatain
2. An Ghearmáin
3. Na Stáit Aontaithe
4. An Fhrainc
5. An Ísiltír

I bhur mbeirteanna:

1. Liostaigh trí earra nó seirbhís a easpórtálann Éire chuig gach ceann den chúig thír luaite sa bhosca thuas. Tabhair fáth le do roghanna.
2. Liostaigh trí earra nó seirbhís a iompórtálann Éire ó gach ceann den chúig thír luaite sa bhosca thuas. Tabhair fáth le do roghanna.

Trádáil Eachtrach 4 Comhardú na trádála

Barrachas: Easpórtáil sofheicthe > iompórtáil sofheicthe.
Easnamh: Iompórtáil sofheicthe > easpórtáil sofheicthe.
Má bhíonn **barrachas** ar chomhardú na trádála is comhartha é go bhfuil ag eirí go maith leis an dtír. Tá barrachas in Éirinn le roinnt blianta anuas.
Sampla

Bliain 1	**€m**	**Bliain 2**	**€m**
Easpórtáil sofheicthe	1,500	Easpórtáil sofheicthe	1,400
Iompórtáil sofheicthe	1,750	Easpórtáil sofheicthe	1,250
Easnamh ar chomhardú na trádála	- 250	**Barrachas** ar chomhardú na trádála	150

Modhanna le Comhardú an trádála a fheabhsú

- Iarracht a dhéanamh earraí Éireannacha a cheannach.
- Earraí a tháirgeadh ag ard chaighdeán a dhíolfaí go leor díobh i dtíortha eile.
- Scileanna fostaithe a fheabhsú chun táirgí maithe a chruthú.
- Ionadú iompórtála (míniú sa bhosca thíos).
- An ráta boilsciú a choimeád faoi smacht ag an rialtas.
- An féidir leat smaoineamh ar aon mhodhanna eile?

Téarmaí tábhachtacha:

Comhardú na trádála: an difir idir easpórtáil sofheicthe agus iompórtáil sofheicthe.
Barrachas: Easpórtáil sofheicthe> Iompórtáil sofheicthe
Easnamh: Iompórtáil sofheicthe < Easpórtáil sofheicthe

Gníomhaíochtaí Tábhachtacha

Ionadú Iompórtálacha:
Iarracht a dhéanamh seirbhísí agus earraí Éireannacha a cheannach in ionad earraí/seirbhísí eachtracha.

Le déanamh: Ionadú Iompórtálacha

Ar mhaithe le geilleagar na hÉireann, ba cheart dúinn earraí agus seirbhísí Éireannach a cheannach in ionad earraí/seirbhísí eachtrach.
Cruthaíonn an modh seo fostaíocht in Éirinn.

1. Liostaigh ceithre earra eachtrach a cheannaíonn sibh san teaghlach sa bhaile.
2. An bhfuil a leithéid á tháirgeadh in Éirinn?
3. An féidir na hearraí a tháirgeadh in Éirinn?
4. An fiú iad a tháirgeadh in Éireann?

Trádáil Eachtrach 5 Comhardú na n-íocaíochtaí

Sampla

Bliain 1	€m	Bliain 2	€m
Airgead iomlán isteach in Éirinn	60,000	Airgead iomlán isteach in Éirinn	63,000
Lúide iomlán amach as Éirinn	55,000	Lúide iomlán amach as Éirinn	67,500
Barrachas ar chomhardú na n-íocaíochtaí	5,000	**Easnamh** ar chomhardú na n-íocaíochtaí	(4,500)

Sampla 1: Seo figúirí maidir le trádáil eachtrach do 2003

Easpórtáil sofheicthe €1,050m
Easpórtáil dofheicthe €1,280m
Iompórtáil sofheicthe € 840m
Iompórtáil dofheicthe € 560m

Ríomh: (i) Comhardú na trádála
(ii) Comhardú na n-íocaíochtaí

Comhardú na Trádála:
Easpórtáil sofheicthe €1,050m
Iompórtáil sofheicthe - € 840m
Barrachas (Comhardú na Trádála) **€ 210m**

Easpórtáil dofheicthe €1,280m
Iompórtáil dofheicthe - € 560m
Barrachas (Trádáil dofheicthe) **€ 720m**
Barrachas-Comhardú na n-íocaíochtaí € 930m

Sampla 2: Seo figúirí maidir le trádáil eachtrach do 2002

Easpórtáil sofheicthe €1,250m
Easpórtáil dofheicthe €1,080m
Iompórtáil sofheicthe € 850m
Iompórtáil dofheicthe €1,560m

Ríomh: (i) Comhardú na trádála
(ii) Comhardú na n-íocaíochtaí

Comhardú na Trádála:
Easpórtáil sofheicthe €1,250m
Iompórtáil sofheicthe - € 850m
Barrachas(Comhardú na Trádála) **€ 400m**

Easpórtáil dofheicthe €1,080m
Iompórtáil dofheicthe - € 1,560m
Barrachas (Trádáil dofheicthe) **(€ 480m)**
Easnamh-Comhardú na n-íocaíochtaí (€ 80m)

Comhardú na n-íocaíochtaí a ríomh:

Comhardú na trádála (sofheicthe)
+/-
Comhardú na trádála (dofheicthe)

= Comhardú na n-íocaíochtaí

Téarmaí tábhachtacha:

Comhardú an n-íocaíochtaí: Ráiteas a dhéanann comparáid idir an t-airgead (ioncam) iomlán a shaothraíonn Éire ó thíortha eile, agus an méid airgead a íocann Éire le tíortha eile.

Barrachas: tá níos mó airgid/ioncaim saothraithe ag Éirinn trí thrádáil le tíortha eile, ná mar atá le n-íoc leo.

Easnamh: tá níos mó airgid caite ag Éirínn le tíortha eile, ná mar ata saothraithe aici uathu.

Trádáil Eachtrach 6 An t-Aontas Eorpach

Aontas Eorpach – Aidhmeanna:
1. Saor thrádáil idir na baill.
2. Saor ghluaiseacht saothair agus caipitil idir na baill.
3. Airgeadra coiteann/céanna ag gach tír – An Euro. Tá an Euro in úsáid ag 12 den 25 baill.

Éire – ina ball den Aontas Eorpach ó 1973.
Buntáistí d'Éire
1. Éireannaigh ag obair i roghanna tír san Aontas.
2. Margadh mór do tháirgí Éireannach – 455 milliún duine.
3. Deontais d'fhorbairt na tíre.
4. An Euro againn, in éineacht le 11 baill eile.
5. Tionscail ón tSeapáin/na Stáit Aontaithe ag bunú gnó anseo, chun fáil ar líon mór cuistiméara (455miliún) dá dtáirgí – fostaíocht a chruthú anseo.

An tAontas Eorpach

An Bheilg	Lucsamburg
An Chipir	Málta
An Danmhairg	An Ostair
An Eastóin	An Pholainn
Éire	An tSlóivéin
An Fhionlainn	An tSlóvaic
An Fhrainc	An Spáinn
An Ghearmáin	An Ungáir
An Ghréig	An Iodáil
An Laitvia	An Ísiltír
An tSualainn	An Liotuáin
An Phortaingéil	
An Phoblacht Sheiceach	
An Ríocht Aontaithe	

Téarmaí Tábhachtacha

An tAontas Eorpach: 25 tír ina bhfuil saor thrádáil agus saor ghluaiseacht

An Euro: airgeadra coiteann an AO

Le déanamh

Liostaigh an aon bhall déag eile a úsáideann an Euro faoi láthair.

An féidir leat a thuilleadh eolais a bhailiú maidir le tíortha an Aontais Eorpaigh? M.sh Cén brat/airgeadra/teanga/príomhchathair atá acu?

Trádáil Eachtrach 7 Rátaí Malairte

Sampla 1.
Tá Máire ag iarraidh €500 a aistriú go $ Meiriceánach, agus tugtar na rátaí seo leanas di:

Ráta ceannachán: 1.34	Ráta díolachán: 1.30

Gheobhaidh Máire $1.3 ar gach €, mar sin gheobhaidh sí 500 x 1.3 = $650 ar an iomlán, don €500 a bhí aici.

Sampla 2.
Tagann Páraic ar ais ó thuras scoile go Londain agus £400 sterling aige. Teastaíonn uaidh é a aistriú go euro. Tugtar na rátaí seo dó:

Ráta ceannachán: 0.72	Ráta díolachán: 0.69

Tabharfaidh an banc £0.72 do Pháraic do gach €1. Dá bhrí sin gheobhaidh Páraic 400 / 0.72 = €555.56.

Téarmaí tábhachtacha:
Ráta malairte: praghas airgeadra amháin i dtéarmaí airgeadra eile
Ráta díolachán: an praghas a dhíoltar airgeadra áirithe leat
Ráta ceannachán: an ráta a thugtar duit, má bhíonn tú ag iarraidh airgeadra a dhíol le banc/eile.

Gnóthaí Tábhachtacha
Tá airgeadra eachtrach le ceannach anseo:
- Bainc
- Na Comhair Chreidmheasa
- Cumainn tógála
- Oifig an Phoist
- Bureau de Change

Le déanamh: Bain úsáid as na rátaí thuas chun na ceisteanna seo a fhreagairt
Taispeáin do chuid oibre i ngach chás.

1. Tá Eoghan ag iarraidh €800 a aistriú go $(dollar) don turas scoile. Cé mhéad $ a gheobhaidh sé don €800?
2. Bhí Seán ar saoire sna Stáit Aontaithe, agus bhí €250 fágtha aige tar éis an turas. Má aistríonn sé ar ais go € é, cé mhéad a gheobhaidh sé?
3. Tar éis deireadh seachtaine a chaitheamh i Sasana ag cluiche sacair tá £150 sterling fágtha ag Liam. Cé mhéad euro atá aige?
4. Tá Síle ag dul go Londain chuig bainis, agus teastaíonn uaithi €300 a aistriú go £sterling. Cé mhéad sterling a gheobhaidh sí?

Aimsigh rátaí ceannachán agus díolachán an lae inniu do na hairgeadra seo:
£ sterling, $ Meiriceánach, $Astrálach

Trádáil Eachtrach - Ceisteanna

1. Ainmnigh sé thír eile den Aontas Eorpach ina bhfuil an Euro á úsáid?

2. Liostaigh ceithre thír a ndéanann Éire trádáil eachtrach leo.

3. Tugann na habairtí thíos tuairisc ar earra sa tábla. Líon isteach na litreacha sna boscaí cearta.
   (a) Seo earra tomhaltóra a easpórtálann Éire.
   (b) Úsáidtear é seo i dtáirgeadh plaisteach.
   (c) Díoltar é seo i siopa leictreach.
   (d) Is earra táirgeachta é seo.
   (e) Iompórtáiltear é as Saudi Arabia
   (f) Iompórtáiltear é as ball den Aontas Eorpach.
   (g) Is earra tomhaltóra é a iompórtáiltear go hÉireann.
   (h) Is easpórtáil sofheicthe é seo chuig an Eoraip.
   (i) Earra a iompórtáiltear ón t-Seapáin.
   (j) I s amh-ábhar é seo.
   (k) Táirgtear é seo in Éirinn.
   (i) Úsáideann Cadbury Ireland Teo. é seo.

Líon an tábla seo leis na litreacha ón liosta thuas. Tá dhá cheann déanta duit.

Teilifís	Ola	Innealra tionscail seacláid	Ríomhaire Dell
(i)			
(c)			

4. Ainmnigh na tíortha a n-iompórtálann Éire na hearraí seo uatha.

(a) Carranna _____ (d) Gual _____

(b) Nuachtáin _____ (e) Bróga _____

(c) Ola _____ (f) Banana _____

5. Críochnaigh na habairtí thíos leis na focail sa liosta. (Tá focal amháin nach bhfeileann d'aon abairt).

rogha	amh-ábhair	airgeadra
iompórtáil	trádáil	earraí tairgthe

(i) Is samplaí d' _____ iad ola, páipéar agus adhmad.

(ii) Is _____ ó mhonarcaí formhór easpórtáil sofheicthe na hÉireann.

(iii) Saothraíonn easpórtáil _____ eachtrach atá riachtanach chun íoc as earraí iompórtála.

(iv) Déanann Éire _____ le níos mó ná céad tír eile ar fud an domhain.

(v) Tugann trádáil eachtrach _____ níos fear dom tomhaltóir maidir le hearraí atá ar an margadh.

6. Ainmnigh tír a n-easpórtálann muid na h-earraí seo chucu.

(a) Im : _____ (b) Beithígh : _____

(c) Dlúth cheirníní: _____ (d) Uisce: _____

7. Pioc an rangú ceart do na h-earraí agus seirbhísí seo a leanas. Cuir tic sa bhosca cheart.

	Iompórtáil sofheicthe	Easpórtáil sofheicthe	Iompórtáil dofheicthe	Easpórtáil dofheicthe
Capall Éireannach ag buachan rása (duais airgid) i Sasana				
Bróga Iodálacha ceannaithe in Éirinn.				
Éireannaigh ar saoire sa Spáinn.				
Sasanach ag tógáil eitleán Éireannach ar cíos.				
Ríomhaire 'Dell' díolta le custaiméir Francach.				
Teaghlach Éireannach ag íoc síntiús le cainéal Sky Sports.				
Ticéad *aerlingus* ceannaithe ag turasóir Gearmánach				
Oráistí Spáinneacha ceannaithe in Éirinn.				
Teaghlach Iodálach ag tógáil tí ar cíos i gConamara ar feadh coicíse.				
Carr Seapánach ceannaithe in Éirinn.				

8. (A) On na sonraí seo a leanas, ríomh comhardú na trádála agus léirigh más barrachas nó easnamh atá i gceist.
(1) Iompórtáil sofheicthe €16,000m, Easpórtáil sofheicthe €19,000m.
(2) Iompórtáil sofheicthe €12,000m, Easpórtáil sofheicthe €15.000m
(3) Iompórtáil sofheicthe €13,000m, Easpórtáil sofheicthe €11,OOOm

(B) On na sonraí seo a leanas, ríomh comhardú na trádála, comhardú na n-íocaíochtaí agus léirigh an barrachas nó easnamh atá i gceist.
(1) Iompórtáil sofheicthe €15,000m. Easpórtáil sofheicthe €17,000m.
Iompórtáil dofheicthe €6,000m, agus Easpórtáil dofheicthe €9,000m.
(2) Iompórtáil sofheicthe €9,000m, Easpórtáil sofheicthe €12,000m.
Iompórtáil dofheicthe €5,000m, agus Easpórtáil dofheicthe €4,000m.
(3) Iompórtáil sofheicthe €14,000m. Easpórtáil sofheicthe €15,000m.
Iompórtáil dofheicthe €5.000m, agus Easpórtáil dofheicthe €2,000m.

9. Ainmnigh dhá eagraíocht a thugann tacaíocht do Easpórtáil in Éirinn.
Tabhair dhá shampla den chineál tacaíochta a thugann siad.

10. Dean cóip de léarscáil na hEorpa. (An Eoraip Nua 2004 COGG/Irish Times)
A. Marcáil isteach gach tír atá san Aontas Eorpach.
B. Marcáil le línte dearg an dhá thír déag a úsáideann an euro.

11. Ainmnigh dhá thír san Aontas Eorpach nach n-úsáideann an euro.

(a) _____ (b) _____

12. Scrúdaigh na staitisticí seo a leanas.
(A) Ríomh an luach atá ar iarraidh ag (a) go (e).
(B) Tarraing barra-chairt chun an barrachas trádála a léiriú.

Bliain	**Iompórtáil sofheicthe. €m**	**Easpórtáil sofheicthe. €m**	**Barrachas trádála €m**
1992	16	18	2
1993	(a)	19	3
1994	17	21	4
1995	19	(b)	6
1996	21	28	7
1997	26	35	9
1998	28	38	(c)
1999	32	44	12
2000	39	56	17
2001	44	(d)	22
2002	56	83	27
2003	57	92	35
2004	(e)	93	38

13. (A) (Ard Leibhéal - Teastas Sóisearach)
Seo figiúirí maidir le trádáil eachtrach, 2001.

Easpórtáil sofheicthe € 950m
Easpórtáil dofheicthe €280m
Iompórtáil sofheicthe €640m
Iompórtáil dofheicthe €360m

Ag baint úsáide as na figiúirí ríomh:
(i) Comhardú na trádála
(ii) Comhardú na n-íocaíochtaí

(B)
1. Cén tír is mo a cheannaíonn earraí Éireannach?
2. Mol rud amháin a d'fhéadfadh aon cheann de na grúpaí thíos a dhéanamh chun feabhas a chur ar chomhardú na n-íocaíochtaí.

- Tomhaltóirí Éireannaigh

- Táirgeoirí Éireannaigh

14.

Tír	Airgeadra	Ráta Díolachán-Bainc	Ráta Ceannach-Bainc
An Bhreatain	Steirling (£)	0.68	0.72
An Iorua	Coróin	7.27	7.70
Na Stáit Aontaithe	Dollar	1.11	1.16
An t-Seapáin	Yen	132	141

Ag úsáid na bhfigiúir thuas, freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) Aistrigh €26 go £steirling
(b) Aistrigh €50 go Coróin Iorua
(c) Aistrigh €70 go $ (Stáit Aontaithe)
(d) Aistrigh €90 go Yen
(e) Aistrigh €120 go £ steirling
(f) Aistrigh 30,000 yen go € (euro)
(g) Aistrigh $5,000 go € (euro)
(h) Aistrigh coróin 2,000 go € (euro)
(i) Aistrigh Steirling £60 go € (euro)
(j) Aistrigh $300 go € (euro)

(Freagraí ceart go dtí dhá ionad de dheachúlacha)

15. Is cisteoir thú do ghrúpa atá ag dul ar thuras scoile go dtí an Iorua an chéad bhliain eile. Beidh 30 scoláire ag taisteal agus is é an costas do gach scoláire ná €220. D'íoc gach scoláire €20 sa tseachtain, ar feadh cúig seachtaine, ag críochnú ar an 31ú Bealtaine. Coinníodh an t-airgead seo sa taisceadán ar scoil. Mar chisteoir, tá tusa freagrach as an airgead seo a chruinniú, agus é a infheistiú go críonna.

(a) Mol trí áit a bhféadfaí an t-airgead seo a infheistiú iontu, ag tabhairt buntáiste amháin do gach moladh.
(b) Ríomh cé mhéid airgid atá cruinnithe ag an 31ú Bealtaine.
(c) Cuireadh éarlais do €600 chuig an gcomhlacht turais ar an 31ú Bealtaine.
Infheistíodh an iarmhéid (méid a bhí fágtha) ar an 1ú Meitheamh.
Abair go raibh ráta úis do 8% sa bhliain á shaothrú sa chuntas sin, cé mhéid airgid a bheadh sa chuntas ar an 1ú Meán Fómhair. (Ná bac le cáin, taispeáin do chuid oibre).
(d) Íocann na scoláirí iarmhéid costais an turais ar an 1ú Meitheamh.
1) Ríomh cé mhéid airgid a íocann na scoláirí ar an 1ú Meitheamh.
2) Má chuirtear an t-airgead seo, (ó 1, thuas) isteach sa chuntas céanna ar an 1ú Meán Fómhair, cé mhéid airgid (iomlán) a bheidh sa chuntas ar an 1ú Nollaig. (Taispeáin do chuid oibre)
(e) Tá scoláire amháin ag déanamh iontais cé mhéid coróin a gheobhaidh sé ar €75.
Tugann an banc an t-eolas seo a leanas duit. Taispeáin do chuid oibre.

	Ráta díolacháin	Ráta ceannacháin
Coróin	7.27	7.70

Eacnamaíocht – Ceisteanna Scrúduithe

Táirgeacht agus Trádáil Eachtrach – Gnáth Leibhéal 2004

Trádáil Idirnáisiúnta agus Comhardú nÍocaíochtaí – Ard Leibhéal 2003

Buiséad Náisiúnta, Tosca Táirgthe agus Trádáil – Ard Leibhéal 2004

Buiséad Náisiúnta agus Boilsciú – Ard Leibhéal 2005

Táirgeacht agus Trádáil Eachtrach – Gnáth Leibhéal 2004

Tá trí lúb i Slabhra an Táirgthe - Príomhúil, Tánaisteach agus Seirbhísí.

(A) Mínigh go hachomair cad is ciall le **gach ceann** de na **trí** lúb. **(18)**

(B) Abair cé acu Príomhúil, Tánaisteach nó Seirbhísí **gach ceann** díobh seo a leanas: DOCHTÚIR MIANADÓIR BÁICÉIR GRUAGAIRE TÓGÁLAÍ **(10)**

(C) Ceannaíonn Éire ó thíortha eile (allmhairiú) agus díolann sí le tíortha eile (onnmhairiú).
Luaigh **dhá** chuis a n-allmhairíonn Éire earraí agus seirbhísí ó thíortha eile. **(12)**

(D) Luaigh **dhá** shampla d'earraí a n-allmhairíonn Éire go leor díobh. **(10)**

(E) Luaigh **dhá** chúis a n-onnmhairíonn Éire earraí agus seirbhísí go tíortha eile. **(10)**

(60 marc)

Trádáil Idirnáisiúnta agus Comhardú nÍocaíochtaí – Ard Leibhéal 2003

Tá an trádáil idirnáisiúnta riachtanach do leas agus rath gheilleagar na hÉireann.

A. (i) Cén tír is mó a ndéanann Éire trádáil léi? **(3)**

(ii) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le hallmhairí don tomhaltóir Éireannach. **(3)**

(iii) Luaigh cúis **amháin** go mbaineann tábhacht le honnmhairí do leas gheilleagar na hÉireann? **(3)**

(iv) Luaigh deacracht **amháin** a bheadh ar ghnólacht Éireannach agus é ag onnmhairiú earraí. **(3)**

B. Bíonn trádáil idirnáisiúnta sofheicthe agus dofheicthe.
Luaigh **dhá** shampla d'allmhairí dofheicthe na hÉireann. **(6)**

C. Baineann na sonraí seo a leanas le trádáil idirnáisiúnta tíre darb ainm Agohin don bhliain 2002.

	€
Onnmhairí Sofheicthe	9 billiún
Onnmhairí Dofheicthe	18 billiún
Allmhairí Sofheicthe	13 billiún
Allmhairí Dofheicthe	6 billiún

Ríomh na figiúirí trádála seo a leanas maidir le Agohin agus abair an barrachas nó easnamh iad. **Taispeáin d'oibriúcháin**.

(i) Comhardú na Trádála.

(ii) Comhardú na nÍocaíochtaí. **(12)**

D. Tugadh luachan de stg£18,600 d'allmhaireoir Éireannach ar ghluaisteán nua i ngaráiste Sasanach.

	Díolann an Banc	**Ceannaíonn an Banc**
Sterling	**61.71**	**62.34**

(i) Ríomh costas an ghluaisteáin in Euro. **(6)**

(ii) Luaigh bealach oiriúnach **amháin** go bhféadfadh an t-allmhaireoir Éireannach a garáiste Sasanach a íoc. **(4)**

(40 marc)

Buiséad Náisiúnta, Tosca Táirgthe agus Trádáil – Ard Leibhéal 2004

Shocraigh an tAire Airgeadais ina bhuiséad le déanaí:
• an caiteachas ar **bhóithre** a mhéadú;
• cuid de **Aer Lingus** a dhíol;
• an caiteachas ar **Leas Sóisialach** a mhéadú;
• rátaí **cháin ioncaim** a mhéadú.

A. As na socruithe thuas sainaithin sampla **amháin** i ngach cás de:
- **a.** Caiteachas Reatha Rialtais;
- **b.** Ioncam Caipitil Rialtais;
- **c.** Caiteachas Caipitil Rialtais. **(6)**

B. Déan staidéar ar an tuairisc seo a leanas i nuachtán agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh:

> **Dúnadh Tobann Eurocom Tta**
>
> D'fhógair Eurocom Tta an comhlacht mór leictreonach a bhfuil foireann oibre oilte de dhá mhíle duine fostaithe acu in Éirinn, go bhfuil siad lena monarcha in Éirinn a dhúnadh agus a dtáirgeadh a athshuíomh sa Pholainn. Is é Eurocom Tta an t-aon déantóir de shliseanna ríomhaire d'ardchaighdeán a úsáideann déantóirí Éireannacha agus Eorpacha. Beidh sé deacair ar an bhfoireann oibre malairt fostaíochta a fháil go luath.

Mínigh éifeacht an dúnta seo ar:
- **d.** Ioncam Reatha an Rialtais;
- **e.** Caiteachas Reatha an Rialtais;
- **f.** Comhardú Trádála na hÉireann. **(12)**

C. Tá socruithe ag an Rialtas níos mó ospidéal a thógáil.
Sainaithin agus mínigh costas deise **amháin** a bhaineann leis an socrú seo don Rialtas. **(4)**

D. Ainmnigh na **ceithre** thoisc táirgthe agus luaigh sampla **amháin** i ngach cás. **(12)**

E. Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas:
- **g.** Buiséad Náisiúnta;
- **h.** Barrachas Trádála;
- **i.** Fás Geilleagrach. **(6)**

(40 marc)

Buiséad Náisiúnta agus Boilsciú – Ard Leibhéal 2005

(A) **(i)** Mínigh an téarma '**Boilsciú'**.

(ii) Luaigh **dhá** chúis le boilsciú. **(7)**

(B) Taispeánann an tábla seo a leanas an ráta boilscithe i dtír le cúig bliana anuas:

Bliain:	2000	2001	2002	2003	2004
Ráta:	8%	4%	6%	5%	2%

(i) Tarraing líneghraf **nó** barra-chairt chun an t-eolas thuas a thaispeáint.

(ii) Dá dtabharfaí ardú pá 3% do na hoibrithe sa tír thuasluaite sa bhliain 2003, mínigh an toradh a bheadh ag an méadú seo ar an gcaighdeán maireachtála.

(iii) Luaigh **dhá** bhuntáiste don tomhaltóir de bharr an ráta íseal boilscithe sa bhliain 2004. **(15)**

(C) Tugadh na figiúirí seo a leanas ag Aire Airgeadais ar lá an Bhuiséid mar réamh-mheastacháin don bhliain 2005:

Príomh-mhíreanna Ioncaim agus Caiteachais	**Figiúirí Measta i Milliúin €**
Fónamh d'Fhiachas	190
ÍMAT	2,550
CBL	1,470
Seirbhísí Sláinte	1,720
Leas Sóisialta	1,230
Oideachas agus Eolaíocht	1,340
Cáin Chorparáide	260
Dleacht Chustaim	235

(i) Dréachtaigh an Buiséad Náisiúnta don bhliain 2005 ón eolas thuas. Luaigh cé acu Buiséad Fuílligh nó Buiséad Easnaimh é.

(ii) Mínigh **dhá** thoradh a bheadh ag méadú fostaíochta ar an mBuiséad Náisiúnta thuas.

(iii) Mínigh **dhá cheann** de na téarmaí seo a leanas:

- Fónamh d'Fhiachas
- Cáin Chorparáide
- Dleacht Chustaim **(18)**

Cineálacha Gnó

Cúig Chineál Gnó
- Trádálaí aonair
- Cuideachta Phríobháideach Theoranta
- Cuideachta Phoiblí Theoranta
- Comharchumann
- Úinéireacht Stáit

Daoine Tábhachtacha
- Úinéir/í an ghnó
- Scarshealbhóirí
- Baill comharchumainn
- Cláraitheoir na dTeideal Gnó
- Gníomhaire Cláraithe Cuideachtaí

Pointí le coimeád i gcuimhne:

Trádálaí Aonair: Gnólacht atá faoi stiúir duine aonair, m.sh caifé, siopa, feirm. Is gnólachtaí beaga iad don chuid is mó. Is leis an únéir an brabús ar fad, déanann sé/sí na cinntí ar fad, agus é/í ina c(h)eanasaí féin, ag obair dó/di féin. Ach bíonn an freagracht fad air/uirthi – fiacha san áireamh (dliteanas neamhtheoranta). Is féidir bheith deacair caipiteal a fháil le leathnú.

Cuideachta Phríobháideach Theoranta (Teo.)
Gnólacht a bhunaítear faoi choinníollacha dlí, ar chostas, le 2-50 scairshealbhóirí agus dliteanas teoranta orthu. Ní bhíonn scaireanna ar díol go poiblí. Ceapann na scairshealbhóirí stiúrthóirí. Is gá cruinniú ginearálta bliantúil a thionól gach bliain.

Cuideachta Phoiblí Theoranta (cpt)
Gnólacht ina mbíonn líon mór scairshealbhóirí, agus na scaireanna ar díol ar an stocmhalartán go poiblí.

Comharchumann
Gnólacht atá faoi stiúir baill an chomharchumainn. Cuireann na baill an caipiteal ar fáil. Go minic is daoine iad a bhfuil suim faoi leith acu sa ghnólacht sin – m.sh feirmeoirí ina mbaill de chomharchumann talmhaíochta/margaidh, nó comharchumann airgeadais ina mbíonn na baill ag coigilt. Roinntear aon bhrabús idir na baill ar fad. Bíonn vóta amháin ag gach ball comharchumainn.

Úinéireacht Stáit (Cuideachtaí leathstáit)
Gnólacht faoi stiúir an rialtais, agus bíonn aon bhrabús ag an stáit. Déantar é seo nuair a bhíonn seirbhís faoi leith ag teastáil don phobal, nach bhfuil ar fáil mar go bhfuil méid mór caipitil de dhíth chun é a bhunú, nó chun acmhainní nádúrtha na tíre nó tionscal a fhorbairt.

Dliteanas teoranta:
Má theipeann ar an ngnó ní féidir ach an t-airgead atá infheistithe sa chuideachta a úsáid le fiacha a ghlanadh. Ní chaillfidh aon scairshealbhóir sócmhainní pearsanta.

Dliteanas neamhtheoranta:
Má theipeann ar an ngnó bíonn an úinéir freagrach as na fiacha ar fad a ghlanadh, fiú má chiallaíonn sé sin gur gá dó/di sócmhainní pearsanta a dhíol nó a chailliúint.

Náisiúnú:
Seo a thugtar ar an bpróiseas má glacann an stát ar lámh gnólacht a bhí mar chuideachta phríobháideach nó phoiblí theoranta go dtí seo. Dhéanfadh an stát é seo dá mbeadh gnólacht tábhachtach ar tí dúnadh, m.sh.

Príobháidiú:
Díolann an stát gnólacht a bhí mar chuideachta leathstáit. Is féidir é a dhíol é le húinéirí príobháideacha, nó le scairshealbhóirí go poiblí – m.sh Eircom.

Bunú Cuideachta

Cuideachta Phríobháideach Theoranta
Gnólacht a bhunaítear faoi choinníollacha diana dlí.
Is **Dliteanas Teoranta** é an buntáiste is mó a bhíonn ag na scairshealbhóirí (úinéirí) i gcuideachta phríobháideach theoranta; ciallaíonn sé seo má theipeann ar an ngnó nach gcaillfidh scairshealbhóirí ach amháin an t-airgead atá infheistithe acu sa chuideachta.

Chun cuideachta a chur ar bun, caithfear na doiciméid seo a leanas a chur chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí:

- Meabhrán Comhlachais
- Airteagail Chomhlachais
- Ráiteas faoi Chaipiteal na Cuideachta
- Dearbhú maidir le hAcht na gCuideachtaí
- Liosta de na Stiúrthóirí

Meabhrán Comhlachais

- Ainm na cuideachta: agus an focal "teoranta" ina dheireadh
- Na cuspóirí: an fáth ar bunaíodh an chuideachta
- An Scairchaipiteal: an méid airgid is féidir a chruinniú (scaireanna)
- Síniú gach scairshealbhóra

Airteagail Chomhlachais

- Ainm na cuideachta
- Sonraí faoi scairchaipiteal na cuideachta
- Acmhainn na cuideachta iasachtaí a fháil
- Rialacháin maidir le cruinnithe ginearálta
- Rialacha faoi ghnásanna vótála
- Tabhairt isteach agus dícháiliú stiúrthóirí
- An bealach le foirceannadh a dhéanamh ar an gcuideachta

Cineálacha Gnó

Cineálacha Gnó – Gnáth Leibhéal 2005

Saghasanna Gnó – Gnáth Leibhéal 2002

Foirmeacha Úinéireachta agus Leabhar choimeád – Ard Leibhéal 2002

Cineálacha Úinéireachta Gnó agus Measúnú Gnó – Ard Leibhéal 2005

Cineálacha Gnó – Gnáth Leibhéal 2005

Is le Trádálaithe Aonair formhór de ghnóthaí beaga na hÉireann.

(A) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le Tradálaí Aonair. **(12)**

(B) Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le Trádálaí Aonair. **(12)**

(C) Is cineál coitianta gnó in Éirinn í an Cuideachta Theoranta Phríobháideach chomh maith.
Cad a thugtar ar úinéirí Cuideachta Theoranta Phríobháideach? **(6)**

(D) Ainmnigh ceann **amháin** de na doiciméid dhlíthiúla nach mór a chomhlánú nuair a bhítear ag cur Cuideachta Theoranta Phríobháideach ar bun. **(6)**

(E) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le Cuideachta Theoranta Phríobháideach. **(12)**

(F) Luaigh **dhá** dhifríocht idir Trádálaí Aonair agus Cuideachta Theoranta Phríobháideach**.** **(12)**

(60 marc)

Saghasanna Gnó – Gnáth Leibhéal 2002

Rinne Linda na freagraí sa scrúdú Staidéar Gnó a mheascadh ar a chéile. Bhí na freagraí cearta go léir aici ach chuir sí sna habairtí míchearta iad. Seo a leanas mar a scríobh sí:

(a) Is éard is cuideachta stáit nó cuideachta leath-stáit ann ná gnólacht a bhfuil úinéireacht ag *scairshealbhóirí* air.

(b) Is éard is trádálaí aonair ann ná gnólacht a bhfuil úinéireacht ag *Bord Stiúrthóirí* air agus atá á reachtáil acu.

(c) Is éard is comharchumann ann ná gnólacht a bhfuil úinéireacht ag aon duine amháin air agus atá faoi cheannas *an duine sin*.

(d) Is éard is cuideachta phríobháideach theoranta ann ná gnólacht a bhfuil úinéireacht ag idir 2 agus 50 duine air agus atá á bhainistiú *ag na hoibrithe nó ag na baill*.

(e) Bíonn dliteanas teoranta ag úinéirí cuideachta príobháidí teoranta agus is é a thugtar orthu *an rialtas*.

(A) Scríobh amach gach abairt **go hiomlán,** ach an freagra is oiriúnaí i ngach cás a thaispeáint ann. **(20)**

(B) Scríobh in aice leis an bhosca cuí **cé** acu gnólacht atá ainmnithe thíos gur trádálaí aonair, cuideachta phríobháideach theoranta, comharchumann, nó cuideachta stáit é. **(10)**

Is iad na gnólachtaí ná:	
1	Bord na Móna
2	Seán Ó Laighin, Búistéir
3	Comhar Creidmheasa
4	Olldíoltóirí Ceol Tta.
5	RTÉ

(C) Tá siopa ceannaithe ag Seán Ó Murchú agus tá rún aige é a bhainistiú agus a reachtáil é féin.

(i) Luaigh **trí** bhuntáiste a bhainfidh Seán as a ghnólacht féin a reachtáil. **(12)**

(ii) Luaigh **dhá** dheacracht nó míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag Seán agus a ghnólacht á reachtáil aige. **(8)**

(iii) Ainmnigh **dhá** cheann de na doiciméid a bheadh le comhlánú nuair a bheadh Cuideachta Phríobháideach Theoranta á bunú. **(10)**

(60 marc)

Foirmeacha Úinéireachta, Bunú Cuideachta agus Leabhar choimeád – Ard Leibhéal 2002

(A) Mínigh **dhá** cheann de na foirmeacha úinéireachta seo a leanas Trádalaí Aonair, Comharchumann, Úinéireacht Stáit. **(12)**

(B) Ar an 1 Bealtaine 2002 bhunaigh Nóra Ní Mháirtín, 5 Clós Marino, Bré, Co. Chill Mhantáin agus Seosamh Ó Conchúir, 14 Bóthar na Trá, Bré, Co. Chill Mhantáin Cuideachta Phríobháideach Teoranta ar ar thug siad LEABHAIR EDUCU Tta. Réitigh siad Meabhrán Comhlachais agus chuir siad é sin mar aon leis na doiciméid go léir a bhí riachtanach chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí.

Is iad Cuspóirí na cuideachta ná leabhair oideachasúla a fhoilsiú agus a dhíol.

Is é Scairchaipiteal Údaraithe LEABHAIR EDUCU Tta. ná 100,000 gnáthscaireanna €1.

Ar an 12 Bealtaine 2002 cheannaigh Nóra Ní Mháirtín agus Seosamh Ó Conchúir 25,000 gnáthscair €1 an duine. Rinneadh an t-airgead a fuarthas ó eisiúint na scaireanna a lóisteáil i gcuntas bainc na cuideachta.

Iarrtar ort:

An Meabhrán Comhlachais a chomhlánú **(16)**

(C) Déan eisiúint na scaireanna ar an 12 Bealtaine 2002 a thaifeadadh sa Chuntas Gnáth-Scairchaipitil agus sa Chuntas Bainc

Ullmhaigh Clár Comhardaithe Tosaigh na cuideachta amhail ar an 12 Bealtaine 2002 freisin. **(12)**

(40 marc)

MEABHRÁN COMHLACHAIS

1. **Is é ainm na Cuideachta ná** _____
2. **Is iad na Cuspóirí ar bunaíodh an chuideachta lena n-aghaidh ná :** _____
3. **Tá Dliteanas na gcomhaltaí Teoranta**
4. **Is é Scairchaipiteal na cuideachta ná** _____ **atá roinnte i** _____

Is mian linne na daoine ar leith a bhfuil a n-ainmneacha, seoltaí agus cur síos orthu suibscríofa a bheith bunaithe i gcuideachta de bhun an Mheabhráin Chomhlachais agus toilímid le líon na scaireanna i gCaipiteal na Cuideachta atá curtha os comhair ár n-ainmneacha a ghlacadh.

Ainm, Seoladh gach Suibscríobhaí	Líon na Scaireanna glactha ag gach Suibscríobhaí

Dáta .....

Cineálacha Úinéireachta Gnó agus Measúnú Gnó – Ard Leibhéal 2005

Fuarthas an t-eolas seo a leanas, ag baint le cineálacha úinéireacht gnó i gcontae, ó shuirbhé.

Cineál Úinéireacht Gnó	Státúinéireacht	Comhoibrithigh	Trádálaithe Aonair	Comhlachtaí Teoranta Príobháideacha
Uimhir	4	2	28	16

(A) Léirigh an t-eolas seo ar bharrachairt. **(10)**

(B) Luaigh **ceithre** samplaí de ghnólachtaí atá faoi úinéireacht stáit.
Mínigh **dhá** chúis a bhfuil gnólachtaí faoi uinéireacht stáit ar fáil in Éirinn. **(10)**

(C) Déan comparáid idir Trádálaithe Aonair agus Comhlachtaí Teoranta Príobháideacha faoi na ceannteidil seo a leanas:

- **a.** Úinéireacht;
- **b.** Modhanna Bunaithe;
- **c.** Brabúis;
- **d.** Dliteanas.

(10)

(D) Cuireann LOGJAM Tta na figiúirí seo a leanas ar fáil don bhliain 2004:
Díolacháin € 180,000; Stoc ar Deireadh €12,000; Brabús Glan €66,000; Sócmhainní Reatha €61,000; Fiachais Reatha €32,000; Caipiteal in Úsáid €420,000.
Ríomh na cóimheasa seo a leanas (go dtí an **dara** deachúil is gaire):

- **e.** Céatadán Brabúis Glan;
- **f.** Cóimheas Fíorthástála;
- **g.** Toradh ar Chaipiteal in Úsáid.

(10)

(40 marc)

An Plean Gnó 1 – An Plean

Pointí le coimeád i gcuimhne:
Ní éireoidh le gnó ar bith muna ndéantar pleanáil. Sin é an fáth a bhfuil an plean gnó chomh tábhachtach sin. Is féidir an plean gnó a chur i gcomparáid le comharthaí bóthair: ba cheart go soiléireodh an plean cad atá i ndán don chomhlacht sa todhchaí.
Ba cheart na gnéithe seo a bheith mar chuid de gach plean gnó.

(i) Úinéireacht an ghnó
(ii) An Bhainistíocht
(iii) Margaíocht
(iv) Airgeadas
(v) Táirgeacht

(i) Úinéireacht an ghnó
Ba cheart go mbeadh sé luaite go soiléir anseo cé leis an gnó. An trádálaí aonair atá i gceist, nó comhpháirtíocht nó cuideachta theoranta phríobháideach?

(ii) An Bhainistíocht
Go minic, ní mar a chéile na húinéirí agus an bhainistíocht. Sa chuid seo den phlean ba cheart go mbeadh sé soiléir cé atá i bhfeighil gach roinn den chomhlacht agus na dualgais atá orthu. Mar shampla cé hé/hí an Bainisteoir Acmhainní Daonra (Human Resources Manager) agus na dualgais atá air/uirthi.
Bheadh sé tábhachtach freisin go luafaí

(iii) Margaíocht
Is cuid an-tábhachtach den phlean é seo, go mór mhór má tá an comhlacht ag táirgiú earra nó earraí. Tá sé de dhualgas ar an roinn seo margadh a chruthú don táirge. Muna ndíoltar an táirge ní bheidh an comhlacht i bhfad beo! Tá sé de dhualgas ar an roinn seo freisin a fháil amach cé hiad na comhlachtaí eile atá in iomaíocht leo, agus cad iad praghsanna a gcuid táirgí. Caithfidh siad socruithe a dhéanamh mar gheall ar fhógraíocht agus cá ndéanfar í: ar an teilifís, ar an raidió, sna nuachtáin, etc.

(iv) Airgeadas
Caithfidh gach comhlacht airgead a bheith acu. Ní mór a shoiléiriú a sa phlean gnó:

- Cé as a dtiocfaidh an t-airgead?
- Cad é an brabús fortheilgthe (projected profit) a bhfuil an comhlacht ag súil leis i gceann tréimhse áirithe ama?
- Réamhaisnéis faoi shreabhadh airgid thirim (cash flow)

Ní mór a shoiléiriú freisin an bhfuil sé ar intinn ag an mbainistíocht airgead a fháil ar iasacht, agus cén tréimhse ama a bheidh sé ag teastáil.

(v) Táirgeacht
Sa chuid seo den phlean ní mór soiléiriú a dhéanamh ar na gnéithe seo a leanas:

- suíomh na cuideachta
- sonraí faoin táirge féin
- trealamh agus sócmhainní an chomhlachta
- líon na n-oibrithe
- an t-amhábhar a úsáidfear
- an rialú cáilíochta (quality control)
- an costas ar fad a bhaineann leis an táirge

An Plean Gnó 2 - Téarmaí

Pointí le coimeád i gcuimhne:

- **Sreabhadh airgid thirim (cash flow):** Airgead tirim a ghineann gnólacht agus a íoctar le creidiúnaithe agus le scairshealbhóirí.
- **Meastacháin (estimates):** An teacht isteach agus an caiteachas a bhfuiltear ag súil leis.
- **Costais sheasta (fixed costs):** Caithfear na costais seo a íoc is cuma cad a tharlaíonn sa chomhlacht, m.sh., morgáiste, trealamh, innealra, veaineanna seachadta.
- **Costais athraitheacha (variable costs):** Seo costais a bhíonn ag síorathrú, mar shampla: solas agus teas, costais amhábhair.
- **Taighde margaidh (market research):** Gach eolas a fháil amach faoin margadh, go mór mhór faoi na daoine a cheaptar a cheannóidh an t-earra nó an tseirbhís.
- **Iasacht (loan):** Airgead a fhaightear ó bhanc, mar shampla, ach a chaithfear a aisíoc.
- **Deontas (grant):** Is féidir deontais airgead a fháil ón rialtas, ón AE, nó ó eagraíochtaí stáit eile. Ná gá deontas a aisíoc.
- **Tionscnamh díolacháin (sales promotion):** Samplaí de thionscnaimh díolachán:
    - Samplaí a thabhairt amach saor in aisce
    - Treoirearra cailliúna (loss leader product)
    - Urraíocht (sponsorship)
- **Acmhainneacht chun íochta (ability to pay)**

Daoine Tábhachtacha
An úinéir
Trádálaí aonair
Cuideachta theoranta phríobháideach
Scairshealbhóirí
Creidiúnaithe
An Bhainistíocht

Téarmaí tábhachtacha
Táirge
Fógraíocht
Brabús
Sócmhainní
Amhábhar

Gníomhaíochtaí Tábhachtacha
Bainistiú
Meastachán a dhéanamh
Táirgeadh
Rialú cáilíochta
Margaíocht & díolachán
Seachadadh

Nótaí Breise

Foinsí Airgeadais 1- Gearrthéarmach

Foinsí airgeadais gearrthéarmacha:

1. **Creidiúnaithe.**
   Ceannaíonn an gnó stoc (mar shampla). Ní íoctar as díreach, ach b'fhéidir taobh istigh de 30 lá. Tá sé seo cosúil le hiasacht saor ón ús a fháil ón díoltóir.
2. **Costais le híoc**
   Is é atá i gceist leo seo ná costais a íoctar tar éis iad a bheith úsáidte. Samplaí díobh seo ná leictreachas agus costais gutháin nach mbíonn ort íoc astu ach, mar shampla, dhá mhí tar éis iad a bheith úsáidte.
3. **Ró-Tharraingt Banc**
   Is féidir le gnó a bheith ag ró-tharraingt as cuntas reatha, le cead ón mbanc, ach caithfidh an t-airgead a bheith íoctha ar ais taobh istigh de bhliain amháin, le hús.

   Úsáidtear an t-airgead ón dtrí fhoinse thuas do chostais cosúil le bunábhair a cheannach, pá agus costais árachais a íoc, agus araile.

Téarmaí Tábhachtacha

Tá trí shaghas foinse airgeadais:
Gearrthéarmach : níos lú ná bliain amháin
Meántréimhseach: Idir bliain amháin agus cúig bliana
Fadtréimhseach: Níos mó ná cúig bliana

Bíonn airgead ag teastáil ó gach gnó do leithéidí:

- Ceannach foirgnimh, innealra, trealaimh, gluaisteán.
- Ceannach stoic.
- Íocaíocht as costais éagsúla fad is atá siad ag feitheamh do theacht isteach díolacháin.

Daoine Tábhachtacha

Creidiúnaí/ithe: duine/daoine a bhfuil airgead le híoc leis/leo.

Nótaí Breise

Foinsí Airgeadais 2 - Meántréimhseach

Foinsí airgeadais meántréimhseacha

1. **Iasacht Téarma**
   Is iasacht ó institiúid airgeadais é seo do thréimhse buan suas go cúig bliana. Bíonn méid na n-iasachta, méid na n-íocaíochtaí agus cathain a dhéanfar na híocaíochtaí sna socraithe a scríobhtar síos. De ghnáth bheadh ar an ngnó cruthúnas a thaispeáint go mbeifear ábalta an iasacht a íoc ar ais chomh maith le hús. Freisin bheadh na hinstitiúidí airgeadais ag lorg urrúis éigin, ar eagla go mbeadh fadhbanna leis na híocaíochtaí ar ais.
2. **Fruilcheannach**
   Úsáidtear é seo chun trealamh, gluaisteáin agus a leithéid a cheannach. Bíonn an gnó ábalta úsáid a bhaint as an sócmhainn nuair a íoctar an chéad tráthchuid. Bíonn ar an ngnó na tráthchodanna eile a íoc thar thréimhse ama atá socraithe. Ní bheadh an gnó ina úinéir ar an sócmhainn go dtí go mbeadh gach tráthchuid íoctha. Bheadh ús istigh sna tráthchuid sin. Bíonn an foinse airgeadais seo daor mar bíonn an ráta úis ard go leor.
3. **Léas a thógáil (Cíos a íoc)**
   Tá sé seo luachmhar nuair a bhíonn suim ag gnó úsáid a bhaint as sócmhainn ach gan a bheith ina úinéir uirthi, i gcás innealra, ríomhairí agus gluaisteáin, mar shampla. Is féidir iad a fháil ar chíos ó chomhlacht léasa. Is foinse airgid an-úsáideach é seo, go háirithe do ghnó a dteastaíonn uaidh úsáid a bhaint as sócmhainn ach nach bhfuil an t-airgead acu chun é a cheannach lom díreach.

Téarmaí Tábhachtacha

- Iasacht
- Ús
- Ráta úis
- Urrús
- Fruilcheannach
- Sócmhainn
- Tráthchuid
- Léas
- Cíos
- Comhlacht léasa

Daoine Tábhachtacha
Institiúid airgeadais ar féidir iasacht a fháil uathu:

- Bainc
- Comhair chreidmheasa
- Cumainn tógála

Gníomhaíochtaí Tábhachtacha

- Iasacht a aisíoc
- Fruilcheannach
- Léas a thógáil agus cíos a íoc

Nótaí Breise

Foinsí Airgeadais 3 – Fadtréimhseach

Foinsí airgeadais fadtréimhseacha

1. **Caipiteal Úinéirí**

   Braitheann sé seo ar an struchtúr gnó atá i gceist.
   - Trádálaí Aonair – Cuireann duine amháin an t-airgead isteach.
   - Cuideachta Phríobháideach Theoranta – Is féidir suas go 50 duine caipiteal a chur ar fáil trí scaireanna a cheannach.
   - Comhlacht Stáit – Cuireann an rialtas an t-airgead isteach trí scaireanna.
   - Comharchumann – Is iad na baill a sholáthraíonn an caipiteal. Ní gá ús a íoc.

   Úsáidtear caipiteal mar seo chun talamh, innealra nó trealamh a cheannach.
2. **Tuilleamh Coinnithe**

   Uaireanta, déanann gnó cinneadh an brabús go léir a bhí déanta i rith na bliana a íoc amach do na húinéirí i bhfoirm díbhinní. Ach uaireanta eile, ina ionad coimeádann an gnó cuid den bhrabús chun íoc as sócmhainní fadtréimhseach cosúil le hinnealra. Buntáiste mór a bhaineann leis ná nach bhfuil aon ús nó ais íocaíochtaí i gceist.
3. **Deontais Rialtais**

   Is suim airgid é seo nach gá íoc ar ais, a thagann saor in aisce ón rialtas nó gníomhaireacht stáit nó ón gComhphobal Eorpach. Úsáidtear an t-airgead le haghaidh foirgnimh, trealamh, innealra agus oiliúint oibrithe.

Téarmaí Tábhachtacha
- Caipiteal
- Scaireanna
- Brabús
- Díbhinn
- Deontas

Daoine Tábhachtacha
- Trádálaí Aonair
- Cuideachta Phríobháideach Theoranta
- Comharchumann
- Comhlacht Stáit

Gníomhaíochtaí Tábhachtacha
- Scaireanna a cheannach
- Díbhinn a íoc
- Deontas a fháil
- Sócmhainní a cheannach

Nótaí Breise

Airgeadas Gnó agus Iasacht – Ard Leibhéal 2005

Lig do M &M Finance Tta Lámh Chúnta Airgeadais a Thabhairt

Iasachtaí ar fáil ar na coinníollacha seo a leanas:

Roinntear Aisíocaíochtaí Caipitil go cothrom ar thréimhse na hIasachta;

Ús 9% RCB

Déan staidéar ar an bhfógra thuas le haghaidh iasachtaí agus freagair an cheist thíos.

(A) Fuair Ó MURCHÚ Tta iasacht **trí bliana** de €12,000 ó M & M Finance Ltd.
Ríomh an t-ús iomlán iníoctha (Taispeáin do chuid oibrithe) **(12)**

(B) Déanann S &R CONCRETE Tta earraí coincréite i Quarry Lane, Sligeach. Is iad Maura Stone agus Paddy Rock an bheirt stiúrthóirí. Is le S&R CONCRETE Tta cairéil ar fiú €2,000,000 iad agus innealra agus trucailí ar fiú €250,000 iad.

Tá ioncam míosúil de €60,000 acu agus measann siad go méadóidh seo de 20% má fhaigheann siad foirgnimh nua a chosnóidh €85,000, innealra a chosnóidh €120,000 agus cúig trucailí nua ar €50,000 an ceann.

Tá cúlchistí de €35,000 ag S&R CONCRETE Tta. Infheisteoidh na stiúrthóirí €40,000 an duine agus gheobhaidh siad deontas de €75,000.

Ar an 1 Meitheamh 2005 chuir said iarratas isteach ar iasacht deich mbliana ó M&M Finance Tta. Tugadh an iasacht ar an 15 Meitheamh 2005.

Iarrtar ort:

- **a.** Ríomh méid na hiasachta atá ag teastáil (taispeáin do chuid oibrithe);
- **b.** Comhlánaigh an Fhoirm Iarratais Iasachta
- **c.** Taifead admháil na hiasachta i gCuntas Iasachta M&M Finance agus i gCuntas an Bhainc **(28)**

(40 marc)

M & M Airgeadas Tta FOIRM IARRATAIS LE HAGHAIDH IASACHTA	
AINM AN IASACHTAÍ:	
SEOLADH AN IASACHTAÍ:	
AINMNEACHA STIÚRTHÓIRÍ AN CHOMHLACHTA:	
CINEÁL GNÓ:	
RÉAMHAISNÉIS AN IONCAIM BHLIANTÚIL:	€
MÉID NA hIASACHTA ATÁ AG TEASTÁIL:	€
CUSPÓIR NA hIASACHTA:	
TRÉIMHSE NA hIASACHTA:	BLIANTA
URRÚS AR FÁIL:	
SÍNITHE NA STIÚRTHÓIRÍ	•
	•
DÁTA:	

Cumarsáid

Pointí le coimeád i gcuimhne:

Cumarsáid Inmheánach: cumarsáid laistigh den gnó

Samplaí**:** Cumarsáid Phearsanta, Clár Fógraí, Meamram, Cruinnithe, Teileafóin inmheánacha, Córas Idirchum, Raidió iniompartha, Fóin soghluaiste, Ríomhaire.

Cumarsáid Eachtrach: cumarsáid idir an gnó agus an saol lasmuigh

Samplaí**:** Litreacha agus Doiciméid Ghnó, Cruinnithe, Nuachtáin, Raidió, Teilifís, Scannáin, Taispeántais, Teileafóin, Faics, Seirbhísí Teileachumarsáide.

Modhanna Cumarsáide:

An Béal: Ó dhuine go duine, Teileafóin, Idirchum, Cruinnithe, Raidió
An Scríobh: Litreacha, doiciméid ghnó, Clár fógraí, Faics, Ríomhaire
Na Súile: Aertel, Barrachairt, Píchairt, Picteagram.

Téarmaí Tábhachtacha

Cumarsáid Inmheánach,
Cumarsáid Eachtrach
Modhanna Cumarsáide

Daoine Tábhachtacha

Bainisteoir,
Oibrithe,
Tomhaltóirí,
An Pobal

Gníomhaíochtaí Tábhachtacha

Cumarsáid Éifeachtach
An modh cumarsáide ceart a roghnú:

- Costas
- Cruinneas
- Luas
- Rúndacht
- Taifead

Constaicí ar Chumarsáid Mhaith

- Teanga
- Easpa Soiléireachta
- Éisteacht: An bhfuil daoine ag éisteacht?
- Amhras faoin údarás
- Droch-chaidreamh

Cumarsáid Éifeachtach

Caithfidh duine teachtaireacht/eolas a fháil, a thuiscint agus a ghlacadh. Ansin, caithfidh sé/sí gníomhú dá réir.

Daoine ag Obair 1 - Fostaíocht

Sainmhíniú ar fhostaíocht: (Fostaíocht v Obair)

- Bíonn gach duine ag obair ar bhealach éigin. Ní íoctar cuid de na daoine as a gcuid oibre.
- Fostaíocht an téarma a thugtar ar obair a bhfaigheann duine íocaíocht uirthi.
- Íoctar pá nó tuarastal dóibh.
- De ghnáth, oibríonn fostaithe 40 uair nó níos lú gach seachtain.
- Bíonn neamhspleáchas áirithe acu.

Cineál jabanna:

- Láimhe
- Cléireachais
- Teicniúla
- Riaracháin
- Seirbhíse
- Cruthaitheacha

An Fostaí

Cearta an Fhostaithe:

- Pá cóir a thuilleadh as a chuid oibre
- Go gcaithfear go cóir agus go cothrom leis mar a chaitear lena chomhoibrithe
- Oibriú faoi choinníollacha sábháilte
- Sochair reachtúla an phoist a fháil

Freagrachtaí an Fhostaithe:

- Bheith in am
- Bheith in ann treoracha a leanúint
- Na coinníollacha oibre a chomhlíonadh, lá macánta oibre a dhéanamh
- Bheith béasach agus cairdiúil leis an bhfoireann, in ann obair leo
- Meas a léiriú do áitreabh an fhostóra

Leibhéal Scile:

- Proifisiúnta
- Oilte
- Leathoilte
- Neamhoilte

Lucht Saothair

lad siúd ar fad atá fostaithe agus atá le fáil don obair atá idir 16 agus 65 bliain d'aois

Dífhostaíocht

Tá lán-fhostaíocht sa tír seo faoi láthair de bharr an fás ollmhór atá tarlaithe do gheilleagair na hÉireann, **ach** tá daoine fós ann nach féidir leo post a fháil toisc nach bhfuil na scileanna cearta acu.

Airíonna Dífhostaíochta :

- Laghdú ar a ioncam
- Féinmheas íseal. M.sh, uaireanta braitheann daoine nach bhfuil said ag tabhairt aire ceart don chlann.
- Neamhchinnte - d'fheadfadh sé bheith fadtéarmach, gearrthéarmach nó séasúrach ag brath ar an gcineál tionscal a bhíonn i gceist.

Daoine ag Obair 2 –Féinfhostaithe

Buntáistí

- Níl saoiste nó ceannasaí ar bith acu ach iad féin.
- Is leo an gnó.
- Coimeádann siad an brabús ar fad.
- Tá siad i gceannas, déanann siad na cinntí ar fad.
- Bíonn siad ag déanamh rud éigin a bhfuil dúil acu ann agus a thaitníonn leo.

Míbhuntáistí

- Oibríonn daoine féinfhostaithe uaireanta fada.
- Ní ghlacann siad mórán laethanta saoire.
- Maoiníonn siad an gnó iad fhéin.
- Ghlacann siad leis an riosca (airgeadais agus pearsanta) ar fad.
- Bíonn siad freagrach as gach rud.

Féinfhostaíocht:
Trí príomhchineál gnó

Seirbhísí: dochtúir, tiománaithe tacsaí

Déantúsaíocht: siúinéir

Talmhaíocht: feirmeoir

Tá tuairim is 300,000 duine féinfhostaithe in Éirinn inniu.

Nótaí Breise

Daoine ag obair 3 - An Fostóir

Freagrachtaí an Fhostóra:

- Sonraí scríofa a thabhairt faoi théarmaí na fostaíochta
- Cead a thabhairt don fhostaí bheith mar bhall de cheardchumann
- Am saor a thabhairt don fhostaí faoi choinníollacha airithe – m/sh. sos máithreachais
- Más gá duine a bhriseadh as a phost, ní foláir é sin a dhéanamh faoin dlí
- Pá iomarcaíochta a thabhairt má tá an fhostaí ann os cionn dhá bhliain
- Caithfear na rataí céanna a íoc le fir agus mná ar an obair chéanna
- Na caighdeáin maidir le sábháilteacht agus coinníollacha maithe oibre a chur ar fáil do na fostaithe - éadaí cosantacha, innealra agus fearais den scoth
- Teas airithe a bheith in oifigí agus siopaí
- Cáin ioncam, ÍMAT agus ÁSPC a íoc

Cearta an Fhostóra:
Tá sé de cheart ag an bhfostóir:

- cinneadh a dhéanamh maidir le cuspóirí an ghnó agus na polasaithe is gá chun na cuspóirí sin a chur i gcrích.
- a chinntiú go gcuirtear cuspóirí i gcrích.
- an cinneadh a dhéanamh faoin úsáid a bhainfear as acmhainní na cuideachta.

Nótaí Breise

Daoine ag Obair 4 - Daoine a Fhostú

1. **Jabthuairsc:** Cur síos a dhéanamh ar an obair a bheidh ar an bhfostaí a dhéanamh, an tuarastal agus sochar atá le fáil, cáilíochtaí, taithí agus aois an duine atá ag teastáil agus cén am le tosú.
2. **Fógraíocht:** eolas a chur amach faoin post chuig na nuachtáin, Oifigí FÁS agus araile, chomh maith le heolas mar gheall ar conas cur isteach air (m.sh litir iarratais / foirm iarratais).
3. **Agallamh:** Tugann agallamh seans don iarrthóir é féin a chur os comhair an fhostóra agus é a mhealladh chun an post a thabhairt do/di. Bíonn **curriculum vitae** (CV) agus liosta **moltóirí** ag teastáil de ghnáth.
4. **Roghnú**: I ndiaidh na n-agallamh déanann an fostóir cinneadh faoin duine is oiriúnaí don phost.
5. **Ionduchtú:** Seo an modh a úsáidtear chun daoine nua a shocrú isteach sa ghnó. Muna bhfuil daoine sásta d'fheadfadh siad imeacht.

Taifead ar Fhostaithe

Cineál Eolais
- Sonraí Pearsanta
- Sonraí Oideachasúil
- Sonraí Tuarastail

Conradh Fostaíochta

Sa chonradh beidh
- Sonraí pá
- Uaireanta oibre
- Laethanta saoire
- Coinníollacha pá tinnis
- Socrú pinsin
- An méid fógra scoir a thabharfar

Daoine óga a fhostú

Ní féidir le daoine faoi 18 níos mó na 40 uaire oibre sa seachtain agus 8 n-uaire sa lá a dhéanamh, ach i gcásanna práinneacha.

Tá uaireanta faoi leith ceadaithe do dhaoine ata idir 14 agus 15.

	14	15
Téarma scoile	0	8 n-uaire
Obair – Laethanta Saoire	35 uaire	35 uaire
Taithí Oibre	40 uaire	40 uaire

Daoine faoi 16, ní féidir leo oibriú roimh 8 r.n. ar maidin, nó i ndiaidh 8 i.n. san oíche.

Daoine ag Obair 5 - Ag Ríomh Pá

Duillín Pá (Payslip)

Ollhphá (gross pay):
Tugtar ollphá ar an méid iomlán airgid a thuilleann duine sula mbainfear aon rud de.

Glanphá (net pay)
Seo an méid airgid ata fágtha ag duine as a chuid ollphá nuair a bhaintear asbhaintí (*deductions*) cosúil le cáin de.

Ioncam
Is féidir le hioncam rialta agus ioncam breise a bheith san ollphá.

- **Ioncam Rialta**:
  Bunphá (basic pay) ar obair gnáthsheachtaine, m/sh 35 uair an chloig ar €5 an uair = €205
- **Ioncam Breise**:
  (i) Pá ragoibre (overtime pay) ar uaireanta breise oibre, m/sh 5 uair an chloig ar €10 an uair = €50
  (ii) Bónais
  (iii) Coimisiún

Asbhaintí Reachtúla (statutory deductions)
Caithfidh fostóir, de réir an dlí, na suimeanna seo a bhaint de phá duine sula dtugann sé don duine é.

- **ÍMAT / Íoc Mar a Thuillir (*PAYE*):**
  Caithfidh gach fostaí an cháin seo a íoc.
  Úsáideann an rialtas cáin ioncam le díol as seirbhísí stáit, m/sh, oideachas, na gardaí, otharlanna.
- **ÁSPC / Árachas Sóisialach Pá-choibhneasa (*PRSI*):**
  Baintear é seo de phá gach duine.
  Úsáideann an rialtas ÁSPC le díol as an dól, pinsean seanaoise, sochar tinnis agus araile.

Asbhaintí Deonacha (Voluntary deductions)
Uaireanta, iarrann fostaí ar a fhostóir suimeanna a bhaint d'ollphá faoi choinne a leithéidí seo a leanas:

- Árachas Sláinte Saorálach (*voluntary health insurance*)
- Síntiús Cheardchumainn (*trade union subscription*)
- Rannaíochtaí le Scéim Choigiltis (*contributions to savings scheme*)
- Rannaíochtaí le Scéim Phinsin (*contributions to pension scheme*)

Nótaí Breise

Daoine ag Obair 6 - Ag Ríomh Pá

Duillín Pá Phádraig Mhic an Easpaig

	Bunphá:	280	
	Ragobair:	50	

	Ollphá:		330
Asbhaintí:			
ÍMAT:	60		
ÁSPC:	30		
Ceardchumann:	5		
ÁSS:	20		

Iomlán na n-Asbhaintí:		115	

Glanphá:		**€215**	

Bunphá a ríomh:

Bunphá:	*35 uair @ €8 =*	*€280*
Ragobair:	*5 uair @ €10 =*	*€ 50*
Ollphá:		*€330*

Luach Saothair

Bealaí chun luach saothair a thabhairt d'oibrithe

- **Búnphá**: suim airgid a roinntear ina dhá chuid déag mhíosúla
- **Uair-ráta:** suim a íoctar in aghaidh gach uair a oibrítear
- **Tascráta:** an tsuim a íoctar ar son gach píosa a dhéantar/tháirgtear
- **Coimisiúin:** íocaíocht ar gach earra a dhíoltar
- **Córas bónais:** bunráta pá a gcuirtear bónas leis nuair a shroicheann daoine spriocanna áirithe ina gcuid oibre

Nótaí Breise

Daoine ag Obair

Daoine ag Obair agus Litir – Gnáth Leibhéal 2004

Daoine ag Obair agus Coigilteas – Gnáth Leibhéal 2002

Daoine ag Obair – Ard Leibhéal 2002

Daoine ag Obair agus Litir – Ard Leibhéal 2003

Daoine ag Obair – Ard Leibhéal 2004

Daoine ag Obair – Ard Leibhéal 2005

Daoine ag Obair agus Litir – Gnáth Leibhéal 2004

Tá beartaithe ag Tom Mac Craith siopa nua a oscailt, ar a dtabharfar Stór Áise Tom, ag Bóthar an Tobair, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe. Tá sé i gceist aige grósaeirí, scroideanna, irisí agus uachtar reoite a dhíol. Tá sé ag súil le foireann de chúigear a fhostú. Ar 2 Aibreán 2004, scríobhann sé litir chuig Caitríona Ní Dhúill, Rúnaí, Oifig IBEC, Sráid na Coiribe, Gaillimh, ag lorg comhairle maidir leis na freagrachtaí a bhaineann le fostóirí agus fostaithe.
Ar 6 Aibreán 2004, scríobhann Caitríona freagra chuig Tom. Glacann sí buíochas leis as a fhiosrúchán agus luann sí **trí** fhreagracht a bheadh air mar **fhostóir** dá chuid fostaithe. Liostaíonn sí **trí** fhreagracht a bheadh ar a chuid **fostaithe** freisin. Ar deireadh guíonn sí rath ar Tom lena ghnó nua.

(A) Scríobh an litir a chuir Caitríona Ní Dhúill chuig Tom Mac Craith ar 6 Aibreán 2004. **(40)**

(B) Is eagraíocht é IBEC a fheidhmíonn ar son fostóirí. Cén sórt eagraíochta a fheidhmíonn ar son **fostaithe** ag obair? Luaigh sampla **amháin**. **(5)**

(C) Tá cuid mhaith téarmaí a bhaineann le fostaíocht, ar nós **Lucht Oibre**, **Jabthuairisc**, **Iomarcaíocht**, **Stíobhard Ceardlainne**, **Pá Dúbailte**, **Stailc.**
Mínigh go soiléir **trí** cinn de na téarmaí sin (abairt amháin i ngach cás). **(15)**

(60 marc)

Daoine ag Obair agus Coigilteas – Gnáth Leibhéal 2002

Tá Máire de Faoite fostaithe mar chúntóir díolacháin i siopa mór. Is í a gnáthsheachtain oibre ná 36 huaire a chloig. Má oibríonn sí níos faide, faigheann sí pá ragoibre ag am go leith. Seo a leanas duillín pá Mháire don 8 Márta 2002:

	Duillín Pá: **Máire de Faoite**		Seachtain 10	8 Márta 2002
PÁ:	€	ASBHAINTÍ:	€	
BUNPHÁ	252.00	ÍMAT	36.27	
RAGOBAIR	10.50	ÁSPC	17.59	
		COIGEALTAS	25.00	GLANPHÁ
PÁ COMHLÁN	262.50	ASBHAINTÍ IOMLÁNA	78.86	183.64

(A) Cad é bunphá Mháire de Faoite in aghaidh na huaire? **(5)**

(B) Cé mhéad uair a chloig a d'oibrigh sí i Seachtain 10? **(6)**

(C) Baineann fostóir Mháire €25.00 dá pá gach seachtain le haghaidh scéime coigiltis. Ainmnigh **trí** shaghas éagsúla institiúide ina bhféadfaí an t-airgead seo a chur chun fáltas (ús) a thuilleamh do Mháire. **(12)**

(D) Fuair Máire a pá in airgead tirim. Bhain an fostóir úsáid as an líon is ísle nótaí agus monaí a b'fhéidir agus é ag cur an airgid i gclúdach pá Mháire. Líon isteach an anailís Nótaí/Monaí ag léiriú cé mhéad nóta agus mona de gach cineál a bhí sa chlúdach**.** **(16)**

(E) An tseachtain ina dhiaidh sin d'oibrigh Máire 40 uair a chloig. Ba €39.55 a d'íoc sí mar ÍMAT agus €19.95 a d'íoc sí mar ÁSPC. Ní raibh aon athrú ar a bunphá ná ar a coigealtas. Agus an t-eolas sin agat, comhlánaigh a Duillín Pá do Sheachtain 11, dar dáta 15 Márta 2002. **(21)**

(60 marc)

Daoine ag Obair agus Coigilteas – Gnáth Leibhéal 2002 - Doiciméid

(D) ANAILÍS NÓTA/MONAÍ												
IOMLÁN	**€50**	**€20**	**€10**	**€5**	**€2**	**€1**	**50c**	**20c**	**10c**	**5c**	**2c**	**1c**
€183.64												

(E) Duillín pá Mháire don 15 Márta 2002:

	Duillín Pá: **Máire de Faoite**		Seachtain 11	
PÁ:	€	ASBHAINTÍ:	€	
BUNPHÁ		ÍMAT		
RAGOBAIR		ÁSPC		
		COIGEALTAS		PÁ GLAN
PÁ COMHLÁN		ASBHAINTÍ IOMLÁNA		

Daoine ag Obair – Gnáth Leibhéal 2005

Tá Rónán Mac an Bháird fostaithe mar bhainisteoir láithreáin ag Comhlacht Tógála Harris Tta. De ghnáth oibríonn sé 38 uair sa tseachtain. Má oibríonn sé níos mó ama, faigheann sé pá ragoibre de réir am dúbailte.
Seo a leanas duillín pá Rónáin don 8 Aibreán 2005:

Fostaí:	Rónán Mac an Bháird		Seachtain 14	8 Aibreán 2005
PÁ:	€	ASBHAINTÍ:	€	Comhlacht Tógála Harris Tta
BUNPHÁ	760.00	ÍMAT	265.50	
RAGOBAIR	80.00	ÁSPC	83.50	
		CEARDCHUMANN	15.00	GLANPHÁ
OLLPHÁ	840.00	ASBHAINTÍ IOMLÁNA	364.00	476.00

(A) Ríomh bunphá Rónán Mac an Bháird in aghaidh na h-uaire. **(6)**

(B) Ríomh cé mhéid a shaothraíonn sé as ragobair uaire amháin. **(6)**

(C) Ríomh an méid uaireanta ragoibre a d'oibrigh sé i Seachtain 14. **(6)**

(D) An tseachtain ina dhiaidh sin, d'oibrigh Rónán 42 uair an chloig. Ba é a ÍMAT ná €298.50 agus a ÁSPC ná €94.25. Ní raibh aon athrú ar a bhunphá ná ar a asbhaint ceardchumainn. Agus an t-eolas thuas agat, comhlánaigh a Dhuillín Pá do Sheachtain 15, dar dáta 15 Aibreán 2005. **(21)**

(E) Baineann na téarmaí seo a leanas le cúrsaí pá:

- Asbhaintí Reachtúla
- Tascráta
- Coimisiún
- Sochar Comhchineáil
- Amráta

Mínigh **trí** cinn de na téarmaí thuas, agus tabhair sampla **i ngach** cás. **(21)**

(60 marc)

Daoine ag Obair – Ard Leibhéal 2002

(A) Leag amach nós imeachta a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid ag fostú foirne nua oibre. **(8)**

(B) Bialann atá ag forbairt go tapa is ea **MEARBHIA CRISPY** agus tá cócaire cúnta ag teastáil.
Déan fógra oiriúnach a dhréachtadh le haghaidh fholúntas cócaire chúnta a bheidh á chur isteach sna páipéirí áitiúla. **(10)**

(C) Tá beirt fhostaithe a íoctar go míosúil ag **MEARBHIA CRISPY**. Íocann gach fostaí **ASPC** ag ráta 8%. Is é ráta **ASPC** an fhostóra ná 12%.

(i) Comhlánaigh an Leabhar Pá, do mhí Bhealtaine 2001, ag baint úsáide as an Leabhar Pá atá comhlánaithe i bpáirt ar an mbileog ar leith a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo.

(ii) Déan **costas iomlán pánna** a áireamh do mhí Bhealtaine, 2001.
(Scríobh isteach do fhreagra sa bhosca atá ann dó i ndiaidh an Leabhair Phá ar an mbileog ar leith). **(16)**

(D) Taifead an **costas iomlán pánna** do mhí Bhealtaine 2001 sna cuntais Phá agus Bhainc de chuid **MEARBHIA CRISPY,** atá ann dó *ar an leathanach ar leith a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo.* **(6)**

(40 marc)

LEABHAR NA bPÁNNA

Dáta	Ainm	Ollphánna	Asbhaintí			Glanphánna	ASPC An Fhostóra
			ÍMAT	ASPC	Iomlán		
		ÉIR£	ÉIR£	ÉIR£	ÉIR£	ÉIR£	ÉIR£
31/5/2001	Máire Nic an Éisc	1,800	600				
31/5/2001	Lúcás Curraí	1,400	460				
	Iomlán						

OLLCHOSTAS PÁNNA	ÉIR£

Dáta	Mionsonraí	F	Méid ÉIR£	Dáta	Mionsonraí	F	Méid ÉIR£
			Cuntas Pánna (lch. 1)				
			Cuntas Bainc (lch. 2)				

Daoine ag Obair agus Litir – Ard Leibhéal 2003

Bhí an fógra seo a leanas i nuachtán le déanaí:

SWIFT ELECTRONICS

De dhíth:	**Teicneoir-Leictreoir** le bheith mar bhall dár bhfoireann cothabhála
Cáilíochtaí:	Cáilíocht in Innealtóireacht Leictreonach Taithí oibre dhá bhliain
Iarratasóir:	Ba cheart go mbeadh sé/sí in ann d'obair chrua, oibriú as a stuaim féin agus le scileanna maithe cumarsáide
Iarratas chuig:	An Bainisteoir Acmhainní Daonna Swift Electronics Mainistir Fhear Maí Co. Chorcaí
Dáta deiridh:	1 Meitheamh 2003

Is fostóir comhionannais é SWIFT ELECTRONICS

Tá Seán Ó Muirí 25 bliana d'aois agus cónaíonn sé ag 6, Ascaill Labhráis, An Trá Mhór, Co. Phort Láirge. Rinne sé staidéar ar an leictreonachas in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge ó 1997 go 2000 agus cháiligh sé le Dioplóma go Céad Onóracha in Innealtóireacht Leictreonach.
Tá sé ag obair le Instomtec Tta., Ceatharlach ar feadh na dtrí bliana seo caite.

(A) Scríobhann tusa, mar Sheán Ó Muirí, litir dar dáta 22 Bealtaine 2003, ag cur isteach ar an bpost agus ag tabhairt na sonraí pearsanta ábhartha uile agus á rá go bhfuil tú ar fáil d'agallamh. **(16)**

(B) Ainmnigh **dhá** fhoinse eolais faoi fholúntais do phostanna seachas an nuachtán. **(6)**

(C) Ainmnigh **beirt** duine a d'fhéadfadh Seán Ó Muirí a thabhairt mar theistiméirí más gá. **(6)**

(D) Ainmnigh **dhá** riachtanas don phost. **(6)**

(E) D'éirigh le hiarratas Sheáin ar an bpost agus tuillfidh sé €28,000 comhlán in aghaidh na bliana. Is é an ráta cánach ná 20 cent san Euro. Tá creidmheas cánach €2,480 aige. Ríomh a bhille cánach don bhliain. **(6)**

(40 marc)

Daoine ag Obair – Ard Leibhéal 2004

(A) Oibríonn Siobhán do Torthaí Úra Tta ag díol agus ag seachadadh torthaí agus glasraí le siopaí agus óstáin i gCo. Liatroma. Íoctar bunphá de €160 in aghaidh na seachtaine léi móide coimisiún de 5% ar dhíolacháin sheachtainiúla de bhreis ar €3,000. Rinne sí díolacháin de €8,440 an tseachtain seo caite.

(B) Ríomh ollphá Shiobháin don tseachtain. **(5)**

(C) Tá Siobhán ag smaoineamh ar a bheith féinfhostaithe i ngnó na dtorthaí agus na nglasraí. Beidh uirthi fostaí amháin a earcú.

- **a.** Mínigh, le sampla amháin, cén difríocht atá idir obair agus fostaíocht. **(4)**
- **b.** Luaigh **dhá** luach saothair agus **dhá** bhaol a bhaineann le bheith féinfhostaithe. **(8)**
- **c.** Luaigh **trí** fhreagracht a bheidh ar an bhfostaí nua. **(9)**
- **d.** Luaigh **dhá** asbhaint reachtúla a bhaintear as ollphá fostaí. **(4)**
- **e.** Mínigh an chúis le gach ceann de na hasbhaintí reachtúla sin. **(4)**

(D) Measann Siobhán go mbeadh €150,000 mar chostais bhliantúla iomlán ag a gnó nua. Ríomh na meándíolacháin mhíosúla a bheadh ag teastáil má tá Siobhán chun meánbhrabúsmíosúil de €4,500 a fháil. **(6)**

(40 marc)

Daoine ag Obair – Ard Leibhéal 2005

(A) Tá Niamh Ní Fhaoileáin fostaithe mar mheaisíneoir ag Trend Style Sports Tta. Oibríonn sí 39 uair sa tseachtain de ghnáth ach anois is arís déanann sí ragobair. Is é a ráta bunphá ná €10 san uair. Íoctar ragobair de réir ama go leith don chéad cheithre huaire agus am dúbailte do gach uair sa bhreis. Rinne sí 48 uair oibre i Seachtain Uimh.18.

Íocann Niamh cáin ioncaim ag an ráta 20% agus ÁSPC ag an ráta 8%. Is é a creidmheas cánach ná €2,080 sa bhliain. Íocann sí síntiús €2 in aghaidh na seachtaine dá Ceardchumann agus cuireann sí €15 sa tseachtain i gciste coigiltis. Baintear an dá shuim airgid sin óna pá ag an bhfostóir.

- **(i)** Cén cuspóir atá le **Creidmheas Cánach**?
- **(ii)** Comhlánaigh Dúilín Pá Niamh don tSeachtain Uimh 18. Taispeáin do chuid oibrithe. **(25)**

(B)
- **(i)** **Mínigh dhá** bhuntáiste do Niamh toisc í bheith ina ball de Cheardchumann.
- **(ii)** Luaigh **dhá** shocar a fhéadfadh Niamh a fháil ón a síntiúisí ÁSPC.
- **(iii)** Íoctar Niamh de réir amráta. Luaigh agus mínigh modh **amháin** eile chun ollphá a ríomh. **(15)**

(40 marc)

Daoine ag Obair – Ard Leibhéal 2005 – Doiciméid

Duillín Pá		
Ainm:		
Uimhir Seachtaine:		
Bunphá	€	
Ragobair	€	
Ollphá	→	€
Creidmheas Cánach	€	
Asbhaintí		
ÍMAT	€	
ÁSPC	€	
Ceardchumann	€	
Airgead Coigilte	€	
Asbhaintí Iomlána	→	€
Glanphá	→	€

Caidreamh Tionsclaíoch

Ceardchumann: Eagraíocht chun cearta agus coinníollacha oibrithe a chosaint. Déanann sé idirbheartaíocht leis an na fostóirí ar son na mball, agus cosnaíonn sé iad ar éagóir. Bíonn síntiús le híoc ag gach ball.
Bainisteoir Pearsanta: An duine sa bhainistíocht le freagracht do chúramaí na n-oibrithe agus an duine ar cheart gearán a dhéanamh leis/léi má tá aon chúis ghearáin ag oibrí.
Aighnis Thionsclaíochta: Uaireanta má bhíonn easaontú idir na hoibrithe/an ceardchumann agus an bhainistíocht, agus mura féidir teacht ar réiteach glactar cine gníomhaíocht thionsclaíoch a thosú (féach sa bhosca thíos).
Comhionannas: Is gá d'fhostóirí caitheamh go cothrom lena n-oibrithe agus tá sé mídhleathach leatrom a dhéanamh ar aon duine – m.sh ar ghnéas nó stádas pósta. Bíonn ar fhostóirí aire a thabhairt don chomhionannas nuair atá post á fhógairt acu, oibrithe á roghnú, coinníollacha oibre a leagadh síos, agus deiseanna traenála nó ardú céime a chur ar fáil.
Idirbheartaíocht Náisiúnta: Déanann Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) idirbheartaíocht le fostóirí, le Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, agus leis an Rialtas ar son bhaill na gceardchumann éagsúla.
An Chúirt Oibreachais: Mura féidir teacht ar réiteach sásúil idir bhainistíocht gnólachta agus ceardchumann. Bíonn ball amháin ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann agus ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, agus bíonn cathaoirleach neamhspleách inti. De ghnáth glactar lena cuid moltaí ach ní gá mura socraítear sin roimh ré.
An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais: Cuireann an coimisiún seo seirbhís idir-réitigh, chomhairle, taighde, agus chomhionannais ar fáil chun caidreamh maith tionsclaíoch a chur chun cinn.
An Binse Achomhairc Fostaíochta: Is féidir le daoine a mbristear as a bpost go héagórach cás a thabhairt ag an mBinse Achomhairc Fostaíochta.

Téarmaí Tábhachtacha
- Idir réiteach
- Eadráin
- An Stíobhaird Ceardlainne
- An Bainisteoir Pearsanra
- Éagóir / go héagórach

Gníomhaíocht Thionsclaíoch
- Obair de réir rialach
- Stailc oifigiúil
- Stailc iomlán
- Stailc neamh-oifigiúil
- Cosc ar ragobair

Nótaí Breise

Caidreamh Tionsclaíoch – Ard Leibhéal 2003

(A) Cad é ról cheardchumainn? **(6)**

(B) Tabhair **trí** chúis go dtarlaíonn stailceanna. **(6)**

(C) Luaigh **trí** chéim a bhaineann le haighneas caidrimh thionsclaíoch a réiteach. **(12)**

(D) Déan staidéar ar an tuairisc seo a leanas as nuachtán agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Na hOthair Is Túisce a Ghortófar

Rachaidh na haltraí as na ranna timpistí agus éigeandála ar stailc dhá uair an chloig ar fud na tíre inniu. Thug na dochtúirí rabhadh go mb'fhéidir go bhfágfar iad ag srachadh ag iarraidh déileáil le hothair éigeandála nuair a bheidh na haltraí i mbun picéad idir 12pm-2pm mar agóid in aghaidh plódaithe agus coinníollacha oibre dofhulaingthe. Iarrtar ar dhaoine gan teacht go dtí na haonaid timpistí sna príomhospidéil i mBaile Átha Cliath más féidir. Beidh na seirbhísí go léir eile, riaradh othar ar an liosta feithimh san áireamh, ar siúl mar is gnách. Ón lá inniu beidh obair de réir rialach ar siúl ag na haltraí sna ranna timpistí, iad ag diúltú tascanna mar an sileadh infhéitheach a dhéanamh.

(i) Cad faoi an t-aighneas seo?
(ii) Ainmnigh an dá pháirtí atá in aighneas.
(iii) Sainaithin **dhá** pháirtí, seachas mar atá in (ii) thuas, ar chuir an t-aighneas isteach orthu.
(iv) Ainmnigh an **dá** chineál gnímh thionsclaíoch a rinneadh.

(16)

(40 marc)

Cuid 3

Fiontraíocht agus Leabharchoimeád

Margaíocht 120
Margaíocht – Ceisteanna Scrúduithe 122
Córais Sheachadta 125
Córais Sheachadta – Ceisteanna Scrúduithe 133
Idirbhearta Gnó & Doiciméid Ghnó 136
Idirbhearta Gnó & Doiciméid Ghnó – Ceist.Scrúd..... 141
Gnó a mheas 161
Gnó a mheas – Ceisteanna Scrúduithe 164
Sócmhainní, Dliteanais agus Caipiteal 166
Cuntais Chríochnaitheacha & Clár Comhardaithe – C.Scrúd. 167
Cuntais Chlub – Ceisteanna Scrúduithe 176
Cuntais Fheirme – Ceisteanna Scrúduithe 180
Leabhar Túsiontrála & Mórleabhar – Ceist.Scrúd..... 181
Mionairgead – Ceisteanna Scrúduithe 185
Leabhar Airgid Miondealaithe & Monatóireacht ar Fhorchostais – Ceisteanna Scrúduithe 187
Réamhaisnéis Sreafa Airgid – Ceist. Scrúd..... 188

Margaíocht 1

Pointí le coimeád i gcuimhne:
Margadh: áit a cheannaítear agus a dhíoltar táirgí agus seirbhísí, m/sh. margadh iasc/glasraí. I ngach cás tá na díoltóirí ag lorg tomhaltóirí leis an táirge agus an tseirbhís a cheannach.
Margadh Tomhaltóra: an margadh is tábhachtaí ina bhfuil táirgí tomhaltóra díolta agus ceannaithe, m/sh. bia/dlúthdhioscaí/hifi.
Margadh Airgeadais: bunaithe ar bhancáil agus ar sheirbhísí airgeadais.

Taighde Margaidh: eolas a fháil ar mhargadh agus ar thomhaltóirí. Cuidíonn an t-eolas seo leis an meascadh margaíochta (thall) a chur i léith.
Taighde Príomhúil: Téann an taighdeoir go dtí an margadh ag bailiú eolais ar thomhaltóirí agus tháirgí. Úsáidtear ceistneoirí agus agallaimh pearsanta. Is féidir leis a bheith costasach.
Taighde Tánaisteach: Eolas a bhailiú ó leabhair agus ón idirlíon. Níl an taighde seo costasach.

Téarmaí Tábhachtacha

- Margadh Tomhaltóra
- Margadh Airgeadais
- Taighde Margaidh
  - Taighde Príomhúil
  - Taighde Tánaisteach
- Fógraíocht
  - Fógraíocht fhaisnéiseach
  - Fógraíocht áititheach
  - Fógraíocht iomaíoch
- Brandáil

Meascadh Margaíochta (4 P's)

Tógann margaíocht gach gné den ghnó san áireamh:

1. **Táirge:** ainm/branda/ pacáistiú
2. **Praghas**: lascainí/brabús
3. **Tionscnamh**: fógraíocht/díolacháin
4. **Áit le díol**: bealaí dáileacháin

Fógraíocht: Caithfidh comhlachtaí an táirge s'acu a dhéanamh difriúil i gcomparáid lena n-iomaitheoirí. Déantar é seo le fógraíocht ar:

(a) Páipéir náisiúnta (b) Teilifís (c) Raidió (d) Irisleabhair

Fógraíocht fhaisnéiseach: ag tabhairt eolais faoin dtáirge

Fógraíocht áititheach: a chinntiú go gceannóidh an tomhaltóir an táirge

Fógraíocht iomaíoch: béim a chur ar bhuntáistí an táirge i gcomparáid le táirge an iomaitheora

Brandáil: earra a dhíol faoi ainm áirithe branda, agus ainm an táirge a bheith aitheanta i measc an phobail, m.sh Nike, Adidas. Cuireann fógraíocht béim ar bhrandáil, m.sh Enjoy the taste of Coca Cola.

Margaíocht 2

Pointí le coimeád i gcuimhne!
3 chéim san mhargaíocht

Taighde margaíochta → Táirgeacht earraí/seirbhísí → Urraíocht & tionscnamh díolacháin

Taighde ag an deasc

Breathnú

Agallamh

Ceistneoir

Forbairt táirgí

Dearadh

Pacáistiú

Praghas a shocrú

Fógraíocht
- Teilifís/raidio
- Nuachtáin
- Irisleabhair
- Póstaeir & fógráin phoiblí
- Pictiúrlann
- Post Díreach

Tionscnamh díolacháin
- 'Samplaí in aisce'
- 50% sa bhreis in aisce

Caidreamh Poiblí

Téarmaí Tábhachtacha
Treoirearra Cailliúna: Táirge a dhíoltar ar phraghas laghdaithe chun custaiméirí a mhealladh isteach i siopa.

Daoine Tábhachtacha
- Oifigeach caidrimh poiblí
- Urraitheoir
- Bainisteoir margaíochta
  Bainisteoir fógraíochta
- Bainisteoir díolacháin

Gníomhaíochtaí Tábhachtacha
- Tuairisc a scríobh
- Fógra a dhearadh
- Ceistneoir a dhearadh

Deighilt Mhargaidh
Séard atá i gceist anseo, ná margadh a rangú ina chuid fó-chodanna de réir aoise, ioncaim, aicme, agus araile.
Cuidíonn sé le díoltóirí díriú isteach ar ghrúpaí faoi leith ionas go mbeidh a gcuid iarrachtaí margaíochta níos éifeachtaí.

Margaíocht – Ceisteanna Scrúduithe

Margaíocht agus Tionscnamh Díolacháin – Gnáth Leibhéal 2004

Margaíocht agus Tuarascáil – Ard Leibhéal 2002

Margaíocht – Ard Leibhéal 2002

Margaíocht agus Tionscnamh Díolacháin – Gnáth Leibhéal 2004

Tá roinnt siopaí ag Spórtstíleanna Teo. ar fud Chúige Laighean. Díolann siad geansaithe peile de na mórfhoirne contae. Sa bhliain 2003, bhí díolacháin na ngeansaithe mar seo a leanas:

Ainm na Foirne:	An MHÍ	ÁTH CLIATH	LAOIS	CILL DARA	UÍBH FHÁILÍ	AN IARMHÍ
Cainníocht:	4,000	5,000	2,500	3,000	1,500	2,000

(A) Taispeáin an t-eolas thuas i bhfoirm **Bharrachairte** nó **Phíchairte**.
(Bain úsáid as grafpháipéar)

(20)

(B) Ar phraghas .50 an geansaí, ríomh **Iomlán na nDíolachán** don bhliain 2003. Taispeáin do chuid oibriúchán.

(8)

(C) Cén contae ina mbeadh súil agat an **spriocmhargadh** a aimsiú le haghaidh gheansaithe peile Laoise?

(5)

(D) Baineann Spórtstíleanna Teo. úsáid as taispeántais fhuinneog siopa chun díolachán geansaithe peile a chur chun cinn. Dá mbeifeá i do bhainisteoir díolachán ag Spórtstíleanna Teo., cén bealach (seachas taispeántais fhuinneog siopa) a roghnófá chun na geansaithe a chur chun cinn agus eolas fúthu a thabhairt don phobal? Luaigh **dhá** chúis go gceapann tú go n-éireodh go maith le do rogha.

(15)

(E) Is minic a deirtear gurb iad Táirgeadh, Praghas, Cur Chun Cinn agus Áit na **ceithre phríomhghné a bhaineann le margaíocht.** Mínigh go hachomair cén bhaint atá ag **gach ceann** de na ceithre phríomhghné seo le Spórtstíleanna Teo. (abairt amháin i ngach cás).

(12)

(60 marc)

Margaíocht agus Tuarascáil – Ard Leibhéal 2002

Tá 500 dalta ag freastal ar Iarbhunscoil Pháirc Dara, atá suite trí chiliméadar ón mbaile is giorra. Tá an scoil ag smaoineamh ar bhéilí teo a chur ar fáil do dhaltaí am lóin ar chostas ÉIR£1.50 an béile. Ta iarrtha ag Bord Bainistíochta na scoile ar P&M Margaíocht Teo., An Nás, Co. Chill Dara suirbhé, a dhéanamh chun a fháil amach cé mar a éireoidh leis an bplean. Seo a leanas torthaí an tsuirbhé:

Líon iomlán daltaí a bheadh sásta béile a cheannach	350
Saghsanna bianna teo arbh fhearr le daltaí a bheadh sásta béilí a cheannach:	
Burgar agus Sceallóga	210
Curaí Sicín agus Rís	91
Lasagne agus Sailéad	49
Costas Béilí	
Bia	ÉIR£0.95 an béile
Costais Eile	ÉIR£0.30 an béile

Abair gur tú Pádraigín Ní Mhódhra, Comhairleach Margaíochta, P&M Margaíocht Teo. Ullmhaigh **tuairisc ar dháta an lae**, don Bhord Bainistíochta, Iarbhunscoil Pháirc Dara. Sa tuairisc uait, ba cheart iad seo ar fad a bheith san áireamh:

(i) An céatadán daltaí sa scoil a bheadh sásta béilí teo a cheannach;
(ii) An céatadán daltaí a mbeadh na béilí éagsúla uathu;
(iii) An brabús laethúil a dhéanfadh an scoil dá ndíolfaí 350 béile;
(iv) **Trí** bhealach oiriúnacha chun béilí teo sa scoil a chur chun cinn;
(v) Moladh, agus cúis mar thacaíocht, ar cibé acu ar cheart dul ar aghaidh nó nár cheart dul ar aghaidh le soláthar béilí teo.

(40 marc)

Margaíocht – Ard Leibhéal 2002

(A) Luaigh **ceithre** thoisc ba cheart do ghnólacht a chur san áireamh roimh chinneadh a dhéanamh táirge a tháirgeadh.

(8)

(B) Mínigh **dhá** mhodh chun eolas a fháil faoi mhargadh.

(8)

(C) Is aerlíne bheagchostais í Cnocaer a eitlíonn ó Aerfort an Chnoic go dtí deich bpríomhchathair san Eoraip. Tá an Comhlacht chun bealach nua a sheoladh ón gCnoc go Páras. Fágfaidh na heitiltí ag 6.30 a.m. seacht lá sa tseachtain. Tosóidh an bealach nua ar 1 Meitheamh 2004 agus cosnóidh sé .15, bealach amháin, móide cánacha rialtais. Is ar an idirlíon a dhéantar áirithintí ag www.cnocaer.com.

(i) Dréachtaigh fógra oiriúnach don bhealach nua seo, a d.fhéadfaí a chur isteach i nuachtán náisiúnta.

(ii) Luaigh **trí** mhodh, seachas nuachtán agus an idirlíon, chun aerlíne bheagchostais a fhógairt.

(24)

(40 marc)

Córais Sheachadta

Pointí le coimeád i gcuimhne: Córais Sheachadta
Tá iompar an-thábhachtach mar baineann beagnach gach gnólacht agus duine úsáid as uair éigin.

Baineann na daoine seo úsáid as chun feidhmeanna difriúla a bhaint amach:

- Táirgeoir / Déantóir
- Mórdhíoltóir
- Miondíoltóir
- Tomhaltóir

Nuair a bhíonn modh iompair á mheas ag duine / gnólacht ba cheart na tosca seo a leanas a thógáil san áireamh:

- Cad iad na buntáistí?
- Cad iad na míbhuntáistí?
- An bhfuil forbairtí ag tarlú a mbeidh tionchar acu air?
- Cad dó a bhfuil an gcineál iompair seo fóirsteanach?

Uaireanta bíonn ar ghnó cinneadh a dhéanamh an mbeadh sé níos fearr modh iompair a bheidh acu féin, nó ceann a fháil ar cíos.

Cuireann an Stát seirbhís iompair ar fáil don phobail freisin: Córas Iompair Éireann (C.I.E.) Tá trí mhórchuid sa chomhlacht seo:

- Iarnród Éireann
- Bus Éireann
- Bus Átha Cliath

Cineálacha Iompair

- Iompar bóthair
- Iompar iarnróid
- Iompar aeir
- Iompar mara
- Líne píopa

Córas Seachadta a Roghnú

- Costas
- Luas
- Fad
- Sábháilteacht
- Caoithiúlacht
- Cineál earra

Modhanna Seachadta

- Árthaí
- Rolladh ar/ rolladh de
- Iompar ar/ iompar de
- Carraeir

Córais Sheachadta

1. Córais Sheachadta
2. Feidhmeanna Iompair
Táirgeoir/Déantóir
Mórdhíoltóir
Miondíoltóir
Tomhaltóir
3. Tábhacht Iompair
4. Cineálacha Iompair
Iompar Bóthair
Iompar Iarnróid
Iompar Aeir
Iompar Mara
Líne Píopa
5. Córas Seachadta a Roghnú
6. Modhanna Seachadta
Árthaí
Rolladh ar/Rolladh de
Iompar ar/Iompar de
Carraeir Coiteann
Teachtaire
7. Iompar: Do Cheann Féin v. Ceann Ar Cíos
D'iompar féin
Iompar ar cíos
8. Iompar agus an Stát
Córas Iompair Éireann (C.I.E.)
9. Áirimh
Am Seachadta
Costais Sheachadta
10. Ceisteanna
Gnáthcheisteanna
Ceisteanna Scrúdaithe

1. Córais Sheachadta

Tá beagnach gach ghnólacht agus duine ag brath ar iompar de chineál éigin.

2. Feidhmeanna Iompair

Seo a leanas na feidhmeanna éagsúla a bhaintear as iompar:

Táirgeoir/Déantóir

- Amhábhair a fháil
- Ábhair críochnaithe a dháileadh
- Cuairteanna ar chustaiméirí
- Fostaithe ag taisteal chun oibre

Mórdhíoltóir

- Glacadh le seachadtaí ó tháirgeoirí
- Táirgí a dháileadh ar mhiondíoltóirí
- Custaiméirí ag taisteal chun a n-áitreabh
- Fostaithe ag taisteal chun oibre

Miondíoltóir

- Glacadh le seachadtaí ó tháirgeoirí agus ó mhórdhíoltóirí
- Custaiméirí ag taisteal chun a n-áitreabh
- Fostaithe ag taisteal chun oibre

Tomhaltóir

- Taisteal chun oibre
- Taisteal faoi choinne siopadóireachta
- Taisteal faoi choinne cuspóirí eile, m/sh caitheamh aimsire

3. Tábhacht Iompair

Tá iompar tábhachtach do thír sa gcaoi go mbeidh:

- Gnólachtaí in ann amhábhair a fháil.
- Táirgeoirí agus miondíoltóirí in ann táirgí a dháileadh.
- Gnólachtaí in ann earraí a easpórtáil.
- Gnólachtaí agus tomhaltóirí in ann earraí a iompórtáil.
- Turasóirí in ann teacht agus imeacht.
- Seirbhísí poiblí in ann feidhmiú i gceart.
- Baill an phobail in ann taisteal thart.

4. Cineálacha Iompair

Tá cúig chineál ann: bóthar, iarnród, farraige, aer, píopa

4.1 Iompar Bóthair

Seo an cineál iompair is coitianta in Éirinn. Is ar na bóithre a thaistealaíonn 90% de phaisinéirí agus de lasta in Éirinn. Tá Éire ag brath i bfhad níos mó ná tíortha eile san Eoraip ar a córas bóthair.

Buntáistí

1. Níl mórán láimhseála earraí de dhíth.
2. Is féidir teacht ar gach áit sa tír.
3. Níl costais ag baint le húsáid na mbóithre seachas na cinn a bhfuil dola (*toll*) orthu.
4. Is féidir iad a úsáid 24 uair an chloig.

Míbhuntáistí

1. Is ard iad na costais a bhaineann le tiománaithe, cáin agus árachas.
2. Moillí mar gheall ar thrácht agus oibreacha bóithre.
3. Mall i gcomparáid le córais eile.
4. B'fhéidir go mbeidh duine eile de dhíth le cuidiú leis an tiománaí.

Forbairtí

- Neart bóithre móra, m/sh mótarbhealaí, seachbhóithre, á dtógáil.
- Riail AE a chuireann teorann ar an líon uaireanta is féidir le tiománaithe tiomaint gan sos a ghlacadh
- Dola-bhóithre
- Lánaí rothair agus lánaí bus i gcathracha

Fóirsteanach do:

- Táirgí bia
- Éadaí
- Ábhair thógála
- Carranna úra
- Ainmhithe
- Troscán

4.2 Iompar Iarnróid

Buntáistí

1. Gasta
2. Measartha saor
3. Ní chuireann aimsir ná trácht isteach air.
4. Freastalaíonn sé ar na calafoirt mhóra.
5. Iompraíonn sé ceimicí agus árthaigh.

Míbhuntáistí

1. Ní théann sé a fhad le 'gach uile áit'.
2. Tá neart láimhseála i gceist.
3. Caithfear cloí le cláir ama.
4. Chomh maith leis na traenacha, tá modhanna eile iompair de dhíth.

Forbairtí

- Luas i mBÁC
- DART i mBÁC
- Infheistiú i stáisiúin úra agus i dtraenacha úra

Fóirsteanach do:

- Earraí troma
- Ceimicí
- Postas
- Gual

4.3 Iompar Aeir

Tá aerfoirt i mBÁC, i gCorcaigh, i mBéal Feirste, i Sionainn, i nGaillimh, i gCnoc Mhuire, i nDún na nGall, i bPort Láirge, agus i gCiarraí.

Buntáistí

1. Bíonn sé gasta (tapa).
2. Is beag baol go dtarlóidh damáiste nó goid.
3. Tá gréasán maith d'aerfoirt réigiúnacha ann.

Míbhuntáistí

1. Costasach
2. Is féidir le drochaimsir cur isteach air.
3. Caithfear cloí le cláir ama.
4. Chomh maith leis na heitleáin, tá modhanna eile iompair de dhíth.
5. Tá méid an lasta teoranta.

Forbairtí

- Tháinig méadú mór ar líon na n-aerfort.
- Tá infheistiú mór déanta ag Aer Lingus agus Ryanair in eitleáin úra.
- Tá comhlachtaí úra aeir ag feidhmiú in Éirinn.
- Tá costais iompair aeir ag titim de bharr iomaíochta.
- Tá na haerfoirt ag fás.
- Is féidir taisteal chuig níos mó tíortha ó Éirinn anois.

Fóirsteanach do:

- Earraí éadroma
- Earraí a bhfuil deifir leo

4.4 Iompar Mara

An-tábhachtach in Éirinn mar gurb oileán í.

Buntáistí

1. Is féidir lastaí móra a iompar.
2. Tá sé measartha saor.
3. Níl costas ar bith ag baint le húsáid na bhfarraigí.
4. Tá lódáil gasta mar gheall ar na háiseanna atá sna calafoirt anois.

Míbhuntáistí

1. Mall.
2. Cuireann drochaimsir isteach air.
3. Tá modhanna eile iompair de dhíth freisin.
4. Cláir ama muna bhfuil loinge faighte go speisialta.

Forbairtí

- Áiseanna níos fearr ag na calafoirt
- Níos gasta de bharr úsáid árthach
- Longa níos mó agus níos gasta

Fóirsteanach do:

- Earraí móra
- Earraí troma

4.5 Líne Píopa

Seo píopaí faoi thalamh nó faoin bhfarraige chun gáis nó leachtanna a iompar.

Buntáistí

1. Costas beag chun iad a fheidhmiú agus a choinneáil.
2. Ní chuireann aimsir isteach orthu.
3. Is beag seans go mbeidh truailliú nó timpiste ann.

Míbhuntáistí

1. Tá sé costasach chun iad a thógáil.
2. Ní féidir iad a úsáid ach do tháirge amháin.

Fóirsteanach do:

- Gás
- Ola

5. Córas Seachadta a Roghnú

Ba cheart smaoineamh ar na cúinsí seo a leanas:

1. Costas
2. Luas
3. Fad
4. Sábháilteacht
5. Caoithiúlacht
6. Cineál earra

6. Modhanna Seachadta

6.1 Árthaí

Is boscaí móra miotail iad árthaí agus is féidir iad a iompar ar leoraí, thraein nó ar loinge. Is féidir iad a lódáil ag áitreabh na cuideachta agus dílódáil ag ceann scríbe; ciallaíonn sé seo nach bhfuil mórán láimhseála de dhíth. Bíonn crainn mhóra tógála de dhíth chun na hárthaí a bhogadh ó leoraí go loinge etc.

Buntáistí

1. Is beag baol go dtarlóidh damáiste nó goid.
2. Bíonn siad gasta agus éifeachtúil.
3. Is féidir leo lasta a iompar ar a mbealach ar ais.
4. Is féidir iad a thabhairt go díreach ar leoraithe speisialta go ceann scríbe.

6.2 Rolladh ar/Rolladh de

Téann leoraithe a bhfuil árthaí orthu díreach isteach ar bord loinge agus amach arís; ní thógtar na hárthaí díobh go bhfuil siad ag ceann scríbe.

6.3 Iompar ar/Iompar de

Tógann crann tógála na hárthaí de na leoraithe agus cuireann sé ar bord loinge iad; tógtar na hárthaí den long ag an gcalafort eile agus cuirtear ar leoraithe eile iad.

6.4 Carraeir Coiteann

Seo duine nó cuideachta a iompraíonn earraí do dhaoine nó d'eagraíochtaí ar phraghas, m/sh cuideachtaí traenacha agus cuideachtaí leoraithe.

6.5 Teachtaire

Seo sampla de charraeir coiteann a bhíonn ag plé le rudaí beaga, m/sh DHL, Interlink Express, Fastrack

7. Iompar: Do Cheann Féin v. Ceann Ar Cíos

D'iompar féin

Buntáistí:

1. Beidh iompar i gcónaí ar fáil.
2. Is féidir na leoraithe a úsáid faoi choinne fógraíochta.
3. Is féidir lasta a fháil ar an mbealach ar ais.

Míbhuntáistí:

1. Tá costas mór ag baint le ceannach leoraithe.
2. Tá costas mór ag baint le pá, cáin agús árachas.

Iompar ar cíos

Buntáistí:

1. Níos lú oibre riaracháin.
2. Fóirsteanach do chuideachtaí nach bhfuil an t-uafás iompair de dhíth orthu.
3. Níos lú costais seasta.

Míbhuntáistí:

1. Caithfear cloí le cláir ama.
2. Ag brath ar eagraíochtaí eile.

8. Iompar agus an Stát

Córas Iompair Éireann (C.I.E.)

- Iarnród Éireann
- Bus Éireann
- Bus Átha Cliath

9. Áirimh

Am Seachadta

Eolas riachtanach

- Achar le dul
- Am fágála
- Luas ar an meán

Costais Sheachadta **Eolas riachtanach**

- Peitril/díosal
- Pá
- Árachas
- Cáin bóthair
- Deisiúcháin & cothabháil

10. Ceisteanna

1. Cén fáth (dhá chúis) a bhfuil córas éifeachtúil de dhíth ar:
    a. Mórdhíoltóir?
    b. Miondíoltóir?
    c. Táirgeoir?
2. Liostaigh dhá bhuntáiste agus dhá mhíbhuntáiste a bhaineann le hiompar bóthair.
3. Ainmnigh trí earra a bhfuil iompar bóthair fóirsteanach dóibh agus cuir fáth le do fhreagra.
4. Scríobh nóta gairid ar na forbairtí a tharla in iompar bóthair in Éirinn le roinnt blianta anuas.
5. Liostaigh dhá bhuntáiste agus dhá mhíbhuntáiste a bhaineann le hiompar iarnróid
6. Ainmnigh trí earra a bhfuil iompar iarnróid fóirsteanach dóibh agus cuir fáth le do fhreagra.
7. Liostaigh dhá bhuntáiste agus dhá mhíbhuntáiste a bhaineann le hiompar mara
8. Ainmnigh trí chalafort móra in Éirinn.
9. Liostaigh dhá bhuntáiste agus dhá mhíbhuntáiste a bhaineann le hiompar aeir.
10. Ainmnigh dhá earra a bhfuil iompar aeir fóirsteanach dóibh agus cuir fáth le do fhreagra.
11. Cad is árthaí ann?
12. Cad iad na buntáistí a bhaineann le hárthaí?
13. Cad a chiallaíonn “rolladh ar/rolladh de”?
14. Mínigh na téarmaí, “Carraeir Coiteann” agus “Teachtaire”.
15. Cad iad na cúinsí a ndéanfaí machnaimh orthu agus cuideachta ag roghnú córas iompair?
16. Cuir iompar ar cíos agus iompar a chuid féin i gcomparáid.

Córais Sheachadta – Ceisteanna Scrúduithe

Córais Iompair agus Sheachadta – Gnáth Leibhéal 2002

Córais Sheachadta/Taifeadchoimeád agus Dímheas – Ard Leibhéal 2002

Córais Sheachadta – Ard Leibheal 2003

Córais Sheachadta/Taifeadchoimeád agus Dímheas – Ard Leibhéal 2002

(A) Liostaigh **trí** chostas do ghnólacht a ghabhann le húinéireacht veaineanna seachadta. **(6)**

(B) Mínigh trí fhoinse oiriúnacha airgeadais a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid chun veaineanna seachadta a fháil. **(6)**

(C) Ar 1 Eanáir 1999 cheannaigh Ó BRÁDAIGH Teo. Veain seachadta, trí sheic ar ÉIR£23,000 ó Gharáiste BLACK Teo. Mheas Ó BRÁDAIGH Teo. go mbeadh saol ceither bliana ag an veain seachadta agus dramhluach measta de ÉIR£5,000. Críochnaíonn bliain thrádála Ó BRÁDAIGH Teo. ar 31 Nollaig.

(i) Taifead ceannach an veain sheachadta ar 1 Eanáir 1999 agus dímheas bliantúil díscríofa do na blianta 1999 agus 2000 sna cuntais chuí.

(ii) Taispeáin an sliocht cuí sa Chlár Comhardaithe amhail ar 31 Nollaig 2000. **(22)**

(40 marc)

Córais Iompair agus Sheachadta – Gnáth Leibhéal 2002

(A) Luaigh trí fhachtóir a chuirfeadh gnólacht san áireamh nuair a bheadh córas seachadta roghnú. **(9)**

(B) Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanann an t-amchlár de chuid Iarnród Éireann:

Baile Átha Cliath Heuston	0525	0710	0830	1050	1320	1520	1710	1835	1915
Droichead Nua	-	-	-	-	-	-	-	-	1941
Cill Dara	-	-	0900	-	-	-	-	-	1950
Cúl an tSúdaire	-	-	-	-	1402	-	-	-	2007
Port Laoise	0616	0800	0925	-	1414	-	-	-	2019
Baile Uí Bhróithe	-	-	0941	-	-	-	-	-	2035
An Teampall Mór	-	-	0955	-	1440	-	-	-	2048
Durlas	0651	0836	1009	1211	1454	1644	-	1956	2103
Gabhal Luimní	0713	0858	1031	1233	1516	1706	1849	-	2125
An Ráth	0733	-	1053	1253	1537	-	-	2035	2146
Mala (teacht)	0748	0931	1108	1309	1552	1738	1921	2050	2202
Mala (imeacht)	0750	0933	1121	1311	1554	1739	1923	2100	2203
Corcaigh	0819	1001	1149	1339	1622	1807	1951	2130	2231

(i) Cén t-am a bhfágann an chéad traein Stáisiún Heuston?
(ii) Cén t-am a sroicheann traein 8.30 a.m. as Baile Átha Cliath Heuston Durlas?
(iii) Dá dtaistealófá ar thraein 7.50 a.m. (1950) ó Chill Dara, cén fhad a bheifeá ag dul go dtí An Ráth? **(12)**

(C) Baineann Drof Teo., cuideachta déantúsaíochta, úsáid as iompar iarnróid chun an chuid is mó dá chuid earraí a sheachadadh ar fud na tíre.

(i) Luaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann Drof Teo. as iompar iarnróid a úsáid. **(12)**

(ii) Luaigh **trí** mhíbhuntáiste a bhaineann Drof Teo. as iompar iarnróid a úsáid chun a chuid earraí a sheachadadh. **(12)**

(D) Le blianta beaga tharla cuid mhaith feabhsúchán sa chóras iompair. Chabhraigh úsáid coimeádán agus **bád farrtha isteach is amach** le **easportáil** agus iomportáil earraí a dhéanamh níos éasca. Tá mótarbhealaí nua á dtógáil a chuirfidh ar chumas **cúiréirí** agus úsáideoirí eile bóthair a gcuid turas a dhéanamh níos éasca. Is forbairtí nua eile iad **bóithre dola**, **tachagraif** agus **iompar cuisnithe**. Mínigh **trí** cinn de na focail a bhfuil líne fúthu, ag tabhairt sampla nó léaráide i ngach cás.

(15)
(60 marc)

Córais Sheachadta – Ard Leibhéal 2003

(A) Luaigh **dhá** chúis go n-úsáidfeadh gnólacht a chuid veaineanna féin. **(6)**

(B) Mínigh **trí fhoinse** airgeadais a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid chun veaineanna seachadta a fháil. **(12)**

(C) Ríomh an costas iompair do lá amháin ó na sonraí seo a leanas a chuir AB Tta ar fáil (**taispeáin na hoibriúcháin**):

Oibríonn AB Tta 320 lá oibre sa bhliain;
Tá an veain díosail in ann 20Km a thaisteal ar líotar;
Is é an fad a thaistealaítear in aon lá ná 700Km;
Is é costas díosail ná 40 cent in aghaidh an líotair;
Is é pá an tiománaí veain ná €120 in aghaidh an lae;
Is é pá chúntóir an tiománaí veain ná €50 in aghaidh an lae;
Is í an Cháin Ghluaisteáin Bhliantúil ná €700;
Is é an tÁrachas Gluaisteáin Bliantúil ná €1,200;
Is iad na Deisiúcháin Bhliantúla ná €900.

(14)

(D) Ar an 1 Bealtaine 2003, cheannaigh AB Tta veain seachadta nua ar cairde ó NEVIN Motors Tta ar €35,000.
Déan ceannach an veain seachadta seo a thaifeadadh i Leabhar Cúnta Ginearálta AB Tta.

(8)

(40 marc)

Idirbhearta gnó agus doiciméid ghnó 1



Nótaí Breise

Idirbhearta gnó agus doiciméid ghnó 2

Pointí le coimeád i gcuimhne:

1. **Litir fhiosrúcháin**
   - Cuireann an custaiméir litir fhiosrúcháin chuig soláthraithe le heolas a fháil amach faoi na hearraí a bhfuil suim aige ann.
   - Is féidir an litir chéanna a chur chuig go leor soláthraithe poitéinsiúla ag an am céanna.
   - Déantar na freagraí éagsúla a mheas agus cinneadh a dhéanamh ar chéannacht ó ghnólacht áirithe.
2. **Luachan**
   - Cuireann soláthraithe luachan chuig custaiméir a rinne fiosrúchán faoi earraí.
   - Tugann sé sonraí faoi:
     - Na hearraí a bhfuil suim ag an gcustaiméir ann agus atá i stoc
     - Dáta seachadta
     - CBL (Féach sa bhosca thall)
     - Téarmaí trádála (Féach sa bhosca thall)

Téarmaí Tábhachtacha

CBL(Cáin bhreisluacha):
Cáin a bhíonn ar earraí agus sheirbhísí.
Céatadan (%) de luach na n-earraí i ndiaidh lascaine trádála a bhaint amach as.
Méadaíonn sé luach na n-earraí don chustaiméir.

Téarmaí Trádála

Carraeireacht: Is é seo an socrú iompair chun na hearraí a sheachadadh.
Carraeireacht íoctha : Tá na costais iomlána iompair go dtí foirgneamh an chustaiméara san áireamh sa phraghas, má tá an foirgneamh sin taobh istigh de limistéar seachadta an ghnólachta.
Saor ar iarnróid: Tá costas iompair na n-earraí go dtí an stáisiún iarnróid is cóngaraí don chustaiméir san áireamh sa phraghas ata luaite.
Ex-monarcha: Níl an costas seachadta san áireamh sa phraghas a luaitear. Caithfidh an custaiméir socrú a dhéanamh chun na hearraí a bhailiú nó an soláthraí a íoc chun iad a sheachadadh.
Airgead leis an ordú (A.L.O.): Caithfidh an custaiméir íoc as na hearraí nuair a dhéanfar iad a ordú.
Íoc ar sheachadadh (I.A.S.): Caithfear íoc as na hearraí nuair a dhéanfar iad a sheachadadh.

Idirbhearta gnó agus doiciméid ghnó 3

3. **Ordú**
   - Cuireann an custaiméir ordú chuig an soláthraí do na hearraí atá de dhíth.
   - Ba cheart don chustaiméir cóip den ordú a choinneáil agus a chomhdú.
4. **Rátáil creidmheasa an chustaiméara a sheiceáil**
   - Nuair a fhaigheann an soláthraí an t-ordú caithfidh sé cinneadh a dhéanamh cé acu creidmheas a thabhairt don chustaiméir nó íocaíocht ar sheachadadh a iarraidh.
   - Is féidir rátáil creidmheasa an chustaiméara a sheiceáil trí:
     - Teistiméireacht bhaincéara a lorg ón gcustaiméir.
     - Iarraidh ar an gcustaiméir teistiméireacht trádála ó ghnólacht a ndéanann an custaiméir gnó leis a chur ar fáil.
     - Gníomhaireacht ghairmiúil rátála creidmheasa a fhostú chun tátail creidmheasa an chustaiméir a sheiceáil.
5. **Stoc a rialú**
   - Caithfidh an soláthraí seiceáil an bhfuil na hearraí atá ag teastáil ón gcustaiméir i stoc. Mura bhfuil na hearraí ag an soláthraí is féidir leis an gcustaiméir dul áit éigin eile agus iad a fháil. Is féidir le soláthraí custaiméirí a chailliúint sa chaoi seo.
   - Rostocáil nó tearcstocáil, tarraingíonn an dá cheann costais bhreise ar an ngnólacht. (Féach sa bhosca thíos).

Téarmaí Tábhachtacha

Na costais mar gheall ar rocstocáil:
- Cuid mhór caipitil oibre infheistithe sa stoc
- Costais arda stórála
- Forchostais arda

Na costais mar gheall ar tearcstocáil
- Orduithe, agus fiú custaiméirí b'fhéidir, á gcailleadh
- Níos lú brabúis mar gheall ar dhíolacháin a chailleadh

Nótaí Breise

Idirbhearta gnó agus doiciméid ghnó 4

6. Nóta seachadta

- Nuair a dhéantar na hearraí a sheachadadh go foirgneamh gnó an chustaiméir bíonn dhá nóta seachadta anuas ar a chéile le síniú.
- Ba cheart don chustaiméir an nóta a sheiceáil ar dtús (féach thall).
- Má bhíonn gach rud ceart go leor caithfidh an duine a ghlacann leis na hearraí an nóta seachadta a shíniú.
- Tugtar an bharrchóip don chustaiméir agus tugann an seachadóir an chóip íochtarach ar ais chuig an soláthraí.
- Is cruthú atá ann gur seachadadh na hearraí.

7. Sonrasc

- Nuair a cheannaítear earraí cuireann an soláthraí sonrasc chuig an gcustaiméir.
- Tugann sé sonraí faoi na hearraí a seachadadh, an praghas, lascaine trádála, CBL agus téarmaí trádála.
- Creidiúnaí a thugtar ar an soláthraí a bhfuil an t-airgead dlite dó.

Nóta seachadta a sheiceáil: (Custaiméir)

Ba cheart don chustaiméir ar dtús:

1. Seiceáil an bhfuil na hearraí a seachadadh agus na hearraí ar an nóta seachadta mar an gcéanna.
2. An nóta seachadta a chur i gcomparáid leis an ordú chun a chinntiú gur seachadadh na hearraí a ordaíodh.
3. Seiceáil an bhfuil caoi mhaith ar na hearraí.

Seiceáil ar an sonrasc: (Soláthraí)

Sula gcuirtear an sonrasc ba cheart don soláthraí:

1. Na hearraí ar an sonrasc a chur i gcomparáid leis na hearraí ar an nóta seachadta atá sínithe lena chinntiú gurbh a seachadadh na hearraí a bhfuiltear ag lorg íocaíochta orthu.
2. Seiceáil an bhfuil na praghsanna mar an gcéanna leis an luachan a tugadh
3. Seiceáil ar cuireadh isteach an lascaine agus na téarmaí díolacháin cearta
4. A dhéanamh cinnte go bhfuil seoladh an chustaiméir i gceart
5. An comhaireamh a sheiceáil faoi choinne cruinneas
6. Na sonraí a scríobh isteach sa **Leabhar Lae Díolacháin**
7. Cóip den sonrasc a chomhdú.

Seiceáil ar an sonrasc: (Custaiméir)

Nuair a fhaigheann an custaiméir an sonrasc ba cheart:

1. An sonrasc a chur i gcomparáid leis an nóta seachadta lena chinntiú go bhfuarthas na hearraí a bhfuil íocaíocht á lorg orthu.
2. Na praghsanna a chur i gcomparáid leis na praghsanna ar an luachan a fuarthas.
3. An comhaireamh a sheiceáil faoi choinne cruinneas.
4. Úsáid a bhaint as na sonraí chun an **Leabhar Lae Ceannacháin** a scríobh suas.
5. Na téarmaí díolacháin a thabhairt faoi ndeara chun úsáid a bhaint as lascaine airgid nuair a dhéantar an bille a íoc taobh istigh de am áirithe.
6. An sonrasc a chur i gcomhad.

Idirbhearta gnó agus doiciméid ghnó 5

8. **Nóta creidmheasa**
   Cuireann an soláthraí nóta creidmheasa chuig an gcustaiméir chun a chur in iúl go bhfuil sé ag laghdú a bhille sna cásanna seo a leanas:
   - Má chuireann an custaiméir earraí ar ais chuig an soláthraí.
   - Má gearradh praghas ró-ard.
   - Coimeádáin ar gearradh táille orthu cheana a bheith curtha ar ais.
9. **Nóta dochar**
   Cuireann an soláthraí nóta dochar chuig an gcustaiméir chun cur in iúl dó go bhfuil sé ag méadú a bhille sna cásanna seo leanas:
   - Má gearradh praghas ró-íseal ar an gcustaiméir sa sonrasc.
   - Nuair a fágadh rud éigin amuigh sa sonrasc.
10. **Ráiteas cuntais**
   - Cuirtear ráitis cuntais amach ag custaiméirí gach mí, nó go rialta.
   - Tugann sé coimriú ar an hidirbheartanna a tharla i rith na míosa, bíonn uimhir thagartha ann chun teacht ar na sonraí más gá.
   - An 'Iarmhéid t/aa" is é sin an méid atá dlite ag an gcustaiméir ón tréimhse a chuaigh thart. Is ar bhonn iarmhéideanna leanúnacha a bhíonn an ráiteas leagtha amach; athraíonn an t-iarmhéid le gach iontráil.
   - Is í an tsuim dheiridh sa cholún an tsuim atá dlite.
11. **Íocaíocht**
   - De ghnáth baineann an custaiméir úsáid as seic chun an íocaíocht a dhéanamh.
   - Íocann cuid mhór de na custaiméirí go luath chun an lascaine a fháil.
12. **Admháil**
   - Is cruthú i scríbhinn é (sínithe ag an soláthraí) gur íoc an custaiméir as na hearraí.

Téarmaí Tábhachtacha

Lascaine trádála: Is é seo laghdú ar luach na n-earraí a thugann trádálaí do thrádálaí eile (atá sa chineál céanna gnó) a bhfuil sé ar intinn aige na hearraí a dhíol arís. Is laghdú an lascaine ar praghasliosta na n-earraí chun go dtig leis an mhiondíoltóir brabús a dhéanamh nuair a dhíoltar na hearraí ar a bpraghasliosta.
Lascaine airgid: Seo lascaine a thugtar do chustaiméirí chun a mbillí a íoc láithreach, m.sh. *5% aon mhí amháin*. Ciallaíonn sin go bhfaighidh an custaiméir lascaine de 5% ar an tsuim atá dlite ar an sonrasc má íoctar taobh istigh de mhí. Laghdaíonn an lascaine le himeacht ama.
E & EE: Earráidí agus Easnaimh Eiscthe. Tá an duine a chur amach an sonrasc ag rá go bhfuil de cheart aige/aici an sonrasc a cheartú má bhíonn botún ann.

Doiciméid Ghnó – Ceisteanna Scrúduithe

Doiciméid Ghnó – Gnáth Leibhéal 2002

Doiciméid Ghnó – Gnáth Leibhéal 2003

Doiciméid Ghnó – Gnáth Leibhéal 2004

Doiciméid Ghnó – Gnáth Leibhéal 2005

Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád – Ard Leibhéal 2002

Doiciméid Gnó agus Leabharchoimeád – Ard Leibhéal 2003

Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád – Ard Leibhéal 2004

Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád – Ard Leibhéal 2005

Doiciméid Ghnó – Gnáth Leibhéal 2002

Is bainisteoir ceannachán é Seán Ruiséil ag Tenor Tta. An 20 Márta 2002 fuair sé an luachan seo a leanas:

Olldíoltóirí Ceol Tta.

Eastát Tionsclaíoch Hamilton, Baile Átha Cliath 16

LUACHAN Uimh. 5322

Teileafón: 01-1657832
Feacs: 01-1657966
Ríomh-phost: ceol@comeir.net

Uimh. Chlár CBL. IE 4886114

19 Márta 2002

An Bainisteoir Ceannachán
Tenor Tta.
Bóthar na Mara
Bré
Co. Chill Mhantáin

UIMH. STÍLE	TUAIRISC	PRAGHAS €	SEACHADADH
W053	Dlúthdhiosca Nua Westlife	20.00	Ullamh
U276	Dlúthdhiosca is Deireanaí U2	18.00	Ullamh
D142	Dlúthdhiosca Bailiúchán De Danann	15.00	Ullamh
B317	Dlúthdhiosca is mó Boyzone	25.00	Ullamh

Lascaine Thrádála 25% ar gach earra
CBL 20% ar gach earra
Carraeireacht Íoctha; Le glacadh laistigh de 30 lá

Socraíonn Seán go bhfuil na Dlúthdhioscaí Boyzone ró-chostasach. Cuireann sé Ordú (Uimh. 877) chuig Olldíoltóirí Ceol Tta. do **500 Dlúthdhiosca Nua Westlife, 1,000 Dlúthdhiosca Is Direanaí U2 agus 600 Dlúthdhiosca Bailiúchán De Danann**. Déantar na hearraí sin a sheachadadh i veain chuig Tenor Tta. an 25 Márta 2002. Déanann Seán na hearraí a sheiceáil nuair a thagann siad agus bíonn gach ní ceart. Nuair a shíníonn sé an nóta seachadta tugann tiománaí an veain Sonrasc Uimh. 3776, dar dáta 24 Márta, dó.

(A) Ó na sonraí thuas comhlánaigh an sonrasc bán, Uimh. 3776. **(30)**

(B) Scríobhann Seán seic amach ansin ar son Tenor Tta. mar íocaíocht iomlán ar na hearraí agus tugann sé don tiománaí é lena thabhairt ar ais go Olldíoltóirí Ceol Tta. Déan an íocaíocht a iontráil i gCuntas Bainc Tenor Tta. **(12)**

(C) Tagann admháil ar an íocaíocht an lá dár gcionn ó Olldíoltóirí Ceol Tta. dar dáta 25 Márta 2002, agus í sínithe ag Áine Ní Ógáin, Airgeadóir. Comhlánaigh an Admháil (Uimh. 314) **(12)**

(D) Sa spás atá ar fáil luaigh cúis **amháin** gur doiciméad tábhachtach í admháil. **(6)**

(60 marc)

Doiciméid Ghnó – Gnáth Leibhéal 2002 – Na doiciméid

(A)

Olldíoltóirí Ceol Tta.

Eastát Tionscalíoch Hamilton
Baile Átha Cliath 16

SONRASC Uimh. 3776

Teileafón: 01-1657832
Feacs: 01-1657966
Ríomh-phost: ceol@comeir.net

Uimh. Chlár. CBL IE 4886114

Dáta:

D'Uimhir Ordaithe:

CAINNÍOCHT	SONRAÍ	UIMH. STÍLE	PRAGHAS AN CEANN €	IOMLÁN €

Iomlán (Gan CBL san áireamh)	
Lascaine Thrádála	
Fo-iomlán	
CBL	
Iomlán (CBL san áireamh)	

Carraeireacht Íoctha
E & O E

(B)

Dr **Tenor Tta. – Cuntas Bainc** Sr

Dáta	Sonraí	F	€	Dáta	Sonraí	F	€

(C)

Olldíoltóirí Ceol Tta. Teileafón: 01-1657832 Feacs: 01-1657966 Ríomh-phost: ceol @comeir.net	**Eastát Tionsclaíoch Hamilton, Baile Átha Cliath 16** **No. 314**
Dáta:	
Faighte Ó:	
Suim De:	€
Le Buíochas	**Sínithe:** (Airgeadóir)

Doiciméid Ghnó – Gnáth Leibhéal 2003

Tá Aingeal Ní Bheoláin fostaithe sa Rannóg Díolacháin d'Olldíoltóirí Deochanna Boga Tta., Páirc thionsclaíoch na Coiribe. Ar 7 Bealtaine 2003 fuair sí an t-ordú seo a leanas:

Ollstór Mhic Shuibhne Tta. **ORDÚ Uimh. 4821**

15 Bóthar de Híde, Roscomáin

Teileafón: 0903-92466 Uimh. Chlár. CLB: IE 733425
Feacs: 0903-92477
r-phost: macsuibhne@glas.ie

6 Bealtaine 2003

An Bainisteoir Díolachán
Olldíoltóirí Deochanna Boga Tta.
Páirc Thionsclaíoch na Coiribe
Gaillimh

Cuir chugainn na hearraí seo a leanas le bhur dtoil:

CAINNÍOCHT	TUAIRISC		PRAGHAS AN CEANN (€)
500	Cidona (1 líotar)	(Uimh. Liosta CD 101)	1.40
250	Cidona (2 líotar)	(Uimh. Liosta CD 201)	2.60
1,500	Coca Cola (bheag)	(Uimh. Liosta CC 521)	0.75
400	Fanta Orange (1 líotar)	(Uimh. Liosta OF 442)	0.90
	Sínithe: *John Sweeney*		
	Teideal: Bainisteoir Ceannachán		

Tá na hearraí a ordaíodh ar láimh, seachas an tOráiste Fanta. Déanann Aingeal na míreanna eile go léir a phacáil len iad a sheoladh amach. Déantar amach Sonrasc (Uimh. 2836). Cuireann Aingeal in iúl do Sheán Mac Suibhne ag Ollstór Mhic Shuibhne Tta. go bhfuil siad rite as Oráiste Fanta faoi láthair ach go ndéanfaí na hearraí a ordaíodh a sheachadadh an mhaidin dár gcionn (8 Bealtaine 2003). Insíonn sí do Sheán freisin costas iomlán na n-earraí atá á seachadadh. Tagann na hearraí go dtí Ollstór Mhic Shuibhne Tta. an lá dár gcionn i veain seachadtha. Tugann an tiománaí Sonrasc (Uimh. 2836) do Sheán agus Nóta Seachadta.

(A) Cén fáth a n-úsáidtear Nóta Seachadta? **(6)**

(B) Leis na sonraí thuas comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh. 2836. Tabhair faoi deara go mbaineann Lascaine Trádála de 25% leis na hearraí go léir agus CBL de 20% leis na hearraí go léir. **(30)**

(C) Tar éis na hearraí a sheiceáil, tugann Seán Mac Suibhne seic (Uimh. 400916) ar an méid iomlán don tiománaí agus é sínithe aige féin le tabhairt ar ais go dtí Olldíoltóirí Deochanna Boga Tta.

Comhlánaigh Seic Uimh. 400916**.** **(18)**

(D) Iontráil an íocaíocht seic i gCuntas Bainc Ollstór Mhic Shuibhne Tta. **(6)**

(60 marc)

Doiciméid Ghnó – Gnáth Leibhéal 2003 – Na doiciméid

(B)

Olldíoltóirí Deochanna Boga Tta. **Páirc Thionsclaíoch na Coiribe, Gaillimh**	**SONRASC Uimh. 2836**
Teileafón: 091-377652 Feacs: 091-377666 r-phost: softdrinks@gaillimh.ie	Uimh. Chlár CBL IE 7326825

Dáta:

D'uimhir Ordaithe:

CAINNÍOCHT	SONRAÍ	UIMH. STÍLE	PRAGHAS AN CEANN €	IOMLÁN €

	Iomlán (Gan CBL san Áireamh)	
	Lascaine Trádála	
	Fo-iomlán	
Carraeireacht Íoctha E & O E	CBL	
	Iomlán (CBL san Áireamh)	

(C)

Dáta		**AIB**	21-34-99
Do		AN PHRÍOMHSHRÁID, ROSCOMÁIN	Dáta
Iarmhéid	€ 9,000.00	Íoc	Nó ordú **euro euro euro**
An seic seo	€		€
Iarmhéid Nua	€		OLLSTÓR MHIC SHUIBHNE Tta.
400916		400916 213499 16921851	

(D)

Dr		**Cuntas Bainc – Ollstór Mhic Shuibhne Tta.**					Sr
Dáta	Sonraí	F	€	Dáta	Sonraí	F	€

Doiciméid Ghnó – Gnáth Leibhéal 2004

Tá Micheál Ó Sé ina bhainisteoir ceannachán ag Crua-earraí DIY Teo. Ar 22 Márta 2004, fuair sé an luachan seo a leanas:

Soláthairtí Crua-earraí Chiarraí Teo. **LUACHAN UIMH. 715**

Eastát Tionsclaíoch an Mhuilinn, Trá Lí, Co Chiarraí

Teileafón: 066-7991643
Feacs: 066-7996544 Uimh. Chlár. CBL: IE 6492457
R-phost: khs@loi.ie

19 Márta 2004

An Bainisteoir Ceannacháin
Crua-earraí DIY Teo.
Sráid an tSléibhe
Cill Áirne, Co. Chiarraí

DÉANAMH UIMH.	TUAIRISC	PRAGHAS AN CEANN €	SEACHADADH
DH6	Druilire Casúir Decko	140.00	Réidh
AL3	Dréimire Taca Alúmanaim	25.00	Réidh
PS9	Foireann Scriúirí Phillips	7.50	Réidh
TB7	Bosca Láidir Uirlisí	12.75	Réidh

Lascaine Thrádála 25% ar gach earra
CBL 20% ar gach earra
Carraeireacht Íochta; Le glacadh laistigh de 30 lá

Cinneann Micheál go bhfuil na Boscaí Láidre Uirlisí ró-dhaor. Cuireann sé Ordú (Uimh. 4923) chuig Soláthairtí Crua-earraí Chiarraí Teo. le haghaidh **50 Druilire Casúir Decko, 200 Dréimire Taca Alúmanaim agus 400 Foireann Scriúirí Phillips.**
Seachadtar na hearraí sin chuig Crua-earraí DIY Teo. i leoraí ar 29 Márta 2004. Nuair a shíníonn Micheál an nóta seachadta, tugann tiománaí an leoraí Sonrasc Uimh. 1623, dar dáta 29 Márta 2004, dó.

(A) Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh.1623. **(30)**

(B) Tar éis an Sonrasc a sheiceáil in aghaidh na Luachana, scríobhann Micheál seic (Uimh. 700552), atá sínithe aige féin, ar son Chrua-earraí DIY Teo. mar íocaíocht iomlán ar na hearraí. Tugann sé don tiománaí é lena thabhairt ar ais chuig Soláthairtí Crua-earraí Chiarraí Teo.
Luaigh cúis **amháin** gur cheart do Mhicheál an Sonrasc a sheiceáil in aghaidh na Luachana. **(6)**

(C) Comhlánaigh Seic Uimh. 700552 **(18)**

(D) Iontráil an íocaíocht seic i gCuntas Bainc Chrua-earraí DIY Teo. **(6)**

(60 marc)

Doiciméid Ghnó – Gnáth Leibhéal 2004 – Na doiciméid

(A)

Soláthróirí Crua-earraí Chiarraí Teo. **Eastát Tionsclaíoch an Mhuilinn, Trá Lí, Co. Chiarraí**	**SONRASC Uimh. 1623**
Teileafón: 066-7991643 Feacs: 066-7996544 r-phoist: khs@loi.ie	Uimh Chlár CBL IE 6492457
	Dáta: D'uimhir Ordaithe:

CAINNÍOCHT	SONRAÍ	UIMHIR STÍLE	PRAGHAS AN CEANN €	IOMLÁN €
Carraeireacht Íochta E & EE		Iomlán(Gan CBL san Áireamh)		
		Lascaine Thrádála		
		Fo-iomlán		
		CBL		
		Iomlán (CBL san Áireamh)		

(C)

Dáta		**Banc na hÉireann** SRÁID MHÓR, CILL ÁIRNE	51-94-22 Dáta
Do			
Iarmhéid	€ 45,000.00	Íoc	Nó ordú **euro euro euro**
An seic seo	€		€
Iarmhéid Nua	€		CRUA-EARRAÍ DIY TEO.
700552		700552 519422 77931185	

(D)

Dr			**Cuntas Bainc Chrua-earraí DIY Teo.**				Sr
Dáta	Sonraí	F	€	Dáta	Sonraí	F	€

Doiciméid Ghnó – Gnáth Leibhéal 2005

Tá Ciara Ní Fhionnáile ina bainisteoir ceannaigh ag Mobile World Tta, Miondíoltóirí Fóin Póca agus Oiriúintí, 12 An tSráid Ard, Inis, Co. an Chláir. Ar an 12 Bealtaine 2005 seolann sí Ordú (Uimh.173) le haghaidh na n-earraí seo a leanas go dtí An Bainisteoir, Mórdhíoltóirí Guthán Tta, Eastát Tionsclaíochta na Sionainne, Luimneach.

60	Fón Póca Nokia Déanamh N6820	@	€200.00 an ceann
40	Fón Póca Motorola Déanamh V300	@	€150.00 an ceann
80	Fón Póca Siemens Déanamh MC60	@	€90.00 an ceann
20	Fón Póca Sharp Déanamh GX30	@	€350.00 an ceann

(A) Ó na sonraí thuas comhlánaigh an tOrdu bán Uimh.173. **(18)**

(B) Tá na hearrai go léir a ordaíodh sa stoc, ach amháin na Fóin Póca Sharp. Seachadtar na **Fóin Póca Nokia, Motorola agus Siemens** ar thrucail go dtí Mobile World Tta ar an 16 Bealtaine 2005. Scrúdaíonn Ciara na hearraí agus síníonn sí an Duillín Seachadta. Tugann tiománaí na trucaile Sonrasc (Uimh.681), dar dáta16 Bealtaine 2005, di ansin.

Luaigh cúis **amháin** a síneodh Ciara an Duillín Seachadta. **(6)**

(C) Ó na sonraí thuas comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh. 681.

Nóta: 10% an **Lascaine Thrádála** agus 20% an **CBL** ar gach Fón Póca. **(30)**

(D) Ansin scríobhann Ciara seic ar son Mobile World Tta mar íocaíocht iomlán. Tugann sí don tiománaí é chun é a thabhairt ar ais go dtí Mórdhíoltóirí Guthán Tta. Ar an lá céanna iontráiltear an beart seo i gCuntas Bainc Mobile World Tta.

Iontráil an íocaíocht seice i gCuntas Bainc Mobile World Tta. **(6)**

(60 marc)

Doiciméid Ghnó – Gnáth Leibhéal 2005 – Na doiciméid

(A)

Mobile World Tta **Miondíoltóirí Fóin Póca agus Oiriúintí** **12 An tSráid Ard, Inis, Co. an Chláir**	**ORDÚ Uimhir 173**
Teileafón: 065-6899222 Facs: 065-6899223 r-phost: mobiles@comeir.ie	Uimh. Chlár. CBL IE 1573022

Dáta:

Soláthraigh na hearraí seo a leanas, le do thoil:

CAINNÍOCHT	SONRAÍ	PRAGHAS AN CEANN
		€

Sínithe:	Teideal:

(C)

Mórdhíoltóirí Guthán Tta **Eastát Tionsclaíochta na Sionainne, Luimneach**	**SONRASC Uimhir 681**
Teileafón: 061-592144 Facs: 061-592145 r-phost: guthán@loi.net	Uimhir Chlár. CBL IE 8462413

Dáta:

Uimhir d'Ordaithe

CAINNÍOCHT	SONRAÍ	UIMHIR DÉANAIMH	PRAGHAS AN CEANN €	IOMLÁN €

	Iomlán (Gan CBL san áireamh)	
	Lascaine Thrádála	
	Fo-iomlán	
Carraeireacht Íoctha E & EE	CBL	
	Iomlán (CBL san áireamh)	

(D)

Dr	**Mobile World Tta – Cuntas Bainc**						Sr
Dáta	Sonraí	F	€	Dáta	Sonraí	F	€

Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád – Ard Leibhéal 2002

(A) Tabhair **dhá chúis** a ndéanann gnólachtaí iarracht nach mbeadh mórán gearán ann faoina gcuid earraí nó a gcuid seirbhísí. **(6)**

(B) Leag amach nós imeachta oiriúnach chun déileáil le gearáin custaiméirí **(6)**

(C) Ar 5 Bealtaine 2001, fuair WEST Teo. Déantóir éadaí, litir ghearáin ó dhuine dá chuid custaiméirí, LIFE Teo. Sráid Ard, Sligeach. Sa litir a fuarthas ó LIFE Teo., luadh go raibh fiche léine a bhí díreach faighte acu, stróicthe. Ba é an costas gan CBL san áireamh ná ÉIR£20 an léine.

D'eisigh WEST Teo. Nóta Creidmheasa, Uimh 16 ar 25 Bealtaine 2001. 25% a bhí mar Lascaine Thrádála agus 20% mar CBL.

Comhlánaigh an **nóta creidmheasa** seo. **(11)**

(D) Taifead an nóta creidmheasa a eisíodh i gcuntais an **Leabhar Aischur Isteach** agus i gcuntais na **nAischur Isteach, CBL** agus **LIFE Teo.** a thaifeadadh ar an mbileog. **(17)**

(40 marc)

Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád – Ard Leibhéal 2002 – Na doiciméid.

(C)

NÓTA CREIDMHEASA **Uimh. 16**

WEST Teo.
Sráid Sheoighe,
Baile Átha Cliath

Teil. 01 23434565
CBL Clár. IE 234345

Chuig: _____

_____

_____

Dáta: _____

Orduimh. 71

Líon	Tuairisc	Praghas Aonaid	Iomlán (Gan CBL)

	Iomlán (Gan CBL)	
	Lascaine Thrádála	
	CBL	
E & EE	Iomlán	

(D)

Leabhar na nAischur Isteach (Leathanach 1)

Dáta	Mionsonraí	Uimh. Nóta Creidmheasa	F	GLAN ÉIR£	CBL ÉIR£	IOMLÁN ÉIR£

Dáta	Mionsonraí	F	Méid ÉIR£	Dáta	Mionsonraí	F	Méid ÉIR£
			Cuntas Aischuir Isteach (lch. 1)				
			Cuntas CBL (lch. 2)				
			Cuntas LIFE Teo. (lch. 3)				

Doiciméid Gnó agus Leabharchoimeád – Ard Leibhéal 2003

Ar an 16 Aibreán 2003, chuir TROSCÁN COONEY Tta, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, Ordú Uimh. 3 chuig TROSCÁN NA MUMHAN Tta, Luimneach, le haghaidh na n-earraí seo a leanas:

20	Doras Péine Soladaí	@	€50 an ceann gan CBL san áireamh
30	Taisceadán Seomra Codlata	@	€20 an ceann gan CBL san áireamh

Tá na hearraí a ordaíodh sa stoc agus ar an 5 Bealtaine 2003 déanann TROSCÁN NA MUMHAN iad a sheachadadh. Tagann Sonrasc Uimh. 55 leis na hearraí.
Is í an lascaine thrádála ná 25% agus tá CBL iníoctha ar an troscán de réir 21%.
D'íoc TROSCÁN COONEY Tta. as na hearraí, le seic, ar an 20 Bealtaine 2003. Bhí an seic sínithe ag Hillary Cooney.

(A) Taispeáin conas ba cheart do TROSCÁN COONEY Tta déileáil le sonraisc isteach agus le seiceanna eisithe. **(12)**

(B) Ag baint úsáide as na sonraí thuas, comhlánaigh an Sonrasc Uimh. 55 agus an Seic Uimh. 1 **(15)**

(C) Taifead an sonrasc a fuarthas agus an seic a eisíodh i Leabhar na gCeannachán agus i Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim TROSCÁN COONEY Tta, **(13)**

(40 marc)

Doiciméid Gnó agus Leabharchoimeád – Ard Leibhéal 2003
Na doiciméid

(B)

SONRASC **Uimh. 55**
TROSCÁN na MUMHAN,LUIMNEACH

Do: _____
_____
_____

Uimh.Teil: 061 212300
CBL: IE334231
Dáta: _____

Uimh. Ordú. _____

Méid	Sonraí	Costas Aonaid €	Iomlán (gan CBL) €
		Iomlán (gan CBL)	
		Lascaine Thrádála	
		CBL	
E & OE		Iomlán (le CBL)	

(C)

Banc na hÉireann 90-43-17 €
Luimneach **Dáta** _____

Íoc **euro euro euro**

€

H. COONEY

Éire
"00001" 90-43-17 : 51222444 09

LEABHAR na gCEANNACHÁN (Leathanach 1)

Dáta	Sonraí	Uimh. Shonraisc	F	Glan €	CBL €	Iomlán €

LEABHAR MIONDEALAITHE AIRGID THIRIM (Leathanach 1)

Dáta	Sonraí	Uimh. Sheic	F	Banc	Creidiúnaí

Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád – Ard Leibhéal 2004

Ar 5 Bealtaine 2004, d.eisigh AFLA Tta sonrasc do .3,200, le haghaidh rothair a díoladh ar cairde, le Nolan Tta, Port Laoise, Co. Laoise. Ar 8 Bealtaine 2004, chuir Nolan Tta litir ghearáin chuig AFLA Tta á rá gur tharla damáiste do dheich gcinn de na rothair faoi bhealach. Ba é an praghas ar rothar ná €160 gan CBL a bheith san áireamh.
D.eisigh AFLA Tta Nóta Creidmheasa Uimh. 12 ar 13 Bealtaine 2004.
Ba í an lascaine thrádála ná 25% agus an CBL ná 21%. Tar éis an Nóta Creidmheasa a fháil d'eisigh Nolan Tta seic don mhéid gan íoc agus d.eisigh AFLA Tta Admháil Uimh. 5 a bhí sínithe ag Aindí Ó hAilín ar 30 Bealtaine 2004.

(A) Taispeáin conas ba cheart do AFLA Tta déileáil le:

a. Nótaí Creidmheasa eisithe;

b. Admhálacha eisithe. **(12)**

(B) Ag baint úsáide as na sonraí thuas, comhlánaigh Nóta Creidmheasa Uimh. 12 agus Admháil Uimh. 5 **(15)**

(C) Taifead an Nóta Creidmheasa agus an Admháil a eisíodh i Leabhar na nAischur Isteach agus I Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim AFLA Tta, **(13)**

(40 marc)

Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád – Ard Leibhéal 2004
Na doiciméid

(B)

NÓTA CREIDMHEASA **UIMH. 12**

AFLA Tta, An Phríomhshráid, Port Láirge

Uimh. Theil. 051-378751

CBL Clár. IE 423165

Do: _____ **Dáta :** _____

_____

_____

Uimh. Ordú 78

Méid	Sonraí	Costas Aonaid €	Iomlán (gan CBL) €
		Iomlán (gan CBL)	
		Lascaine Thrádála	
		CBL	
E & EE		Iomlán (le CBL)	

(B)

ADMHÁIL **Uimh. 5**

AFLA Tta, An Phríomhshráid, Port Láirge

Dáta:_____

Faighte ó:	
	€
Suim de:	
Le buíochas	Sínithe:_____(Rannóg na gCuntas)

(C)

LEABHAR NA nAischur Isteach (Leathanach 1)

Dáta	Sonraí	Nóta Creidmheasa Uimh.	F	Glan €	CBL €	Iomlán €

LEABHAR MIONDEALAITHE AIRGID THIRIM (TAOBH AN DOCHAIR) Leathanach 1

Dáta	Sonraí	Admháil Uimh.	F	Banc	FÉICHIÚNAÍ

Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád – Ard Leibhéal 2005

(A)

(i) Luaigh **dhá** chúis ar chóir do ghnó stocáireamh a chur i gcrích.

(ii) Imlínigh modh imeachta oiriúnach chun stocáireamh a chur i gcrích. **(10)**

(B) Ordaíodh na hearraí seo a leanas, Ordú Uimh. 45, ó Soláthairtí Oifige Tta, ag Kelly Tta, An Nás, Co. Chill Dara.

12	Chaibinéad Chomhad le Ceithre Doirse	@	€100 an ceann
10	gCathaoir Oifige	@	€80 an ceann

Bhí na hearraí uile ar láimh agus seachadadh iad do Kelly Tta. Ar an 10ú Bealtaine 2005 d'eisigh Soláthairtí Oifige Tta Duillín Seachadta Uimh. 23 leis na hearraí. Síníodh an Duillín Seachadta seo ag Maureen McDann, Bainisteoir Ceannaigh, ar son Kelly Tta.

(i) Imlínigh conas ba cheart do Soláthairtí Oifige Tta plé le Duillíní Seachadta amach.

(ii) Comhlánaigh an Duillín Seachadta. **(12)**

(C) Ar an 30 Bealtaine 2005 d'eisigh soláthairtí Tta Sonrasc Uimh. 47 le haghaidh na n-earraí a seachadadh. Ba í an Lascaine Thrádála ná 30% agus an CBL ná 21%.

(i) Comhlánaigh Sonrasc Uimh. 47

(ii) Taifead an Sonrasc a eisíodh i Leabhar Díolachán Soláthairtí Oifige Tta. **(18)**

(40 marc)

Nóta:
Ní raibh na doiciméid luaite i gceist (B) agus (C) thuas ar fáil agus an t-ábhar seo á chur i gcló.

Gnó a Mheas 1: Tuairisciú ar Chuntais

Pointí le coimeád i gcuimhne:
Is féidir gnó a mheas ag úsáid na dteideal seo a leanas:

1. Brabúsacht
(i) Céatadán/corrlach ollbhrabúis
(ii) Céatadán/corrlach bhrabúis glan
(iii) Céatadán marcáil-suas
(iv) Costais iomlán mar chéatadán den díolacháin
(v) Toradh ar chaipiteal in úsáid

2. Leachtacht
(vi) Cóimheas reatha/cóimheas chaipiteal oibre
(vii) Cóimheas fíorthástala

3. Sócmhainneacht
Tá gnó sócmhainneach má tá Sócmhainní iomlán > Dliteanais seachtrach

4. Gníomhaíocht an ghnó
(viii) Láimhdeachas stoic
(ix) Tréimhse creidmheasa faighte ó chreidiúnaithe
(x) Tréimhse creidmheasa tugtha do fhéichiúnaithe

5. Polasaí Díbhinne
(xi) Ráta díbhinne

Téarmaí Tábhachtacha
- Caipiteal oibre
- Sócmhainneacht
- Róthrádáil
- Toradh ar chaipiteal in úsáid
- Leachtacht
- Teorannú le cóimheasa

Daoine Tábhachtacha
- Creidiúnaithe
- Baincéirí
- Scairshealbhóirí
- Bainistíocht
- Ceardchumainn
- Coimisinéirí Ioncam/Cánach

Gníomhaíochtaí Tábhachtacha
- Cóimheasa a ríomh
- Tuarascáil a scríobh
- An gnó a mheas, a chur i gcomparáid le gnólachtaí eile

Nótaí Breise

Meán chóimheas reatha/chóimheas caipiteal oibre a mholtar - 2:1

Meán chóimheas fíorthástala a mholtar - 1:1 (LEACHTACHT AN GHNÓ)

Toradh ar chaipiteal in úsáid - >10% (BRABÚSACHT AN GHNÓ)

Gnó a mheas 2 Na cóimheasa

(i) Céatadán / corrlach ollbhrábúis

$$\frac{\text{Ollbhrabúis} \times 100}{\text{Díolacháin}} = x\%$$

(ii) Céatadán / corrlach bhrabúis glan

$$\frac{\text{Brabús glan} \times 100}{\text{Díolacháin}} = x\%$$

(iii) Céatadán marcáil suas

$$\frac{\text{Ollbhrabúis} \times 100}{\text{Costas na nDíolacháin}} = x\%$$

(iv) Costais iomlán mar chéatadán den díolacháin

$$\frac{\text{Costaisí iomlán} \times 100}{\text{Díolacháin}} = x\%$$

(v) Toradh ar chaipiteal in úsáid

$$\frac{\text{Brabús glan} \times 100}{\text{Caipiteal in úsáid}} = x\%$$

(vi) Cóimheas reatha / cóimheas caipiteal oibre

$$\frac{\text{Sócmhainní reatha}}{\text{Dliteanais reatha}} = x$$

(vii) Cóimheas fíorthástála

$$\frac{\text{Sócmhainní reatha - stoc}}{\text{Dliteanais reatha}} = x$$

(viii) Ráta láimhdeachas stoc

$$\frac{\text{Costas na nDíolacháin}}{\text{Meán stoc}} = x \text{ uair sa bhliain}$$

m.sh. Freagra = 4 is é sin, díoltar an meán stoc ceithre huaire sa bhliain nó bíonn na hearraí ar an seilf 3 mhí sula ndíoltar iad

(ix) Tréimhse creidmheasa faighte ó chreidiúnaithe

$$\frac{\text{Creidiúnaithe} \times 365}{\text{Ceannacháin ar chreidmheas}} = x \text{ lá}$$

(x) Tréimhse creidmheasa tugtha d'fhéichiúnaithe

$$\frac{\text{Féichiúnaithe} \times 365}{\text{Díolacháin ar chreidmheas}} = x \text{ lá}$$

(xi) Ráta díbhinne

$$\frac{\text{Díbhinn} \times 100}{\text{Caipiteal eisithe}} = x\%$$

Gnó a Mheas 3: Míniú ar Théarmaíocht

Pointí le coimeád i gcuimhne:

- **Brabúsacht:** Éifeacht an ghnó ag úsáid a chaipitil chun brabach a dhéanamh.
- **Clár comhardaithe:** Ráiteas de shócmhainní agus dliteanais an ghnó ar dháta áirithe.
- **Caipiteal in úsáid:** An caipiteal uile atá in úsáid sa ghnó.
  (i) Sócmhainní seasta + Caipiteal oibre
  nó
  (ii) Caipiteal eisithe + cúlchistí + dliteanais fhadtéarmacha
  {iomlán clár comhardaithe}
- **Caipiteal oibre:** Sócmhainní reatha – Dliteanais reatha
- **Dliteanais:** Na fiacha iomlána atá ag gnó
- **Dliteanais fhadtéarmacha**: Dliteanais nach gá a íoc ar ais go ceann roinnt blianta m/sh. iasachtaí bainc, morgáistí
- **Dliteanais reatha:** Dliteanais a chaithfear a íoc ar ais taobh istigh de bhliain, m/sh. creidiúnaithe, rótharraingt banc, costais dlite.
- **Dliteanais sheachtracha:** Dliteanais reatha + Dliteanais fhadtéarmacha
- **Leachtacht:** Ábaltacht an ghnó a chuid dliteanais gearrthéarmacha a íoc.
- **Meán stoc:** Stoc tosaigh + stoc deiridh
- **Rothrádáil:** Má tá figiúr diúltach (-) ag an gcaipiteal oibre. Tarlaíonn sé seo nuair atá an iomarca airgid ceangailte suas i stoc agus nuair atá níos mó creidiúnaithe ná féichiúnaithe ann.
- **Sócmhainn:** Rud ar bith atá ag an ngnó gur fiú airgead é.
- **Sócmhainní reatha:** Sócmhainní a bhíonn ag athrú an t-am ar fad, e.g. stoc, féichiúnaithe, airgead sa bhanc, airgid thirim.
- **Sócmhainní seasta:** Sócmhainní a bheidh sa ghnó ar feadh bliana ar a laghad, m/sh. Foirgnimh, trealamh, feithiclí
- **Sócmhainneacht:** Má tá sócmhainní iomlán **>** dliteanais seachtrach an ghnó tá an gnó sócmhainneach, ach má tá dliteanais seachtrach **>** sócmhainní iomlán deirtear go bhfuil an ghnó dócmhainneach nó féimheach. Níor chóir dó leanúint ar aghaidh ag trádáil.

Nótaí Breise

Gnólacht a Mheasúnú – Ceisteanna Scrúduithe

Gnólacht a Mheasúnú agus Plean Gnó – Ard Leibheal 2004

Gnólacht a mheasúnú agus Tuarascáil – Ard Leibhéal 2002

Gnólacht a Mheasúnú agus Plean Gnó – Ard Leibheal 2004

(A) Cad é an líon is mó scairshealbhóirí is féidir a bheith ag comhlacht príobháideach teoranta? **(4)**

(B) Tá H M Tta suite ag Ascaill na Raice, Coillte Mách, Co. Mhaigheo. Táirgeann agus dáileann siad T-léinte ceoil do mhargadh na hÉireann agus na hEorpa. Is iad na scairshealbhóirí agus na stiúrthóirí ná Samanta Harte agus Micheál Seosamh Mumba. Is í Samanta Harte an stiúrthóir bainistíochta.

Tá cuntas bainc ag H M Tta sa **permanent tsb**. Fógraíonn siad a T-léinte ar an idirlíon agus in irisí ceoil.

Chuir taighde margaidh an t-eolas seo a leanas ar fáil:
tá poitéinseal ann do fhiche milliún custaiméir;
tá cúig phríomhiomaitheoir ann.

Cuireann H M Tta an t-eolas airgeadais seo a leanas ar fáil don bhliain dar chríoch 31/5/2004:
Díolacháin (30,000 T-léine) .600,000; Brabús Glan .200,000; Caipiteal in Úsáid €1,400,000.

Is mian le H M Tta an comhlacht a fhorleathnú ar chostas iomlán de €2,000,000. Tá cúlchistí de €300,000 acu agus gheobhaidh siad deontas de €500,000. Tá súil acu an chuid eile den airgeadas a ardú trí scaireanna a eisiúint do chairde an chomhlachta.

Tá do chabhair ag teastáil ó H M Tta chun:

(i) An Corrlach Brabúis Ghlan agus an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid a ríomh (freagraí go dtí an dara deachúil is gaire) don bhliain dar chríoch 31/5/2004;

(ii) An t-airgeadas a chaithfidh siad a ardú trí scaireanna a eisiúint a ríomh;

(iii) Plean Gnó a chomhlánú, ag baint úsáide as dáta an lae inniu.

(36)
(40 marc)

Gnólacht a Mheasúnú agus Tuarascáil – Ard Leibhéal 2002

(A) Luaigh **dhá** chúngú (theorannú) a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus le Cláir Chomhardaithe nuair a bhíonn gnólacht á mheasúnú. **(6)**

(B) Chuir stiúrthóirí Bingo Tta., Sligeach, na figiúirí seo a leanas ar fáil do na blianta 2000 agus 2001.

	2000	2001
	€	€
Díolacháin	530,000	560,000
Brabús Glan	120,000	110,000
Sócmhainní Reatha	36,000	24,000
Dliteanas Reatha	16,000	32,000
Caipiteal in Úsáid	380,000	460,000

Abair gur tusa Póilín Willis, Comhairleoir Bainistíochta, Bóthar na hIontrála Dúbailte, Loch Garman.

Ullmhaigh tuarascáil, **dar dáta inniu**, le haghaidh stiúrthóirí Bingo Tta. **ag déanamh comparáide agus tuairisce** ar fheidhmiú an ghnólachta le dhá bhliain anuas, 2000 agus 2001.

Bain úsáid as na **trí chóimheas** seo a leanas agus tú ag déanamh comparáide ar an bhfeidhmiú: Céatadán Brabúis Ghlain; Toradh ar an gCaipiteal atá in Úsáid; Cóimheas Reatha.

(34)
(40 marc)

Sócmhainní, dliteanais agus caipiteal

Sócmhainní
Rudaí ar leis an ngnólacht iad agus a mbaintear úsáid astu sa ghnó:

- **Sócmhainní Seasta (*fixed assets)***
  Na rudaí buana ar leis an ngnólacht iad; m/sh. foirgnimh, gléasra agus trealamh, innealra, troscáin, cairr.

- **Sócmhainní Reatha (*current assets)***

  Rudaí ar leis an ngnólacht iad ach a bhíonn ag athrú i gcónaím, m/sh. stoc, airgead tirim, airgead sa mbanc, féichiúnaithe (debtors)

Dliteanais
Na fiacha a bhíonn ag daoine ón taobh amuigh ar an ngnólacht.

- **Dliteanais Reatha**
  Na fiacha ata le díol taobh istigh de bhliain, m/sh. Speansais, creidiúnaithe, rótharraingt bainc

- **Dliteanais fhadtéarmacha**
  Iasachtaí téarmacha bainc, iasachtaí fadtéarmacha eile

Clár comhardaithe (Balance sheet)
Seo ráiteas airgeadais faoi shócmhainní, faoi dhliteanais agus faoi chaipiteal ar dháta áirithe.

Sócmhainní — Dliteanais = Caipiteal

Caipiteal
Seo airgead na scairshealbhóirí atá infheistithe sa ghnólacht.
Is cineál ar leith dliteanais é.

Nótaí Breise

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Ceisteanna Scrúduithe

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Gnáth Leibhéal 2002

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Gnáth Leibhéal 2003

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Gnáth Leibhéal 2004

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Gnáth Leibhéal 2005

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Ard Leibhéal 2002

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Ard Leibhéal 2003

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Ard Leibhéal 2004

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Ard Leibhéal 2005

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Gnáth Leibhéal 2002

Is cuideachta é Harte Tta. a bhfuil Caipiteal Údaraithe de 400,000 Gnáthscaireanna aige ar €1 an ceann. Baineadh an Comhardú Trialach seo amach as a cuid leabhar ar 31 Nollaig 2001, deireadh na bliana airgeadais aici.

Comhardú Trialach mar a bhí ar 31 Nollaig 2001	Dr	Sr
	€	€
Díolacháin ar airgead síos		375,000
Carraeireacht Isteach	2,350	
Ceannacháin ar Airgead Tirim le hAthdhíol	237,600	
Stoc Tosaigh ar 1 Eanáir 2001	57,250	
Pánna	77,400	
Teas agus Solas	15,200	
Teileafón	4,950	
Árachas	12,650	
Ús ar Róthar raingt Bhainc	2,700	
Díbhinn Íoctha	23,000	
Rotharraingt Bhainc		55,000
Airgead Tirim ar Láimh	3,400	
Scairchaipiteal Eisithe i Scaireanna €1		250,000
Foirgnimh	125,000	
Mótorveaineanna	118,500	
	680,000	680,000

Ba é an Stoc Deiridh ar 31 Nollaig 2001 ná €72,600.

(A) Ó na figiúirí thuas ullmhaigh Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Cuntas Leithghabhála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2001 agus Clár Comhardaithe mar a bhí ar an dáta sin. **(43)**

(B) Mínigh cad is ciall le "Carraeireacht Isteach". **(9)**

(C) Cén céatadán de na Díolacháin ar Airgead Tirim atá sa Bhrabús Comhlán? Taispeáin do chuid oibriúchán. **(8)**

(60 marc)

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Gnáth Leibhéal 2003

Is cuideachta é Fenton Tta. a bhfuil Caipiteal Údaraithe de 500,000 Gnáthscaireanna aici ar €1 an ceann. Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas amach as a cuid leabhar ar 31 Nollaig 2002, deireadh na bliana airgeadais aici.

Comhardú Trialach mar a bhí ar 31 Nollaig 2003	Dr	Sr
	€	€
Díolacháin ar airgead síos		550,500
Ceannacháin ar Airgead Tirim le hAthdhíol	376,250	
Carraeireacht Isteach	4,500	
Stoc Tosaigh ar 1 Eanáir 2002	102,000	
Cíos agus Rátaí	33,250	
Teileafón	4,380	
Pánna	48,690	
Teas agus Solas	12,450	
Fógraíocht	15,230	
Díbhinn Íoctha	37,500	
Rótharraingt Bhainc		9,500
Airgead Tirim ar Láimh	7,750	
Scairchaipiteal Eisithe i Scaireanna €1		350,250
Innealra agus Trealamh	148,000	
Mótarfheithiclí	120,250	
	910,250	910,250

Ba é an stoc deiridh ar 31 Nollaig 2002 ná €97,400.

(A) Ó na figiúirí thuas ullmhaigh **Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Cuntas Leithghabhála** don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2002 agus **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an dáta sin. **(45)**

(B) Mínigh cad is ciall le "Rótharraingt Bhainc". **(5)**

(C) Cén céatadán de na Díolacháin ar Airgead Síos ar Brabús Comhlán iad? Taispeáin do chuidoibriúchán. **(10)**

(60 marc)

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Gnáth Leibhéal 2004

Is gnólacht é Blue Cabs Teo. a chuireann seirbhís tacsaí ar fáil i dtrí bhaile éagsúla. Ullmhaíonn an gnólacht Ráiteas Oibriúcháin (Cuntas Brabúis & Caillteanais) agus Clár Comhardaithe ag deireadh gach bliana. Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as na leabhair ar 31 Nollaig 2003, deireadh na bliana airgeadais:

Comhardú Trialach mar a bhí ar 31 Nollaig 2003	Dr	Sr
	€	€
Ioncam ó Nás		130,000
Ioncam ón Uaimh		125,700
Ioncam ón Muileann gCearr		103,500
Árachas	35,920	
Solas agus Teas	3,900	
Teileafón	14,750	
Pá Tiománaithe	47,300	
Peitreal agus Seirbhís Ghluaisteán	28,180	
Cáin Bhóthair	6,450	
Fógraíocht	5,300	
Rótharraingt Bhainc		4,950
Airgead Tirim ar Láimh	6,350	
Gnáth Scairchaipiteal (80,000 scaireanna €1)		80,000
Áitreabh agus Trealamh	70,000	
Mótarfheithiclí	226,000	
	444,150	444,150

(A) Ullmhaigh **Ráiteas Oibriúcháin** do Blue Cabs Teo. don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2003 agus **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an dáta sin. **(36)**

(B) Cén céatadán den Ioncam Iomlán é Árachas? Taispeáin do chuid oibriúchán. **(12)**

(C) Bíonn **Acmhainní**, **Dliteanais** (Fiachais) agus **Caipiteal** ag gnólachtaí ina **gClár Comhardaithe**. Mínigh cad is ciall le haon **dá cheann** de na téarmaí a bhfuil line fúthu. **(12)**

(60 marc)

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Gnáth Leibhéal 2005

Gnólacht is ea Harford Tta le Caipiteal Udaraithe de 300,000 Gnáthscaireanna ar €1 an ceann. Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as na leabhair ar 31 Nollaig 2004, deireadh na bliana airgeadais.

Comhardú Trialach mar a bhí ar 31 Nollaig 2004	Dr	Sr
	€	€
Díolacháin ar Airgead Tirim		280,000
Ceannacháin ar Airgead Tirim	184,700	
Carraeireacht Isteach	7,000	
Stoc Tosaigh ar1 Eanáir 2004	57,800	
Solas agus Teas	8,650	
Teileafón	2,350	
Fógraíocht	16,250	
Cíos agus Rátaí	7,350	
Árachas	19,150	
Díbhinn Íoctha	12,000	
Rótharraingt Bhainc		29,500
Airgead Tirim ar Láimh	1,750	
Scairchaipiteal Eisithe i Scaireanna €1		189,000
Troscán agus Fearais	96,000	
Veaineanna Mótair	85,500	
	498,500	498,500

Ba é an Stoc Deiridh ar 31 Nollaig 2004 ná €39,500.

(A) Ó na figiúirí thuas ullmhaigh **Cuntas Trádála agus Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2004 agus **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an dáta sin. **(45)**

(B) Mínigh cad is brí le "Díbhinn Íoctha". **(5)**

Cén céatadán de na Díolacháin ar Airgead Tirim é an Brabús Comhlán? Taispeáin do chuid oibrithe. **(10)**

(60 marc)

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Ard Leibhéal 2002

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Ó MURCHÚ Teo. ar 31 Bealtaine 2001. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 350,000 gnáthscaireanna ar ÉIR£1 an ceann.

COMHARDÚ TRIALACH ar 31 Bealtaine 2001	Dr. ÉIR£	Sr. ÉIR£
Ceannacháin agus Díolacháin	185,000	400,000
Aischuir Isteach	50,000	
Stoc Tosaigh 1/6/2000	25,000	
Pánna	36,000	
Ús Infhaighte		6,000
Árachas	8,000	
Carraeireacht Isteach	15,000	
Drochfhiacha	5,000	
Foirgnimh	169,000	
Trealamh	60,000	
Feichiúnaithe agus Creidiúnaithe	49,000	17,000
Mótarveaineanna	35,000	
Airgead Tirim	1,000	
Rótharraingt Bhainc		5,000
Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais)		10,000
Scairchaipiteal Eisithe: 200,000 ÉIR£1 Gnáthscaireanna		200,000
	638,000	638,000

(A) Iarrtar ort **Cuntais Trádála, Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála** na cuideachta don bhliain dár chríoch 31 Bealtaine 2001 agus **Clár Comhardaithe** amhail ar an dáta sin a ullmhú.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit amhail ar an 31 Bealtaine 2001.

(i) Stoc ar Deireadh ÉIR£32,000

(ii) Carraeireacht isteach dlite ÉIR £3,000

(iii) Árachas réamhíoctha ÉIR £2,000

(iv) Díbhinní fógraithe 12½%

(v) Dímheas: Trealamh 12%; Mótarveaineanna 10% **(35)**

(B) Liostaigh trí shaghas árachais ar cheart do Ó MURCHÚ Teo. a thógaint amach. **(5)**

(40 marc)

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Ard Leibhéal 2003

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair SIOAL Tta ar an 31 Bealtaine 2003. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe atá ann ná 300,000 de ghnáthscaireanna ar €1 an ceann.

COMHARDÚ TRIALACH SIOAL Tta amhail ar an 31 Bealtaine 2003	Dr. €	Cr. €
Ceannacháin agus Díolacháin	110,000	250,000
Aischuir Amach		5,000
Stoc ag Tús 1/6/2002	14,000	
Dleacht Allmhairíochta	1,000	
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	18,000	13,000
Arachas	5,000	
Pánna	40,000	
Veaineanna Seachadta	68,000	
Innealra	90,000	
Airgead Tirim	2,000	
Coimisiún Infhaighte		2,000
Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais)		16,000
Rótharraingt Bainc		4,000
Drochfhiacha	2,000	
Foirgnimh	190,000	
Scairchaipiteal Eisithe: 250,000 gnáthscaireanna ar €1		250,000
	540,000	540,000

(A) Iarrtar ort **Cuntais Trádála, Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála** na cuideachta a ullmhú don bhliain dar chríoch 31 Bealtaine 2003 agus **Clár Comhardaithe** amhail ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit amhail ar an 31 Bealtaine 2003.

- **a.** Stoc ar Deireadh €12,000
- **b.** Coimisiún Infhaighte dlite € 500
- **c.** Pánna dlite € 3,000
- **d.** Díbhinn fógraithe 15%
- **e.** Dímheas: Innealra 10%; Veaineanna Seachadta 12%. **(35)**

(B) Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh cúlchistí ag SIOAL Tta? **(5)**

(40 marc)

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Ard Leibhéal 2004

Baineadh an Comharda Trialach seo a leanas as leabhair Ó Ceallaigh Tta ar 31 Bealtaine 2004. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe atá ann ná 350,000 de ghnáthscaireanna ar .1 an ceann.

COMHARDÚ TRIALACH Ó CEALLAIGH Tta ar 31 Bealtaine 2004	Dr. €	Sr. €
Ceannacháin agus Díolacháin	130,000	350,000
Aischuir Isteach	10,000	
Stoc Tosaigh 1/6/03	18,000	
Carraeireacht Isteach	3,000	
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	15,000	18,000
Fógraíocht	2,000	
Pánna	52,000	
Veain Seachadta	78,000	
Trealamh	110,000	
Cíos Infhaighte		8,000
Airgead Tirim	4,000	
Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais)		26,000
Iasacht 10 mBliana		20,000
Drochfhiacha	5,000	
Foirgnimh	245,000	
Scairchaipiteal Eisithe: 250,000 gnáthscaireanna ar €1		250,000
	672,000	672,000

(A) Iarrtar ort **Cuntais Trádála Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála** an chomhlachta a ullmhú don bhliain dar chríoch 31 Bealtaine 2004 agus **Clár Comhardaithe** amhail ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit amhail ar 31 Bealtaine 2004.

a. Stoc ar Deireadh €21,000

b. Cíos Infhaighte réamhíoctha €2,000

c. Pánna dlite €5,000

d. Díbhinn fógraithe 20%

e. Dímheas: Trealamh 15%; Veaineanna Seachadta 12%. **(35)**

(B) Ríomh an meánstoc don bhliain. **(5)**

(40 marc)

Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe – Ard Leibhéal 2005

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair KERRY Tta ar an 31 Márta 2005. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 420,000 gnáthscaireanna ar €1 an ceann.

COMHARDÚ TRIALACH KERRY Tta ar an 31 Márta 2005	Dr. €	Sr. €
Ceannacháin agus Díolacháin	110,000	260,000
Aischuir amach		12,000
Stoc Tosaigh /1/4/04	38,500	
Dleacht Allmhairíochta	4,500	
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	60,000	32,000
Carraeireacht Amach	17,000	
Árachas	8,000	
Solas agus Teas	13,800	
Innealra	140,000	
Áitreabh	300,000	
Ús Infhaighte		7,500
Airgead Tirim	1,700	
Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais)		40,000
Scairchaipiteal Eisithe: 350,000 gnáthscaireanna ar €1		350,000
Iasacht 15 bliana		60,000
Feithiclí Mótair	68,000	
	761,500	761,500

(A) Iarrtar ort **Cuntas Trádála, Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Cuntas Leithghabhála** an chomhlachta a ullmhú don bhliain dar chríoch 31 Márta 2005 maille le **Clár Comhardaithe** amhail ar an data sin

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit amhail ar an 31 Márta 2005.

a. Stoc ar deireadh €13,500

b. Solas agus Teas dlite € 3,200

c. Ús Infhaighte dlite € 2,000

d. Díbhinn fógraithe 8%

e. Dímheas: Innealra 16%; Feithiclí Mótair 20% **(35)**

(B) Luaigh **trí** costaisí a bhaineann le seachadadh earraí, seachas costas na bhfeithiclí. **(5)**

(40 marc)

Cuntais Chlub – Ceisteanna Scrúduithe

Cuntais Chlub – Gnáth Leibhéal 2003

Cuntais Chlub – Ard Leibhéal 2003

Cuntais Chlub agus Doiciméid Bhaincéireachta – Ard Leibhéal 2004

Cuntais Chlub – Ard Leibhéal 2005

Cuntais Chlub – Gnáth Leibhéal 2003

Íocann baill Chumann Snámha Bhaile an Dúin síntiús bliantúil leis an gcumann. Reachtálann an cumann comórtais snámha go rialta do na baill agus íocann pá leis na gardaí tarrthála. Eagraíonn sé crannchuir freisin chun airgead a bhailiú.
Is mar seo a leanas a tharla ag an gclub i rith Mhí Bealtaine, 2003.
(Is in airgead a bhíonn an déileáil ar fad):

2003		
Bealtaine	1	Airgead ar láimh ón mhí seo caite €564
	2	Íoctha as póstaeraí chun an crannchur a fhógairt €100
	3	Íoctha as trófaithe do chomórtas snámha €125
	4	Faighte táillí comórtais €185
	9	Íoctha pá leis na gardaí tarrthála €300
	12	Faighte airgead ó dhíolachán ticéad crannchuir €850
	14	Faighte síntiúis bhliantúla ó na baill €530
	15	Íoctha as duaiseanna don chrannchur €295
	16	Faighte airgead ón díolachán ticéad crannchuir €750
	17	Ceannaithe duaiseanna do chomórtas snámha €240
	18	Faighte táillí iontrála comórtais ó 60 ball ar €5 an duine
	23	Íoctha pá leis na gardaí tarrthála €300
	29	Faighte síntiúis bhliantúla ó na baill €740

(A) Is tusa cisteoir Chumann Snámha Bhaile an Dúin. Breac go hiomlán agus comhardaigh Cuntas Admhálacha agus Íocaíochtaí Miondealaithe an chumainn do Mhí Bealtaine 2003. Bain úsáid as na ceannteidil colún miondealaithe seo a leanas:

Taobh na nAdmhálacha: Iomlán, Síntiúis, Comórtais agus Crannchur
Taobh na nÍocaíochtaí: Iomlán, Pá, Comórtais agus Crannchur.

(40)

(B) Cén brabús (barrachas) a rinne an cumann ar chomórtais snámha don mhí? **(4)**

(C) Cén brabús (barrachas) a rinne an cumann ar an gcrannchur? **(4)**

(D) Luaigh **trí** cinn de na dualgais a bhíonn ar chisteoir cumainn. **(12)**

(60 marc)

Cuntais Chlub – Ard Leibhéal 2003

Coinníonn Club Surfála na dTonnta Thoir taifid de na híocaíochtaí beaga airgid thirim i Leabhar Mionairgid de réir córas óinchiste. Déantar an t-óinchiste a athshlánú ar an gcéad lá de gach mí.
Tharla na bearta seo a leanas i rith Mí Bealtaine 2003.

2003		Uimh. Dearbháin	€
Bealtaine 1	Iarmhéid ar láimh		40
Bealtaine 1	Airgead faighte ón bPríomhairgeadóir chun an t-óinchiste a athshlánú		260
Bealtaine 3	Cheannaigh ábhair ghlantacháin	1	38
Bealtaine 4	D'íoc as béile do chuairteoirí	2	41
Bealtaine 6	Cheannaigh stampaí poist	3	7
Bealtaine 8	D'íoc as páipéar cóipeála	4	15
Bealtaine 16	D'íoc 'First Track" chun beartán a sheachadadh	5	24
Bealtaine 23	D'íoc pá an lucht glantacháin	6	75
Bealtaine 24	Thug síntiús déirce	7	40
Bealtaine 28	Cheannaigh stáplaí & seillitéip	8	23
Bealtaine 29	Cheannaigh bláthanna don oifig	9	12

(A) Comhlánaigh agus comhardaigh Leabhar an Mhionairgid do Mhí Bealtaine 2003.
Athshlánaigh an t-óinchiste. Bain úsáid as na colúin mhiondealaithe seo: Postas, Stáiseanóireacht, Glantachán, Speansais Eile. **(23)**

(B) Taispeáin breacadh iomláin na gcolún miondealaithe do na cuntais atá acu sa mhórleabhar. **(8)**

(C) Freagair na ceisteanna seo a leanas sna spásanna atá ann dóibh i ndeireadh Roinn

(i) Cén t-óinchiste a bhíonn ag an Mionairgeadóir don mhí? **(3)**

(ii) Mínigh cad is ciall le córas an óinchiste agus luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann lena úsáid. **(6)**

(40 marc)

Cuntais Chlub agus Doiciméid Bhaincéireachta – Ard Leibhéal 2004

Tá uimhir chuntas reatha 91327566 i mBanc na hÉireann, Wilton, Corcaigh ag Club Peile na Ruagairí, Bóthar na Páirce, Corcaigh. Ar 13 Bealtaine 2004 lóisteáil Liam MacGabhann na fáltais ó chluiche a imríodh i bpáirc an chlub i gcuntas an chlub.
Bhí na méideanna seo a leanas sa lóisteáil:

Seic arbh fhiú €75.50 é	13 nóta de €20 an ceann
24 nóta de €10 an ceann	20 nóta de €5 an ceann
81 mona de €2 an ceann	143 mona de €1 an ceann
90 mona de 50 cent an ceann	

(A) Abair gur tusa Liam Mac Gabhann agus comhlánaigh foirm lóisteála ón eolas a thugtar thuas.
Bain úsáid as an doiciméad bán a thugtar i ndeireadh **Roinn A leathanach 8**, agus taispeáin do chuid oibriúchán sa spás atá ann dóibh. **(13)**

(B) Tá an Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31/12/2003 réitithe ag an gCisteoir.

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31/12/2003

		€			€
1/1/03	Iarmhéid t/a	2,000		Teileafón	464
	Táillí Ballraíochta	2,400		Cíos	5,800
	Admhálacha Raifil	10,394		Ceannach Trealaimh	11,750
	Admhálacha Cluiche	4,759		Árachas	2,877
31/12/03	Iarmhéid t/s	3,822		Speansais Teagaisc	1,860
				Speansais Taistil	624
		23,375			23,375
			1/1/04	Iarmhéid t/a	3,822

Tá an t-eolas breise seo a leanas ar fáil ar 31/12/2003:

(a) Árachas Réamhíoctha €150

(b) Speansais Taistil dlite €200

(c) Táillí Ballraíochta dlite €85

(d) Dímheas Trealaimh 10% per annum.

Iarrtar ort cuidiú leis an gCisteoir na cuntais don CBG (AGM) a chríochnú.

(i) Réitigh an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31/12/2003.

(ii) Cad é suíomh an chlub sa Bhanc ó thaobh airgid ar 31/12/2003?

(27)

(40 marc)

Cuntais Chlub – Ard Leibhéal 2005

Bhí na Sócmhainní agus na Fiachais seo a leanas ag Club Iascaireachta Ghleann na Laoi, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí, ar an 1 Eanáir, 2004.

Clubtheach €100,000 Báid €30,000
Iasacht Téarma €40,000 Airgead Tirim €2,500.

Seo thíos achomair de bhearta airgeadais an Chlub don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2004:

Fáltais:	€
Táillí Comórtas	1,370
Síntiúis	562
Táillí Iascaireachta	2,004
Urrús Bliantúil	300
Íocaíochtaí:	€
Árachas	880
Costais Chomórtas	878
Costais an Rúnaí	163
Ceannachán Trealaimh	1,200
Solas agus Teas	850

Eolas breise ar an 31 Nollaig 2004:

(i) Árachas réamhíoctha €130
(ii) Síntiúis Iníoctha €90
(iii) Báid le dímheas de 5%
(iv) Solas agus Teas iníoctha €45

(A) Ullmhaigh Ráiteas ag ríomh Ciste Carntha an Chlub ar an 1 Eanáir 2004. **(6)**

(B) Ullmhaigh:

(i) Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2004.

(ii) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31/12/2004. **(25)**

(C) Mínigh ról **chisteoir an chlub**.
Cén cuspóir atá lena t(h)uairisc? **(9)**

(40 marc)

Cuntais Fheirme – Gnáth Leibhéal 2004

Is feirmeoir í Cáit Ní Shúilleabháin a choinníonn Leabhar Fáltas agus Íocaíochtaí Anailísithe. Lóisteáltar an
t-airgead go léir a fhaigheann sí ina cuntas reatha bainc ar an lá céanna agus déantar gach íocaíocht le seic.

Bhí na bearta seo a leanas aici le linn Bealtaine 2004:

- **Bealtaine** 1 Iarmhéid sa bhanc €3,500
- 4 Dhíol eallach ar an margadh ar €8,500 (Admháil Uimh. 401)
- 5 Cheannaigh beathú eallaigh ar €925 (Seic Uimh. 811)
- 6 Fuair deontas AE de €1,750 (Admháil Uimh. 402)
- 11 Cheannaigh eallach (laonna) ar €3,000 (Seic Uimh. 812)
- 12 D.íoc as deisiúcháin do tharracóir €850 (Seic Uimh. 813)
- 14 Cheannaigh ola díosail d.innealra €550 (Seic Uimh. 814)
- 17 D.íoc táillí le tréadlia €475 (Seic Uimh. 815)
- 18 Dhíol eallach ar an margadh ar €7,500 (Admháil Uimh. 403)
- 19 Cheannaigh beathú eallaigh ar €2,400 (Seic Uimh. 816)
- 20 Fuair deontas stáit de €1,000 (Admháil Uimh. 404)
- 25 Cheannaigh eallach (laonna) ar €4,800 (Seic Uimh. 817)
- 28 Cheannaigh ola díosail d.innealra €700 (Seic Uimh. 818)

(A) Breac go hiomlán Leabhar Fáltas agus Íocaíochtaí Anailísithe Cháit Ní Shúilleabháin do Bhealtaine 2004, ag baint úsáide as na ceannteidil cholún airgid seo a leanas:

Taobh na nAdmhálacha: Iomlán, Eallach, Deontais, Eile.
Taobh na nÍocaíochtaí: Iomlán, Eallach, Beathú, Díosal, Eile.
Suimigh **gach** colún anailísithe agus comhardaigh an Leabhar Fáltas agus Íocaíochtaí ag deireadh na Bealtaine. **(45)**

(B) Luaigh **trí** chúis gur cheart d'fheirmeoir cuntais a choinneáil. **(15)**

(60 marc)

Leabhar Túsiontrála agus Mórleabhar

Leabhar Túsiontrála agus Mórleabhar – Ard Leibhéal 2002

Leabhar Túsiontrála agus Mórleabhar – Ard Leibhéal 2003

Leabhar Túsiontrála agus Mórleabhar – Ard Leibhéal 2004

Leabhar Túsiontrála agus Mórleabhar – Ard Leibhéal 2005

Leabhar Túsiontrála agus Mórleabhar – Ard Leibhéal 2002

Thaispeáin leabhair YAWLAG Tta. na hiarmhéideanna seo a leanas ar an 1 Bealtaine 2002: Mótarfheithiclí €75,000
Creidiúnaí: Quinn Tta. €19,500

(A) Déan na hiarmhéideanna seo a bhreacadh sa Leabhar Cúnta Ginearálta, faigh iarmhéid an ghnáth-scairchaipitil agus breac na hiarmheideanna seo sna cuntais mhórleabhair chuí. **(8)**

(B) Breac na figiúirí cuí ó Leabhar na gCeannachán agus ón Leabhar Aischuir Amach sna mórleabhair.

LEABHAR NA GCEANNACHÁN (Leathanach 1)

Dáta	Sonraí	Uimh. Sonraisc	F	Glan €	CBL €	Iomlán €
6/5/2002	Carr Tta.	34	MLC1	32,000	6,400	38,400
				MLG1	MLG2	

LEABHAR AISCHUIR AMACH (Leathanach 1)

Dáta	Sonraí	Uimh. Sonraisc	F	Glan €	CBL €	Iomlán €
2/5/2002	Quinn Tta.	34	MLC2	5,500	1,100	6,600
				MLG3	MLG2	

(8)

(C) Déan taifid ar na Bearta Bainc seo a leanas do Mhí Bealtaine. Déan na figiúirí cuí a bhreacadh sa mhórleabhar.

Nóta: Déan anailís ar na bearta bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil cholúin airgid seo a leanas:

Taobh an Dochair (Fáltais): Banc; Díolacháin; Eile
Taobh an tSochair (Íocaíochtaí): Banc; Ceannacháin; CBL; Creidiúnaithe; Fógraíocht

2/5/2002	Díolacháin Airgid Thirim a lóisteáladh		€62,400 (€52,000+CBL €10,400)
7/5/2002	Íoctha ar fhógraíocht	(Seic Uimh. 1)	€3,700
16/5/2002	D'íoc Quinn Tta. a chuntas iomlán	(Seic Uimh. 2)	
21/5/2002	Ceannacháin le hathdhíol	(Seic Uimh. 3)	€18,500 + CBL 20%

29/5/2002 D'infheistigh scairshealbhóir €20,000 agus lóisteáladh é. Admháil Uimh.43. **(17)**

(D) Comhardaigh na cuntais ar an 31 Bealtaine 2002 agus déan Comhardú Trialach a bhaint amach amhail ar an dáta sin. **(7)**

(40 marc)

Leabhar Túsiontrála agus Mórleabhar – Ard Leibhéal 2003

Thaispeáin NILBUD Tta. Na hiarmhéideanna seo a leanas ina Leabhar Cúnta Ginearálta ar 1 Bealtaine 2003:

LEABHAR CÚNTA GINEARÁLTA (Leathanach 1)

Dáta	Sonraí	F	Dr. €	Sr. €
1/5/2003	Innealra	MLG1	150,000	
	Féichiúnaí OGILS Tta	MLF1	10,000	
	Rótharraingt	LA1		5,000
	Caipiteal Gnáthscaireanna	MLG2		155,000
	Sóchmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal NILBUD Tta		160,000	160,000

(A) Breac na hiarmhéideanna sa Leabhar Cúnta Ginearálta thuas do na cuntais mhórleabhair cuí. **(5)**

(B) Breac na figiúirí cuí ó Leabhar na nDíolachán agus ón Leabhar Aischur Isteach thíos don mhórleabhar. **(9)**

LEABHAR NA NDÍOLACHÁN (Leathanach 1)

Dáta	Sonraí	Uimh. Shonraisc	F	Glan €	CBL €	Iomlán €
7/5/2003	OGILS Tta	1	MLF1	12,000	2,520	14,520
11/5/2003	NAVAC Tta	2	MLF2	8,000	1,680	9,680
				20,000	4,200	24,200
				MLG3	MLG4	

LEABHAR AISCHUR ISTEACH (Leathanach 1)

Dáta	Sonraí	Uimh. NótaCreidmheasa	F	Glan €	CBL €	Iomlán €
17/5/2003	NAVAC Tta	40	MLF2	4,000	840	4,840
				MLG5	MLG4	

(C) Déan na Bearta Bainc seo a leanas do Mhí Bealtaine a thaifeadadh. Breac na figiúirí cuí don mórleabhar.
Nóta: Míondealaigh na bearta bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil seo a leanas:

Taobh an Dochair (Fáltais): Bainc; Díolacháin; CBL; Féichiúnaithe; Scairchaipiteal

Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí): Banc; Ceannacháin; CBL; Fógraíocht

2/5/03 D'infheistigh scairshealbhóirí NILBUD Teo €50,000 agus lóisteáladh é sin.
5/5/03 Lóisteáladh Díolacháin ar Airgead Síos €48,400 (€40,000+€8,400 CBL)
11/5/03 Íoctha as Fógraíocht (Seic Uimh. 1) €1,500
19/5/03 D'íoc OGILS a chuntas go hiomlán agus lóisteáladh é. Admháil Uimh. 3
24/5/03 D'íoc NAVAC €2,000 agus lóisteáladh é sin. Admháil Uimh. 4
28/5/03 Ceannacháin le hathdíol (Seic Uimh. 2) €25,000+CBL 21% **(18)**

(D) Comhardaigh na cuntais ar 31 Bealtaine 2003 agus bain amach Comhardú Trialach amhail ar an dáta. **(8)**

(40 marc)

Leabhar Túsiontrála agus Mórleabhar – Ard Leibhéal 2004

Thaispeáin MAHCEB Tta. na hiarmhéideanna seo a leanas in a Leabhar Cúnta Ginearálta ar 1 Bealtaine 2004:

LEABHAR CÚNTA GINEARÁLTA (Leathanach 1)

Dáta	Sonraí	F	Dr €	Sr €
1/5/2004	Foirgnimh	MLG1	230,000	
	Creidiúnaí DIRDAM Tta	MLC1		23,000
	Banc	LA1	11,000	
	Caipiteal Gnáthscaireanna	MLG2		218,000
	Sóchmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal MAHCEB Tta		241,000	241,000

(A) Breac na hiarmhéideanna sa Leabhar Cúnta Ginearálta thuas do na cuntais mhórleabhair cuí. **(5)**

(B) Breac na figiúirí cuí ó Leabhar na gCeannachán agus ó Leabhar na nDíolachán thíos don mórleabhar. **(9)**

LEABHAR LAE NA gCEANNACHÁN (Leathanach 1)

Dáta	Sonraí	Uimh. Shonraisc	F	Glan €	CBL €	Iomlán €
3/5/2004	DIRDAM Tta	1	MLC1	32,000	6,720	38,720
15/5/2004	UNAM Tta	2	MLC2	19,000	3,990	22,990
				51,000	10,710	61,710
				MLG3	MLG4	

LEABHAR LAE NA nDÍOLACHÁN (Leathanach 1)

Dáta	Sonraí	Uimh. Shonraisc	F	Glan €	CBL €	Iomlán €
11/5/2004	FFUD Tta	1	MLF1	13,000	2,730	15,730
				MLG5	MLG4	

(C) Déan na Bearta Bainc seo a leanas do Mhí Bealtaine a thaifeadadh. Breac na figiúirí cuí don mórleabhar.

Nóta: Miondealaigh na bearta bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil seo a leanas:

Taobh an Dochair (Fáltais): Banc; Díolacháin; CBL; Féichiúnaithe; Scairchaipiteal

Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí): Banc; Ceannacháin; CBL; Creidiúnaithe; Árachas

2/5/04	Árachas íoctha	(Seic Uimh. 1) €3,400
3/5/04	Lóisteáladh Díolacháin ar Airgead Síos	€62,920 (€52,000+€10,920 CBL)
16/5/04	Íocadh a chuntas iomlán de Diram Tta.	(Seic Uimh. 2)
23/5/04	D'íoc FFUD Tta €13,700 agus lóisteáladh é sin. Admháil Uimh. 1	
26/5/04	D'infheistigh scairshealbhóirí €80,000 agus lóisteáladh é sin.	
30/5/04	Ceannacháin le hathdhíol	(Seic Uimh. 3) €47,000+CBL21%

(18)

(D) Comhardaigh na cuntais ar 31 Bealtaine 2004 agus bain amach Comhardú Trialach amhail ar an dáta sin. **(8)**

(40 marc)

Leabhar Túsiontrála agus Mórleabhar – Ard Leibhéal 2005

Thaispeáin Ó DUGAIGH Tta na hiarmhéideanna seo a leanas ina Leabhar Cúnta Ginearálta ar 1 Márta 2005 :

LEABHAR CÚNTA GINEARÁLTA (Leathanach 1)

Dáta	Sonraí	F	Dr. €	Sr. €
1/3/2005	Foirgnimh	MLG1	300,000	
	Creidiúnaí COYLE Tta	MLC1		50,000
	Caipiteal Gnáthscaireanna	MLG2		250,000
	Sócmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal Ó DUFAIGH Tta		300,000	300,000

(A) Breac na hiarmhéideanna sa Leabhar Cúnta Ginearálta thuas do na cuntais mhórleabhair chuí. **(4)**

(B) Déan na Bearta Creidmheasa seo a leanas a thaifeadadh i Leabhar na gCeannachán agus i Leabhar Aischur Amach. Breac na figiúirí cuí do chuntais an mhórleabhair.

5/3/05 Ceannaíodh earraí ar cairde ó DOYLE Tta. Uimh. Shonraisc 12 €80,000 + CBL 21%

9/3/05 Earraí aischurtha go dtí COYLE Tta. Nóta Creidmheasa Uimh. 30. €15,000 + CBL 21%

(12)

(C) Déan na bearta Bainc seo a leanas a thaifeadadh do mhí Márta. Breac na figiúirí cuí don mhórleabhar.

Nóta: Miondealaigh na bearta bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil seo a leanas i gcolúin an airgid:

Taobh an Dochair (Fáltais): Banc; Díolacháin; CBL; Caipiteal Scairchaipiteal

Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí): Banc, Ceannacháin; CBL; Creidiúnaithe; Fógraíocht

2/3/05 D'infheistigh scairshealbhóir €50,000 agus lóisteáladh é sin. Admháil Uimh.1
8/3/05 Fógraíocht íoctha (Seic Uimh. 1) €6,000
16/3/05 Lóisteáladh Díolacháin ar Airgead Síos €72,600 (€60,000 + €12,600 CBL)
21/3/05 Íocadh a chuntas iomlán le COYLE Tta. (Seic Uimh. 2)
30/3/05 Ceannacháin le hathdhíol (Seic Uimh. 3) €30,000 + CBL 21%

(17)

(D) Comhardaigh na cuntais ar 31 Márta 2005 agus bain amach Comhardú Trialach amhail ar an dáta sin. **(7)**

(40 marc)

Mionairgead – Ceisteanna Scrúduithe

Mionairgead – Gnáth Leibhéal 2002

Mionairgead – Gnáth Leibhéal 2005

Mionairgead – Gnáth Leibhéal 2002

Is bainisteoir oifige í Helen Cruise i gcuideachta teoranta. Baineann sí úsáid as Leabhar Mionairgid chun cuntas a choimeád ar chostais bheaga oifige.
Tosaíonn sí gach mí le hóinchiste de €300.
Seo mar a tharla i Mí Bealtaine 2002.

Bealtaine 1 Iarmhéid (óinchiste) ar láimh €300.

- 2 Cheannaigh sí páipéar scríbhneoireachta (stáiseanóireacht) ar €28 – Dearbhán Mionairgid Uimh. 501.
- 3 Cheannaigh sí clúdaigh ar €19 - Dearbhán Mionairgid Uimh. 502.
- 6 D'íoc sí €14 ar phostas - Dearbhán Mionairgid Uimh. 503.
- 8 D'íoc sí €29 ar ábhair ghlantacháin don oifig - Dearbhán Mionairgid Uimh. 504.
- 9 D'íoc sí €8 ar tháille bus le cuairt a thabhairt ar thaispeántas oifige – Dearbhán Mionairgid Uimh. 505.
- 14 D'íoc sí táille traenach €35 don bhainisteoir díolachán – Dearbhán Mionairgid Uimh. 506.
- 17 D'íoc sí €40 leis an nglantóir oifige - Dearbhán Mionairgid Uimh. 507.
- 20 D'íoc sí €30 ar dheisiúcháin do phrintéir - Dearbhán Mionairgid Uimh. 508.
- 22 D'íoc sí €15 le cúiréir chun beartán a sheachadadh (postas) – Dearbhán Mionairgid Uimh. 509.
- 24 Cheannaigh sí páipéar ríomhaire (stáiseanóireacht) ar €33 - Dearbhán Mionairgid Uimh. 510.
- 28 D'íoc sí €25 as mionairgead le carthannacht áitiúil do chrannchur – Dearbhán Mionairgid Uimh. 511.
- 30 D'íoc sí €16 ar phostas - Dearbhán Mionairgid Uimh. 512.

(A) Abair cad is ciall Córas Óinchiste an Mhionairgid. **(10)**

(B) Breac go hiomlán an Leabhar Mionairgid do Mhí Bealtaine, ag baint úsáide as na colúin anailíse seo a leanas: **Postas, Stáiseanóireacht, Taisteal, Glantachán, Ilnithe.** Suimigh gach colún anailíse agus comhardaigh an Leabhar Mionairgid go Deireadh Bealtaine. **(45)**

(C) Cé mhéad airgid a gheobhaidh Helen ón bpríomh-airgeadóir chun gur féidir léi tús a chur leis an mí ina dhiaidh sin le óinchiste de €300? **(5)**

(60 marc)

Mionairgead – Gnáth Leibhéal 2005

Tá Micheál Ó Diolúin ina bhainisteoir oifige in Cubes Tta. Úsáideann sé Leabhar Mionairgid chun cuntas a choimeád ar mhionchostais na hoifige.
I dtosach gach míosa bíonn óinchiste de €400 aige.
Bhí na bearta mionairgid seo a leanas aige i rith na Bealtaine, 2005:

Bealtaine 1 Iarmhéid (óinchiste) ar láimh €400.

- 3 Chaith sé €18 ar phostas – Dearbhán Mionairgid Uimh. 51.
- 5 Cheannaigh se páipéar scríbhneoireachta (páipéarachas) ar €32 – Dearbhán Mionairgid Uimh. 52.
- 9 D`íoc sé €30 le cumann carthanachta áitiúil i gcóir siúlóide urraithe –Dearbhán Mionairgid Uimh53.
- 11 Cheannaigh sé clúdaigh litreach (páipéarachas) ar €27 – Dearbhán Mionairgid Uimh. 54.
- 12 D`íoc sé €57 as deisiú deasc ríomhaire – Dearbhán Mionairgid Uimh. 55.
- 17 D`íoc sé €26 le SPD Couriers Tta chun beart a sheachadadh (postas) – Dearbhán Mionairgid Uimh. 56.
- 19 D`íoc sé €15 i gcomhair tacsaí chun custaiméir a thabhairt ó stáisiún na traenach – Dearbhán Mionairgid Uimh. 57.
- 20 D`íoc sé €35 le haghaidh ghlanadh na hoifige – Dearbhán Mionairgid Uimh. 58.
- 23 D`íoc sé €30 as deisiú printeára – Dearbhán Mionairgid Uimh. 59.
- 26 Cheannaigh sé páipéar cóipeála (páipéarachas) ar €54 – Dearbhán Mionairgid Uimh. 60.
- 27 D`íoc sé €40 as táille traenach don bhainisteoir díolachán – Dearbhán Mionairgid Uimh. 61.
- 31 Chaith sé €24 ar phostas – Dearbhán Mionairgid Uimh. 62

(A) Iontráil an beart den 17 Bealtaine (amháin) sa Dearbhán Mionairgid **(12)**

(B) Breac go hiomlán Leabhar an Mhionairgid do Mhí na Bealtaine ag baint úsáide as na colúin anailísithe seo a leanas:

Postas, Páipéarachas, Deisiúcháin, Taisteal, Ilchostais.

Suimigh gach colún anailíse agus comhardaigh Leabhar an Mhionairgid ag deireadh Mhí na Bealtaine. **(43)**

(C) Cé mhéad airgid a gheobhaidh Micheál ón bpríomhchisteoir ionas gur féidir leis an mhí seo chugainn a thosú le hóinchiste €400? **(5)**

(60 marc)

Leabhar Airgid Miondealaithe agus Monatóireacht ar Fhorchostais – Ard Leibhéal 2004

(A) Tabhair **dhá chúis** go bhfuil sé tábhachtach do ghnó monatóireacht a dhéanamh ar fhorchostais. **(4)**

(B) Taispeánann an tábla seo a leanas na figiúirí Buiséadacha agus na figiúirí Iarbhír don bhliain 2003 do ghnó.

Forchostais Ghnó do 2003

Forchostais	Buiséadach €	Iarbhír €
Pánna	75,000	60,000
Drochfhiacha	25,000	15,000
Carraeireacht Amach	14,000	14,000
Teileafón	17,000	21,000
Solas agus Teas	12,000	9,200
Ús ar Iasacht	900	1,400

(i) Liostaigh na forchostais a bhfuil a bhfigiúirí iarbhír **níos mó** ná na figiúirí buiséadacha agus tabhair cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis an difríocht i gcás gach forchostas.

(ii) Liostaigh na forchostais a bhfuil a bhfigiúirí iarbhír **níos lú** ná na figiúirí buiséadacha agus tabhair cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis an difríocht i gcás gach forchostas. **(15)**

(C) Comhlánaigh agus comhardaigh Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim (Leabhar Miondealaithe na bhfáltas agus na nÍocaíochtaí) an Dochtúir Áine Ní Fholláin, do mhí Bealtaine 2004 ón dáta thíos:
Bain úsáid as na colúin airgid seo a leanas:

Taobh an Dochair (Fáltais): **Banc; Othair Phríobháideacha; Othair Chartaí Leighis; Eile.**
Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí): **Banc; Solas; Pánna; Teileafón; Eile.**

			€	
1/5/04	Iarmhéid sa bhanc		3,400	
2/5/04	D'íoc pá an Fháilteora	Seic Uimh. 1	600	
3/5/04	Cheannaigh troscán oifige nua	Seic Uimh. 2	3,100	
5/5/04	Dhíol troscán oifige athchaite	Admháil Uimh. 1	400	
7/5/04	D'íoc BSL	Seic Uimh. 3	200	
9/5/04	D'íoc Pól Jones a bhille leighis	Admháil Uimh. 2	80	
13/5/04	D'íoc an Roinn Sláinte agus Páistí as othair chártaí leighis	Admháil Uimh. 3	1,000	
20/5/04	D'íoc pá na haltra cleachtais	Seic Uimh. 4	1,200	
22/5/04	D'íoc Eircom	Seic Uimh. 5	750	
23/5/04	D'íoc Peigí Gordan a bille leighis	Admháil Uimh. 4	90	
25/5/04	D'íoc Micheál Ó Máirtín a bhille leighis	Admháil Uimh. 5	100	
27/5/04	D'íoc pá an ghlantóra	Seic Uimh. 6	200	
31/5/04	D'íoc an Roinn Sláinte agus Páistí as othair chártaí leighis	Admháil Uimh. 6	2,000	
31/5/04	D'aistarraing Áine airgead di féin	Seic Uimh. 7	3,000	(21)

(40 marc)

Réamhaisnéis Sreafa Airgid – Ard Leibhéal 2003

(A) Luaigh **dhá** chúis go n-ullmhódh gnólacht Réamhaisnéis Sreafa Airgid. **(6)**

(B) Iarrtar ort an fhoirm Réamhaisnéis Sreafa a chomhlánú do na míonna Márta, Aibreán, Bealtaine agus Meitheamh, chomh maith leis na colúin do na hiomláin.

Ba cheart an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh:

- Táthar ag súil go dtiocfaidh ardú de 20% ar na díolacháin mhíosúla ag tosú i mí Bealtaine;
- Táthar ag súil go n-infheisteoidh na scairshealbhóirí €40,000 breise i mí Aibreáin;
- Táthar ag súil go ndíolfar foirgnimh i mí Meithimh ar €100,000;
- Táthar ag súil le Deontas AE i mí Bealtaine;
- Táthar ag súil go dtiocfaidh ardú de 30% ar cheannacháin mhíosúla ag tosú i mí Bealtaine;
- Táthar ag súil go seasfaidh costais pánna agus iompair gan athrú gach mí;
- Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú de 25% ar chostais solais agus teasa sna míonna Márta agus Bealtaine;
- Táthar ag súil go gceannófar foirgnimh nua i mí Bealtaine ar €250,000;
- Táthar ag súil go n-íocfar díbhinn de €20,000 le scairshealbhóirí i mí Meithimh. **(28)**

(C) Rinne YAM Tta dearmad lamháil a dhéanamh do chostas innealra nua ar €30,000 i rith na tréimhse sin. Taispeáin **an figiúr nua don Airgead Tirim ar Deireadh do mhí Meithimh**, tar éis an ceannachán sin a chur san áireamh. **(6)**

(40 marc)

Réamhaisnéis Sreafa Airgid – Ard Leibhéal 2003
Doiciméid

RÉAMHAISNÉIS SREAFA AIRGID DE YAM Tta DON TRÉIMHSE EANÁIR GO MEITHEAMH 2003

	Eanáir €	Feabhra €	Márta €	Aibreán €	Bealtaine €	Meitheamh €	Iomlán do Ean. – Meith. €
Fáltais							
Díolacháin	60,000	60,000					
Scairchaipiteal							
Foirgnimh							
Deontas AE							
A - Fáltais Iomlán	60,000	60,000					
Íocaíochtaí							
Ceannacháin	24,000	24,000					
Pánna	7,000	7,000					
Costais Iompair	4,500	4,500					
Solas agus Teas	3,600	---------					
Veaineanna Seachadta		42,000					
Foirgnimh							
Díbhinn							
B - Íocaíochtaí Iomlán	39,100	77,500					
C - Airgead Tirim Glan (A - B)	20,900	-17,500					
D - Airgead Tirim Tosaigh	2,500	23,400	5,900				
Airgead Tirim Deireadh	23,400	5,900					

Cuid 4

Teicneolaíocht Faisnéise

Teicneolaíocht Faisnéise 191
Bileog Oibre 193
Ceisteanna Scrúduithe 194

Teicneolaíocht Faisnéise 1
Téarmaíocht

Pointí le coimeád i gcuimhne: Codanna an Ríomhaire agus Téarmaíocht:

Láraonad Próiseála: Trí chuid a bhíonn ann:
1. An Chuimhne: eolas a stóráil agus é a chur ar fáil nuair atá sé ag teastáil.
2. An t-Aonad uimhríochta: aon áireamh atá le déanamh (*Arithmetic Logic Unit, ALU*
3. Rannán an rialúcháin: Cinntiú go bhfuil gach cuid den ríomhaire ag feidhmiú i gcea

Eochairchlár /Méarchlár: An rud a chlóscríobhann tú leis (*Keyboard*).

Láraonad Próiseála: Seo inchinn an ríomhaire (*CPU: Central Processing Unit*).

Printéir: Seo meaisín a úsáidtear chun cruachóip den eolas ón AAT a phriontáil (*Prin*

Barrachóid: Seo cosúil leis an ngnáth barrachóid a úsáidtear i siopaí chun an praghas a chur isteach sa scipéad (*till)*.

Dúch Maighnéadach: Seo dúch ar féidir leis an ríomhaire an t-eolas a léamh uaidh. Bíonn dúch maighnéadach ar sheiceanna. (Magnetic Ink)

Líonrú: Ríomhairí a cheangail le chéile (Networking)
Cruadhiosca: Seo téip maighnéadach atá laistigh den ríomhaire a stóráiltear eolas air

Diosca flapach: Úsáidtear seo chun eolas a stóráil air.

Móideim: Teastaíonn móideim uait chun do ríomhaire a cheangail leis an idirghréasár Athraíonn sé an t-eolas ón ríomhaire ionas gur féidir é a sheoladh tríd an líne teileafó

Cruachóip: Seo a thugtar ar an cóip a thagann as an bprintéir.

Cuimhne Randamrochtana (RAM): Cuimhne atá ag teastáil chun clár próiseála a úsáid (*Random Access Memory*).

Cuimhne Léimh Amháin (ROM): Cuimhne atá ag teastáil chun an ríomhaire a thosú agus chun eolas atá stóráilte a chur isteach i RAM (*Read Only Memory*).

AAT: Aonad Amharcthaispeána

Crua-earraí: Innealra nó uirlis a bhíonn i gcóras ríomhaireachta (*Hardware*)

Bogearraí: Ríomhchláir a insíonn don ríomhaire cad atá le déanamh (*Software*)

Meigibhearta : Megabytes

Teicneolaíocht Faisnéise 2
Codanna an ríomhaire & bogearraí

Dioscaí flapacha próiseála	Monatóir : AAT	Lárionad	Luch Thiomáint
Eochairchlár	Diosca	Grafaic clár próiseála focal Microsoft Word	Scarbhileog Microsoft Excel
Clár Powerpoint	Lionrú - networking		Bunachar sonraí Microsoft Access

Nótaí Breise

Teicneolaíocht Faisnéise - Bileog oibre

Líon isteach ainmneacha na gcodanna agus na gclár thíos.

		
		
		

Teicneolaíocht Faisnéise – Ceisteanna Scrúduithe

Teicneolaíocht Faisnéise Agus Litir – Gnáth Leibhéal 2005

Teicneolaíocht Faisnéise agus Litir – Gnáth Leibhéal 2002

Teicneolaíocht Faisnéise Agus Litir – Gnáth Leibhéal 2005

Rinne Seosamh Ó Broin teagmháil leis An Stór Ríomhairí Tta, An tSráid Mhór, Caisleán an Bharraigh, agus labhair sé leis an mbainisteoir, Fíona Ní Thuama. "Níl eolas ar bith agam ar ríomhairí nó ar Theicneolaíocht Faisnéise", a dúirt Seosamh, "ach deir mo chairde liom gur cheart dom ríomhaire a cheannach. Chuir chugam, le do thoil, roinnt eolais fúthu sin. Is é an seoladh poist atá agam ná An Tigín, Balla, Co. Mhaigh Eo".

Scríobh Fíona litir chuig Seosamh ag gabháil buíochais leis as a iarratas ar an teileafón. Sa litir, dar dáta 7 Meitheamh 2005, liostaigh sí **trí** shampla de Theicneolaíocht Faisnéise ar féidir iad a fháil sa bhaile agus ar féidir le Seosamh úsáid a bhaint astu gach lá gan iad a aithint. Chomh maith leis sin luaigh sí **trí** bhuntáiste a bhainfeadh Seosamh as ríomhaire a úsáid. Mar fhocal scoir thug sí cuireadh do Sheosamh cuairt a thabhairt ar an siopa lá éigin ionas gurbh fhéidir léi na ríomhairí is nua-aoisí a thaispeáint dó.

(A) Scríobh an litir a sheol Fíona chuig Seosamh ar an 7 Meitheamh 2005**.** **(40)**

(B) Luaigh **trí** samplaí de Theicneolaíocht Faisnéise i mbaincéireacht. **(12)**

(C) Téarmaí iomráiteacha iad **Crua-Earraí** agus **Bogearraí** i gcúrsaí ríomhaireachta.
Mínigh go cruinn **gach** téarma díobh (is leor abairt i ngach cás). **(8)**

(60 marc)

Teicneolaíocht Faisnéise agus Litir – Gnáth Leibhéal 2002

Is bean fheirmeora í Úna Uí Ruagáin atá ina cónaí ag Talamh Móinéir, Baile Átha Troim, Co. na Mí. Rinne sí ranganna i dteicneolaíocht an eolais. Agus anois teastaíonn uaithi ríomhaire a cheannach. Ar 14 Bealtaine 2002, scríobhann Úna litir chuig Siobhán Hills, Eagarthóir, Iris Comhairle do Thomaltóirí Tta., Sráid Uaine, Baile Átha Cliath 1. Cuireann sí in iúl do Shiobhán go mba mhaith léi ríomhaire a cheannach a bheadh oiriúnach le haghaidh úsáide bhaile agus fheirme. Teastaíonn uaithi taifid a choimeád ar an stoc feirme agus ar an ábhar beathúcháin ar fad ar an ríomhaire, maraon le cuntais airgeadais na feirme. Ba mhaith léi a bheith in ann chomh maith cuntas bainc na feirme a sheiceáil ar an idirlíon. Ar deireadh, theastódh pacáiste próiseála focal agus roinnt cluichí maithe ríomhaire uaithi don teaghlach. Iarrann sí ar Shiobhán comhairle a chur uirthi faoi ríomhaire agus faoi phrintéir a bheadh oiriúnach don obair seo go léir.

(A) Scríobh an litir a chuir Úna Uí Ruagáin chuig Siobhán Hills, Eagarthóir, Iris Comhairle do Thomaltóirí Tta., ar 14 Bealtaine 2002. **(39)**

(B) Luaigh **trí** chúis ar cheart d'fheirmeoir cuntais a choimeád. **(9)**

(C) Cuireann Siobhán Hills freagra chuig Úna an lá dár gcionn leis an gcomhairle seo: Ba cheart duit ríomhaire agus printéir a cheannach a mbeidh na gnéithe seo a leanas ag baint leo. Is féidir iad a fháil i siopa ríomhairí ar bith ar níos lú ná €2,000.

Ríomhaire le Próiseálaí 1 GHz. RAM 256 MB. Tiomántán Crua 40 GB; Tiomántán DVD; Móideim; Fuaim Dhigiteach le Callairí; VDU 17 orlach. Tiomántán Diosca Flapach agus luch san áireamh. Bogearraí: Windows XP Eagrán Baile agus Microsoft Office 2002 ar a n-áirítear bunachar sonraí, scarbhileog agus próiseáil focal. Printéir: Dúchscaird nó léasar.

Mínigh **trí** cinn de na focail a bhfuil líne fúthu. **(12)**

(60 marc)